



Suímh Foghlama sna hEalaíona, san Oideachas agus Eile

Iris Taighde



**HIBERNIAN
CONSULTING**

Hibernian Consulting
le

Martin Drury, Sainchomhairleoir Ealaíon

Clár na nÁbhar

	Brollach	5
01	Réamhrá	6
1.1	Cúlra án Dlítheagráin agus Achoimrí	6
1.2	Scóip an Dlítheagráin agus na Hachoimrí	8
1.3	An Próiseas Chun an Dlítheagrán agus na Hachoimrí a Ullmhú	10
1.4	Struchtúr na Tuarascála	11
02	Dlítheagrán Taighde Foilsithe ar na Healaíona san Oideachas	12
2.1	Teimpléad a Úsáideadh Don Dlítheagrán	13
2.2	Ailtireacht	14
2.2.1	Action on Architecture 2002-2005	14
2.3	Damhsa	15
2.3.1	Shall We Dance?	15
2.3.2	Moving On ...	16
2.3.3	A Professional Dance Curriculum for Ireland	17
2.4	Drámaíocht/Amharclannaíocht	18
2.4.1	Going On	18
2.4.2	The Roots Handbook	19
2.4.3	Bare Boards and a Passion	20
2.4.4	Centre Stage	21
2.4.5	Interactions	22
2.4.6	Facing Forward	23
2.4.7	Changing Profiles	24
2.5	Scannán	25
2.5.1	Transition Year Module in Moving Image Education	25
2.6	Litríocht agus na Healaíona Béil	26
2.6.1	Arts and the Magic of the Word	26
2.6.2	A Review of the Poetry Ireland Writers in Schools Scheme	27
2.7	Ceol	28
2.7.1	Deaf Ears?	28
2.7.2	Music in Healthcare Project: Phase One Evaluation Report	29
2.7.3	Music in Healthcare Project: Phase Two Evaluation Report	30
2.7.4	South Dublin Education Project	31
2.7.5	Dingle Education Project	32
2.7.6	Music Network Policy 2000	33
2.7.7	'Bach Alive' Education Project – Evaluation Report	34
2.7.8	Mend Report	35
2.7.9	County Wexford Children's Choir Project	36
	Music in Healthcare Project: Phase Three	
2.7.10	Interim Evaluation Report	37
2.7.11	A National System of Local Music Education Services	38
2.7.12	Music for Young People	39
2.7.13	Evaluation of the Music in Healthcare Project 2000-2004	40
2.7.14	Music in Healthcare – Mental Health	41

2.7.15	Live Music in the Classroom	42
2.7.16	Defining Music Therapy	43
2.8	Ceoldráma	44
2.8.1	Towards a Policy and Action Plan for Opera	44
2.9	Amharcealaíona	45
2.9.1	Report of an Evaluation of ‘Unspoken Truths’	45
2.9.2	A Space to Grow	46
2.9.3	The Sparkling Seven	47
2.9.4	Even Her Nudes Were Lovely	48
2.9.5	Scéim na nEalaíontóirí sna Scoileanna	49
2.9.6	A Whole New World...	50
2.9.7	Red Lines Between the Fingers	51
2.9.8	Evaluation of the Arts in Care Settings Project	52
2.9.9	Art Alongside	53
2.9.10	Between Colours	54
2.9.11	Mapping Lives, Exploring Futures	55
2.10	Níos Mó ná Foirm Ealaíne Amháin	56
2.10.1	The Place of the Arts in Irish Education	56
2.10.2	Education and the Arts	57
2.10.3	Art and the Ordinary – The ACE Report	58
2.10.4	The Arts Council and Education 1979-1989	59
2.10.5	Developing Community Arts	60
2.10.6	Making Youth Arts Work	61
2.10.7	A Survey of Museums in Ireland 1993	62
2.10.8	Have a Go!	63
2.10.9	Creating a Difference	64
2.10.10	Older People and the Arts – Case Studies	65
2.10.11	Art In Fact	66
2.10.12	Community Arts in the South East Border Region	67
2.10.13	Arts in the Classroom Initiative	68
2.10.14	Mapping Community Arts	69
2.10.15	Men, Art and Change	70
2.10.16	Community Arts and Creative Activity Programme	71
2.10.17	Drawing a Balance	72
2.10.18	The Arts in Our Schools	73
2.10.19	Arts in their Lives	74
2.10.20	Report on the Arts as a Building Block	75
2.10.21	A Policy Framework for Education, Community, Outreach (ECO)	76
2.10.22	The Participation of Young People in the Arts in Ireland	77
2.10.23	MUS-E Ireland	78
2.10.24	Artformations	79
2.10.25	Age & Opportunity Guidelines for Working with Older People in the Arts	80
2.10.26	Everyone is an Artist	81
2.10.27	Artists ~ Schools Guidelines	82
2.10.28	The Butterfly Lands	83

	2.10.29 A Survey of Museums in Ireland 2005	84
	2.10.30 Work in Progress	85
<hr/>		
03	Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe	86
<hr/>		
3.1	Cúlra na Nachoimrí	86
3.2	The Place of the Arts in Irish Education (1979)	87
3.3	Deaf Ears? (1985)	90
3.4	Art and the Ordinary (1989)	92
3.5	The Arts in the Classroom Initiative (1998)	95
3.6	A Space to Grow (1999)	98
3.7	Idirghníomhaíochtaí: The National Theatre's Education Initiative 1998-2000 (2002)	101
3.8	A National System of Local Music Education Services (2003)	104
3.9	A Professional Dance Curriculum for Ireland (2003)	106
3.10	A Policy Framework for Education, Community, Outreach (2004)	108
3.11	A Review of the Poetry Ireland Writers in Schools Scheme (2004)	111
3.12	Mus-e Ireland (2004)	114
3.13	Red Lines Between the Fingers (2004)	116
3.14	Artformations (2005)	119
3.15	Live Music in the Classroom (2006)	122
<hr/>		
	Admhálacha	125
<hr/>		
	Iarscríbhinn: Samplaí D'ábhar nach n-Áirítear ag an Tráth Seo	127
	Tuarascálacha Bliantúla/Pleananna Forbartha/Doiciméid Bheartais	127
	Ailt agus Aistí in Iriseáin agus Irisleabhair	127
	Caibidlí i bhFoilseacháin Níos Toirte	127
	Páipéir/Imeachtaí Comhdhála	128
	Ábhair Dhoiciméadach/Phoiblíochta	128
	Treoirlínte Praiticiúla, Lamhleabhair agus Eolairí	128
	Tráchtas Iarchéime Neamhfhoilsithe	129
	Ábhar Neamhfhoilsithe Eile	129
<hr/>		

Brollach le Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon

Ós rud é gur eagraíocht í an Chomhairle Ealaíon a thugann comhairle don Rialtas faoi na healaíona, aithníonn sí an tábhacht a bhaineann le taighde mar dhisciplín. Is trí thaighde a bhailimid an fhianaise atá mar bhunús le beartas, soláthar agus cleachtas maidir leis na healaíona.

Mar chuid dá ról abhcóideachta déanann an Chomhairle Ealaíon coimisiúnú ar thaighde agus foilsíonn sí na torthaí. Is féidir argóint níos treise a dhéanamh dá bharr sin ar son ról rí-thábhachtach na n-ealaíon i saol daoine agus an chaoi a gcuireann siad lena leas sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch.

Tá torthaí an taighde a rinneadh in Éirinn ar na healaíona agus oideachas ar aon dul le torthaí mórchuid taighde idirnáisiúnta a léiríonn go soiléir go bhfuil ról faoi leith ag ealaíontóirí agus ag eagraíochtaí ealaíon sa phróiseas múinte agus foghlama. Tugann an taighde seo le fios freisin go bhfuil scileanna agus éirimí iomadúla riachtanach le dul i ngleic leis na healaíona agus gur féidir iad seo a aistriú agus a úsáid ina lán réimsí eile.

Is é an fáth ar choimisiúnaigh an Chomhairle Ealaíon achoimre ar thaighde ná chun foinse lárnach faisnéise a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon mar aon le múinteoirí, taighdeoirí, lucht déanta beartas, bainisteoirí agus páirtithe leasmhara eile is go bhfeadfaí í a úsáid mar bhuntaca le haghaidh beartas, taighde, abhcóideachta agus cleachtas.

Níl aon amhras faoi ach, nuair a dhéantar torthaí taighde a roinnt, is mó go mór an bhrí is féidir a bhaint astu. Cuirfidh foilsiú an achoimre taighde seo ar chumas níos mó daoine teacht ar an lear mór taighde atá déanta againn anseo in Éirinn ar na healaíona agus oideachas le beagnach scór go leith bliain. Gléas cumasach é an taighde seo mar ullmhúchán le haghaidh taighde a dhéanamh sna réimsí seo in Éirinn sna blianta atá romhainn.

Mary Cloake
Stiúrthóir

01 Réamhrá

1.1

Cúlra an Dlítheagráin agus Achoimrí

Tá achoimrí eolais ar 72 thuarascáil taighde a foilsíodh maidir leis na healaíona san oideachas in Éirinn idir 1979 agus lár 2007 sa tuarascáil seo, chomh maith le hachoirí níos mionsonraithe ar 14 de na tuarascáil sin. Ba í an Chomhairle Ealaíon a choimisiúnaigh an tuarascáil, a d'ullmhaigh Hibernian Consulting ag obair i gcomhair leis an Sainchomhairleoir Ealaíon neamhspleách Martin Drury i rith an chéad leath de 2007.

Tugann na hailt seo a leanas ó Théarmaí Tagartha na Comhairle Ealaíon don tionscadal míniú ar chomhthéacs agus ar chúlra an tionscadail:

Is comhlacht neamhspleách í an Chomhairle Ealaíon, a bunaíodh chun cleachtadh na n-ealaíon a spreagadh agus spéis, eolas agus léirtheiscint i leith na n-ealaíon a spreagadh i measc an phobail. Admhaíonn an Chomhairle Ealaíon na bealaí saibhre éagsúla ina n-idirghníomhaíonn ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíne le pobail éagsúla i réimse an oideachais. Próiseas fadsaol is ea an fhoghlaim a bhíonn ar siúl i dtimpleallachtaí foirmiúla, neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta. Sa chomhthéacs sin, is mian leis an gComhairle Ealaíon tacú leis na healaíona san oideachas ar bhonn leanúnach ó aois an linbh go dtí seanaosacht.

Le breis agus cúig bliana is fiche tá an Chomhairle Ealaíon ag tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíne a oibríonn i roinnt comhthéacsanna éagsúla oideachais agus i gcomhthéacsanna eile. Sa bhreis air sin, imríonn an Chomhairle Ealaíon, i gcomhar le heagraíochtaí eile, ról lárnach maidir le réimsí oibre a thionscnamh agus tacú leo laistigh de chleachtas síorathraitheach na n-ealaíon san oideachas, go háirithe sa réimse taighde.

Tagann an t-ábhar taighde atá déanta go dtí seo le méid suntasach taighde idirnáisiúnta a léiríonn an tionchar dearfach a bhaineann le páirt a ghlacadh sna healaíona i gcleachtas oideachais ar na rannpháirtithe ar fad (lena n-áirítear an ealaíontóir, an páiste, an duine fásta, an t-oideachasóir, an teaghlach, an cúramóir, an scoil, an eagraíocht ealaíon, an pobal, déantóirí beartais i measc daoine eile). Is féidir glacadh leis áfach gur tháinig forbairt ar an dtaighde seo go míchothrom agus gan meicníocht ar leith ann chun taighde atá déanta go dtí seo a aithint.

I *gComhpháirtíocht ar son na nEalaíon 2006 - 2010* leagann an Chomhairle Ealaíon síos a tiomantas chun páirtithe a chuartú le dul ag obair leo chun luach, tionchar agus éifeachtúlacht a bhaineann le taithí chuimsitheach ar na healaíona san oideachas agus na ról shainiúla a imríonn ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíne sa taithí sin a chur chun cinn. Tá sé riachtanach go mbeadh bunús láidir fianaise ann chun an ról abhcóideach seo a chomhlíonadh. Cuirfidh fardal agus anailís ar ábhar taighde sna healaíona in Éirinn uirlis chumhachtach ar fáil don Chomhairle Ealaíon agus a páirtithe chun cabhrú leo a cás a threisiú.'

Bhí an tuarascáil seo arna choimisiúnú agus arna ullmhú sa chomhthéacs seo. Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil eolas a chuir i láthair ar bhealach oibiachtúil neodrach sa dlútheagrán agus sna hachoirí. Agus é seo á dhéanamh, tacaíonn an dlútheagrán agus na hachoirí le roinnt cuspóirí:

- Mar a mholtar sna Téarmaí Tagartha, cabhraíonn siad le bunús fianaise maidir leis na healaíona san oideachas a chuir ar fáil, leo féin agus trí eagraíochtaí ealaíon, lucht déanta beartas, oideachasóirí, ealaíontóirí, mic léinn agus daoine eile ar suim leo na healaíona san oideachas a threorú chuig na buntuarascálacha taighde.
- Ag leanúint ón méid seo, b'fhéidir go gcabhróidh an dlútheagrán agus na hachóimrí chun cur le agus tionchar a imirt ar fhorbairtí beartais sna healaíona go náisiúnta agus go háitiúil amach anseo.
- Agus an taighde foilsithe atá ann á chur i láthair, b'fhéidir go gcabhróidh an tuarascáil bearnaí a aithint agus réimsí gur beag taighde atá foilsithe iontu.
- B'fhéidir go gcabhróidh an dlútheagrán agus na hachóimrí le dúbailt, nó 'athcheapadh an rotha' nach gá a sheachaint d'eagraíochtaí atá ag smaoineamh ar thaighde nó measúnú a dhéanamh ar na healaíona san oideachas. B'fhéidir go dtreoróidh sé taighdeoirí ar mhodheolaíochtaí nach dtógfaidís san áireamh murach é.
- B'fhéidir go léireoidh an dlútheagrán agus na hachóimrí tionscadail nó cláir atá aithnithe mar eiseamláirí. Mar sin d'fhéadfadh an roinnt eolais ar thionscadail roimhe seo, atá éascaithe de bharr an tuarascáil seo, a bheith mar ionstraim chun cleachtas na n-ealaíon san oideachas a fheabhsú é féin.

Chomh maith leis an tuarascáil seo a ullmhú, d'iarr an Chomhairle Ealaíon ar Hiberian Consulting agus ar Martin Drury nóta gairid a ullmhú ar an gcaoi lenar féidir an dlútheagrán a chothú, a choinneáil suas chun dáta agus a mhéadú le himeacht ama, agus an bhfuil an deis ann ar chomhordú níos fearr maidir le riachtanais taighde in earnáil na healaíona san oideachas in Éirinn. Cuireadh an nóta seo faoi bhráid na Comhairle Ealaíon ar leithligh.

Cé go raibh próiseas ullmhaithe an dlútheagráin cóngarach d'obair an Choiste Speisialta um na hEalaíona agus an Oideachas a bhunaigh na hAíre Ealaíon, Spóirt agus Turasóireacht agus Oideachas agus Eolaíocht, bhí ullmhú an dlútheagráin seo neamhspleách ar an bpróiseas sin agus tugadh an tuarascáil seo chun críche sular foilsíodh tuarascáil an Choiste. Bhí an Coiste ar an eolas go raibh an tuarascáil seo coimisiúnaithe agus go raibh sé ar bun le linn an chéad leath de 2007 áfach.

1.2 Scóip an Dlítheagrán agus na hAchoimrí

Agus an dlútheagrán agus na hachoirí á ullmhú, bhí roinnt nathanna ina raibh sainmhíniú orthu ag teastáil. Ba é **'na healaíona san oideachas'** é féin an chéad cheann agus, ar mhaithe leis an ndlítheagrán seo, tá sé ag tagairt do thaithí ealaíon ina bhfuil foghlaim d'aon ghnó i gceist, go minic le pobal ar leith mar sprioc. Tá comhthéacs leathan don chleachtas seo, ina measc oideachas foirmiúil; an réimse níos leithne oideachais taobh amuigh den scoil, oideachas d'aoisigh agus oideachas leanúnach; ealaíon na hóige; ealaíon an phobail; na healaíona agus sláinte; na healaíona agus daoine níos sine; na healaíona agus atógáil sóisialta; na healaíona in áiteanna ar nós leabharlanna agus príosúin; agus ealaíona mar chuid de ghníomhaíochtaí laethúla daoine sa bhaile, san obair agus mar chaitheamh aimsire. Cé go bhfuil an raon comhthéacsanna leathan, áfach, tá fócas an oideachais beacht, ag eascairt as tiomantas don fhoghlaim.

Baineann an chuid roimhe seo úsáid as roinnt téarmaí a bhaineann le foghlaim agus oideachas agus comhaontaíodh na sainmhínithe seo a leanas a úsáid i gcomhair na téarmaí seo:

- **Foghlaim Fhoirmiúil:** 'Foghlaim a chuireann institiúid oideachais nó oiliúna ar fáil go tipiciúil, le struchtúr (i dtéarmaí na gcuspóirí foghlama, am foghlama nó tacaíocht foghlama) agus le deimhniú mar thoradh air. Is foghlaim d'aon ghnó í foghlaim fhoirmiúil ó dhearcadh an fhoghlaimeora.' Cumarsáid (2001a) ón gCoimisiún Eorpach: Making a European Area of Lifelong Learning a Reality, <http://www.europa.eu.int/comm/education/life/index.htm>,
- **Foghlaim Neamhfoirmiúil:** 'Foghlaim nach gcuireann institiúid oideachais nó oiliúna ar fáil agus nach bhfuil deimhniú mar thoradh air go hiondúil. Tá struchtúr ag baint leis áfach (i dtéarmaí na gcuspóirí foghlama, am foghlama nó tacaíocht foghlama). Is foghlaim d'aon ghnó í foghlaim neamhfoirmiúil ó dhearcadh an fhoghlaimeora.' Cumarsáid (2001a) ón gCoimisiún Eorpach: Making a European Area of Lifelong Learning a Reality, <http://www.europa.eu.int/comm/education/life/index.htm>,
- **Foghlaim Neamhfoirmeálta:** 'Foghlaim a eascraíonn as gníomhaíochtaí saoil laethúla a bhaineann le hobair, an teaghlach nó fóillíocht. Níl struchtúr leis (i dtéarmaí na gcuspóirí foghlama, am foghlama nó tacaíocht foghlama) agus go hiondúil ní bhíonn deimhniú mar thoradh air. Is féidir le foghlaim neamhfoirmeálta a bheith d'aon ghnó ach don chuid is mó ní d'aon ghnó é (bíonn sé 'teagmhasach/fánach').' (lgh 32-33), Cumarsáid (2001a) ón gCoimisiún Eorpach: Making a European Area of Lifelong Learning a Reality, <http://www.europa.eu.int/comm/education/life/index.htm>,

Mar sin, bhí foghlaim i gcomhthéacs foirmiúil, seomra ranga agus i dtimpeallachtaí neamhfoirmiúil/neamhfoirmeálta foghlama, ar bhealaí páirteach i bpobal, i

dtimpeallacht cúraim sláinte srl. araon san áireamh i scóip an dlútheagrán agus na hachóimrí. Déantar nóta sa sainmhíniú ar 'na healaíona san oideachas' gur féidir le foghlaim mar seo tarlú ag am ar bith i saol duine.

Glacann an dlútheagrán de 72 thuarascáil taighde leis an sainmhíniú leathan seo ar oideachas. Nuair a bhíothas ag roghnú na tuarascálacha chun achoimre níos mionsonraithe a dhéanamh orthu áfach, socraíodh, i gcomhair leis an gComhairle Ealaíon, go ndíreofaí isteach ar réimse an oideachais foirmiúil. Rinneadh an cinneadh ar thrí chúis:

- Chun cuidiú le habhcóideacht do 'lárnacht an oideachais ealaíne i ngach foirm ealaíne' (*Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon: Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010*, lch. 17)
- Chun obair an Choiste Speisialta um na hEalaíona agus an Oideachais a chomhlánú
- Chun beartas reatha na Comhairle Ealaíon agus clár oibre na n-Ealaíon sna Scoileanna a chomhlánú

Tar éis na téarmaí a bhain leis na healaíona san oideachas a shainmhíniú, bhí gá ann freisin an téarma 'taighde foilsithe' a shoiléiriú. Tar éis dul i mbun plé leis an gComhairle Ealaíon, aontaíodh an sainmhíniú seo a leanas ar mhaithe leis an dtuarascáil seo:

Cuimsíonn **taighde foilsithe** ábhar atá foilsithe ar ghnáthbhealaí agus ar fáil go poiblí (i bhfoirm priontáilte nó le fáil ar líne). Tuigtear gurb é atá i gceist le 'taighde' ná ábhar le gné láidir anailíseach, .i. taighde cáilíochtúil nó cainníochtúil (tuarascálacha nó tacair shonraí ó shuirbhéanna) agus measúnúithe tionscadail agus cláir, ráitis bheartais, athbhreithniú straitéiseach srl. a bhfuil taighde agus anailís mar fhoinsé acu.

De bharr an méid oibre atá déanta ar na healaíona san oideachas, agus scóip an tuarascáil seo, bhí gá ann paraiméadair a bhunú chun na catagóirí ábhar a bheadh san áireamh agus na catagóirí nach mbeadh san áireamh sa thuarascáil seo a roghnú. Fágadh roinnt catagóirí as an áireamh ag an gcéim seo: Tráchtas iarchéime agus páipéir acadúla; Tuarascálacha bliantúla agus pleananna forbartha; Ailt agus aistí in irisí agus in irisleabhair; Imeachtaí agus páipéir chomhdhála; Ábhar doiciméadach agus cur chun cinn; Treoirínte praiticiúla; Lámhleabhair agus eolairí; ábhar neamhfhoilsithe eile; agus ábhar a bhí ag déanamh cur síos don chuid is mó seachas a bheith bunaithe ar thaighde agus anailís. (Féach larscríbhinn na Tuarascála seo freisin).

Mar gheall go bhfuil suim ag an gComhairle Ealaíon i mbealaí inar féidir an dlútheagrán agus na hachóimrí a chothú, coinneáil suas chun dáta agus a mhéadú le himeacht ama, d'fhéadfadh sé go n-áireofar ábhar ó roinnt de na catagóirí seo, nó iad ar fad, amach anseo.

1.3 An Próiseas chun an Dlútheagrán agus na hAchoimrí a Ullmhú

Ba é an chéad dhúshlán a bhí roimh an fhoireann chomhairleach ná ábhar a d'fhéadfaí tógáil san áireamh sa dlútheagrán a aithint. Réitíodh liostaí d'ábhair a d'fhéadfaí tógáil san áireamh tar éis taighde deisce agus plé leis an gComhairle Ealaíon agus le roinnt eochairfhaisnéiseoirí eile. Bhí an taithe a bhí ag ball amháin den fhoireann, Martin Drury, i réimse na n-ealaíon san oideachas an-úsáideach anseo, chomh maith le hinchur Lorraine Comer, Speisialtóir Oideachais agus Emma Kelly, Oifigeach Eolais agus Taighde ón gComhairle Ealaíon.

Tar éis an t-ábhar a d'fhéadfaí tógáil san áireamh a aithint, bhí gá ann cóipeanna de na tuarascálacha cuí a fháil féachaint ar chomhlíon siad na critéir le go n-áireofaí iad (agus chun na hachoirí/coimrithe a ullmhú). Mar gheall go dtéann an dlútheagrán siar go 1979, bhí cuid mhaith den ábhar nach raibh (bhfuil) ar fáil i bhfoirm leictreonach agus fuarthas i bhfoirm cruachóipe iad. Bhí tuarascálacha eile i bhfoirm leictreonach amháin. Bailíodh tuarascálacha, agus eolas ar thuarascálacha, ó shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon freisin.

Chuir an Chomhairle Ealaíon dréacht den liosta de na tuarascálacha a bhí san áireamh chuig thart ar 300 duine aonair agus eagraíocht i mí Aibreáin 2007. Moladh roinnt ábhar eile le tabhairt san áireamh mar thoradh air seo. Cuireadh dréacht breise den liosta de na tuarascálacha a bhí molta le tógáil san áireamh i láthair ag grúpa fócais a d'eagraigh an Chomhairle Ealaíon i Meitheamh 2007 maidir leis na healaíona san oideachas, féachaint an rabhthas in ann aon thuarascálacha taighde breise a aithint.

Fuair an Chomhairle Ealaíon tuairimí ar dhréachtchóip den thuarascáil seo in Iúil 2007, agus tugadh an thuarascáil chun críche ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Chomhairle Ealaíon aon eolas breise a thagann chun cinn ar aon cheann de na foilseacháin atá san áireamh (.i. uimhreacha breise ISBN ar bith) isteach i gcomhthéacs coinneáil suas chun dáta na tuarascála le himeacht ama.

1.4 Struchtúr na Tuarascála

Cuireann Cuid 2 den tuarascáil achoimrí eolais ar 72 thuarascáil taighde a foilsíodh maidir leis na healaíona san oideachas in Éirinn idir 1979 agus Iár 2007 i láthair. Déanann Cuid 2.1 cur síos ar an dteimpléad a úsáideadh chun eolas ar gach cheann de na tuarascálacha seo a chuir i láthair. Tá Cuid 2.2 go 2.9 eagraithe de réir foirm ealaíne, leis na tuarascálacha i ngach cuid curtha i láthair go croineolaíoch, de réir bliain an fhoilsithe. Clúdaíonn Cuid 2.10 na tuarascálacha taighde a bhaineann le níos mó ná foirm ealaíne amháin.

Cuireann Cuid 3 achoimrí níos mionsonraithe ar fáil maidir le 14 de na tuarascálacha atá le fáil i gCuid 2. Cuireann Cuid 3.1 réamhrá ar na hachóimrí i láthair agus cuirtear na tuarascálacha i láthair go croineolaíoch ina dhiaidh sin, de réir bliain an fhoilsithe.

Cuireann iarscríbhinn leis an dtuarascáil tuilleadh eolais i láthair ar na catagóirí foilseacháin nár tugadh san áireamh sa thuarascáil seo iad.

02

Dlútheagrán Taighde Foilsithe ar na hEalaíona san Oideachas

2.1 Teimpléad a Úsáideadh don Dlútheagrán

Bíonn na hiontrálacha sa dlútheagrán 250-300 focal ar fhad go ginearálta agus baineadh úsáid as roinnt ceanteidil, a thaispeántar thíos, don struchtúr.

Uimhir: Ar mhaithe leis an ndlútheagrán seo, tugadh uimhir ar leith do gach iontráil.

Teideal:	Ainm nó ceanteideal príomhúil an taighde foilsithe
Fotheideal:	Ainm nó ceanteideal tánaisteach an taighde foilsithe, má bhaineann
Bliain:	An bhliain inar foilsíodh an taighde. Uaireanta ní bhíonn sé seo ar aon dul leis an mbliain inar tugadh faoin dtaighde.
Úda(i)r:	An duine (Na daoine) a d'ullmhaigh nó a scríobh an tuarascáil taighde. Ní thugtar ainm duine aonair i gcónaí mar d'fhéadfadh sé gur eagraíocht nó coiste srl. a d'ullmhaigh an doiciméad. Sa chás seo, tugtar ainm na heagraíochta srl.
Arna choimisiúnú ag:	Eagraíocht(aí) a thionscnaigh an taighde, nuair a insítear go sonrach é nó nuair is féidir tátal a bhaint as
Arna mhaoiniú ag:	Eagraíocht(aí) a thug maoiniú don phróiseas taighde, nuair a insítear go sonrach é nó nuair is féidir tátal a bhaint as
Foilsitheoir:	Eagraíocht(aí) a d'fhoilsigh an tuarascáil taighde, nuair a insítear go sonrach é nó nuair is féidir tátal a bhaint as
Uimhir ISBN:	(Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta) I gcásanna áirithe cuireadh isteach N/B (Neamhbhainteach) muna raibh an chruachóip bhunúil nó leagan iomlán pdf den tuarascáil ar fáil don fhoireann chomhairleach. Cuireadh isteach 'Gan aon uimhir' más rud é gur baineadh úsáid as cruachóip nó leagan pdf a raibh cuma leagan iomlán air agus nach raibh aon uimhir ISBN istigh leis.
Líon Leathanach:	Líon na leathanach sa tuarascáil, le hiarscríbhinní san áireamh
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Téann an chuid seo i ngleic le roinnt ceisteanna: Céard a bhí mar chomhthéacs don tuarascáil taighde? Cén fáth a rinneadh coimisiúnú air? Céard leis a ndéanann sé tagairt? Céard iad na modhanna taighde a úsáideadh?</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Cur síos gairid ar chlár ábhar an doiciméid. Leanann sé seo struchtúr na tuarascála go hiondúil, le brollach, réamhrá nó aguisín a ghabhann leis san áireamh.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Na príomhréimsí ábhair a théitear i ngleic leo sa thuarascáil taighde. Go ginearálta bíonn 2/3 eochairfhocail nó téarmaí i gceist anseo, ag tarraingt ó liosta téarmaí comhaontaithe: Oideachas Foirmiúil, Oideachas Neamhfhoirmiúil, Oideachas Neamhfhoirmeálta, Bunscoil, Iarbhunscoil, Triú-leibhéal, Gairmoiliúint, Ealaíona na hÓige, na hEalaíona agus Sláinte, Na hEalaíona Rannpháirteacha agus Pobail Comhleasa (le hainm an grúpa ar leith atá mar sprioc.
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	An/na príomhfhoirm(eacha) ealaíne a théitear i ngleic leo sa thuarascáil taighde
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	An ndéantar coimriú ar an dtuarascáil i gCuid 3 den tuarascáil seo?

Nóta: Rinne an fhoireann chomhairleach athbhreithniú ar na tuarascálacha taighde ar fad atá san áireamh sa dlútheagrán. Ba bhunleaganacha foilsithe de na tuarascálacha iad roinnt de na tuarascálacha a fuarthas, leaganacha fótaicóipeáilte de na bunleaganacha roinnt acu, leaganacha pdf de na tuarascálacha a bhí ar fáil ar líne roinnt acu, agus leaganacha ar líne nach raibh i bhformáid pdf iad roinnt eile. Is féidir leis go mbíonn difríochtaí beaga idir na leaganacha éagsúla seo de na tuarascálacha.

2.2.1 Ailtireacht

Teideal:	Action on Architecture 2002-2005
Fotheideal:	A Review of Educational Aspects
Bliain:	2003
Úda(i)r:	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
Arna choimisiúnú ag:	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Arna mhaoiniú ag:	N/B
Foilsitheoir:	N/B
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	141
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Ullmhaithe mar fhreagairt ar <i>Action on Architecture 2002 -2005</i>, doiciméad idir-rannach a raibh sé mar aidhm aige ailtireacht a chur chun cinn ag leibhéal sóisialta, cultúrtha agus polaitiúil. Ar na 29 ngníomh a bhí ann, bhí roinnt acu a raibh tionchar féideartha acu ar ghnéithe den oideachas bunscoile agus dara leibhéal. Choimisiúnaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun an t-athbhreithniú/measúnú seo a ullmhú, chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi chun feacht ailtireachta a fhorbairt i measc foghlaimeoirí thar an curaclam bunscoile agus iarbhunscoile.</p> <p>Clár na nÁbhar Tá ceithre aidhm sa mheasúnú, atá mar bhunús le hábhar na tuarascála. Baineann na haidhmeanna seo le teacht ar na réimsí curaclaim a bhfuil an deis is mó acu chun ailtireacht a mhúineadh agus a fhoghlaim, ábhar acmhainne atá ar fáil i scoileanna in Éirinn a aithint, acmhainní atá ar fáil go hidirnáisiúnta a aithint, agus eochairphrionsabail a aithint le bheith mar bhunús do mholtaí ina dhiaidh sin. Tá seacht gcuid sa tuarascáil. Tosaíonn sé le forbairt ar chúlra na tuarascála, le tagairt gur tháinig sé amach mar fhreagairt ar <i>Action on Architecture 2005-2005</i>. Léiríonn Cuid a Dó struchtúr an tionscadail agus na modhanna taighde a úsáideadh. Aithníonn Cuid a Trí roinnt réimsí nó topaicí a d'fhéadfadh feidhmiú mar 'phointí le dul isteach' i gcomhair foghlaim faoin ailtireacht agus an timpeallacht tógtha ag leibhéal bunscoile agus dara leibhéal, agus aithníonn sé acmhainní atá in úsáid faoi láthair. Aithníonn Cuid a Ceathair acmhainní atá in úsáid faoi láthair i gcúig thír eile. Aithníonn Cuid a Cúig 'eochairphrionsabail' a eascraíonn ón dá chuid roimhe sin agus tá dhá thacar moltaí a nascann lena chéile i gCuid a Sé, atá substaintiúil go maith - tacar amháin a dhéanann ionadaíocht ar chur chuige fadtéarmach comhtháite struchtúrtha agus tacar eile a bhaineann le réimsí agus leibhéil ar leith den churaclaim. Leanann leabharliosta agus aguisín mionsonraithe le measúnú ar réimsí curaclaim aonair an chuid ghairid atá mar chonclúid.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil agus Iarbhunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ailtireacht
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.3.1 Damhsa

Teideal:	Shall We Dance?
Fotheideal:	A report on Vocational Dance Training in Ireland
Bliain:	1998
Úda(i)r:	Leatherdale, A. agus Todd, V.
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon, i gcomhar le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	0906627796
Líon Leathanach:	72
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Meastóireacht mhionsonraithe ar ghairmoiliúint damhsa in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a eascraíonn as aitheantas go raibh an pobal profisiúnta damhsa in Éirinn faoi shrian ag an easpa ghairmoideachais agus gairmoiliúna a bhí ar fáil do dhaoine óga a bhí ag dul isteach sa ghairm bheatha. I measc na n-ionchur bhí comhairliúcháin le hionadaithe ó na heagraíochtaí cuí, daoine ar bronnadh céim orthu le déanaí, mic léinn agus tuismitheoirí, soláthróirí oiliúna agus múinteoirí. Rinneadh suirbhé ar mhic léinn Éireannacha lánaimseartha (in Éirinn agus thar lear) agus le baill den ghairm bheatha damhsa a bhí ina gcónaí in Éirinn.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Cuireann Cuid a hAon an staidéar, a mhodheolaíocht agus a struchtúr i láthair. Díríonn Cuid a Dó agus Cuid a Trí ar an fáil atá ar oiliúint damhsa réamhghairme agus lánaimseartha i dtéarmaí áite, leibhéal agus réimse damhsa. Déanann Cuid a Ceathair athbhreithniú ar na cláir oiliúna damhsa a roghnaigh mic léinn Éireannacha atá ag staidéar thar lear agus ceisteanna a bhaineann le hoiliúint lánaimseartha damhsa i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Baineann Cuid a Cúig le costas agus roghanna maoinithe do chúrsaí, in Éirinn agus thar lear. Déanann Cuid a Sé athbhreithniú ar an gcreat monatóireachta agus deimhnithe do chúrsaí chomh maith leis an áit atá ag damhsa san oideachas dara leibhéal. Léiríonn Cuid a Seacht an méid atá riachtanach chun gairmchúrsa rince lánaimseartha agus clár a fhorbairt in Éirinn. Tá Cuid a hOcht mar chonclúid ar an dtuarascáil agus tugann sé struchtúr féideartha chun tacaíocht a thabhairt do ghairmoiliúint rince i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Tá ceithre aguisín sa thuarascáil, ina bhfuil samplaí de na ceistneoirí a úsáideadh agus liosta doiciméadachta a bhaineann leis an dtuarascáil.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Gairmoiliúint
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Damhsa
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.3.2 Damhsa

Teideal:	Moving On ...
Fotheidéal:	Youth Dance in Ireland – North and South
Bliain:	2000
Úda(i)r:	McGrail, C.
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	60
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Doiciméad acmhainne agus tuarascáil taighde bunaithe ar thaighde deisce agus suirbhé ar chleachtóirí damhsa na hÓige don chuid is mó. Cuireadh le chéile ar dtús é mar eolas do Chollóiciam Damhsa na hÓige i Loch Garman i Márta 2000, agus chuimsigh an tuarascáil deiridh an t-aiseolas a fuarthas. Tá sé mar aidhm ag an dtuarascáil cur síos a dhéanamh ar raon agus ar scála gníomhaíochtaí rince na hÓige, chun faisnéis a chur ar fáil mar eolas i gcomhair plé agus cinnteoireacht, agus an plé ó Chollóiciam Rince na hÓige a chuir i láthair.</p> <p>Clár na nÁbhar Bhí dhá chuid sa thuarascáil. Cuireann an chéad cheann cuntas i láthair ar theacht chun cinn damhsa na hÓige in Éirinn – thuaidh agus theas, ag díriú ar fhorbairt scoileanna damhsa, scéimeanna agus féilte na hÓige go háirithe. Tá sé i gceist sa thuarascáil go ndéanfadh an chuid seo doiciméadú ar fhaisnéis thábhachtach chartlainne ar dhamhsa na hÓige. Tá sé staidéar cháis sa chuid seo a léiríonn samhlacha éagsúla de ghníomhaíochta damhsa na hÓige. Cuireann an dara chuid faisnéis a bhailíodh ó cheistneoirí i láthair: próifíl ar ghrúpaí damhsa na hÓige, maoiniú do dhamhsa na hÓige; bealaí oibre; na buntáistí atá le damhsa na hÓige do rannpháirtithe (ó dhearcadh teagascóirí damhsa na hÓige); agus teagascóirí/comhordaitheoirí damhsa na hÓige. Cuireann an thuarascáil achoimre ar Chollóiciam Damhsa na hÓige i láthair agus aithníonn an chuid atá mar chonclúid roinnt ceisteanna gur ghá aird a dhíriú orthu chun tacú le forbairt damhsa na hÓige.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Gairmoiliúint. Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona na hÓige
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Damhsa
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.3.3 Damhsa

Teideal:	A Professional Dance Curriculum for Ireland
Fotheideal:	Ceann ar bith
Bliain:	2003
Úda(i)r:	Marzin, Y.
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	48
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil taighde a chuireann samhail do churaclam proifisiúnta damhsa d'Éirinn i láthair. Dhírigh an staidéar ar na riachtanais oiliúna speisialtóra ghairmiúla do dhaoine idir 12-18 bliana d'aois in Éirinn atá ag iarraidh a bheith mar rinceoirí, agus ar mhian leo gairm beatha a bhaint amach sa damhsa amharclannaíochta. Tarraingíodh cuid den samhail ó shuirbhé comparáideach ar an oideachas gairmiúil damhsa a chuirtear ar fáil i 12 scoil rince mór le rá Eorpacha.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Leagann Brollach ó Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon amach comhthéacs na tuarascála, ag déanamh tagairt go bhfuil an tuarascáil ag tógáil ar trí tuarascáil de chuid na Comhairle Ealaíon roimhe sin: <i>The Dancer and the Dance</i> (1985), <i>Shall We Dance?</i> (1998) agus <i>The Creative Imperative</i> (2000). Cuireann sé an tuarascáil seo i láthair mar dhoiciméad oibre chun tuilleadh plé a mhúnlú agus a spreagadh. Tar éis eolas faoin údar, tá cúig chaibidil sa tuarascáil. Pléann Caibidil a hAon (Cur Chuige i leith Curaclam Rince) na príomhghnéithe i bhforbairt churaclaim damhsa agus gairmchúrsa oiliúna cosúil leis an aois le dul isteach ann, amchlár, fad oiliúna, agus na hábhair atá le clúdú. Molann Caibidil a Dó (Comhábhair Curaclaim agus Leithdháileadh Ama) struchtúr do, agus déanann sé cur síos ar na hábhair a bheadh mar bhunús le, gairmchúrsa oiliúna damhsa in Éirinn. Pléann Caibidil a Trí (Ceisteanna Mic Léinn) riachtanais iontrála, trialacha, scrúduithe agus ceisteanna eile a bhaineann le mic léinn. Pléann Caibidil a Ceathair (Struchtúir na mBall Foirne) na ról agus na feidhmeanna a bhaineann le baill foirne a mheasann an tuarascáil a bheadh ag teastáil ó scoil mar seo chun a cuspóirí a chur i gcrích. Tugann Caibidil a Cúig (Fad an Chláir) dhá rogha maidir le fad an chláir i láthair. Cuireann Aguisín A eolas ar chláir i 12 scoil damhsa mór le rá Eorpacha. Déanann Aguisín B comparáid idir ghairmoiliúint damhsa agus eiseamláirí oiliúna sa cheol, sa drámaíocht agus sa spórt.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Gairmoiliúint
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Damhsa
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.9)

2.4.1 Drámaíocht/Amharclannaíocht

Teideal:	Going On
Fotheidéal:	Arts Council Drama Policy Document
Bliain:	1996
Úda(i)r:	An Chomhairle Ealaíon
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	8
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Beartas straitéise a leagann amach beartais na Comhairle Ealaíon don drámaíocht, agus na bearta agus scéimeanna a mholtar chun iad a chur i bhfeidhm. Leagann an doiciméad amach cur chuige molta na Comhairle Ealaíon maidir le déantús cinntí sa drámaíocht. Tarraingíonn sé ar dhá thuarascáil taighde a rinneadh ar an amharclannaíocht in Éirinn – <i>Views of Theatre in Ireland 1995</i> agus <i>Dialogues 1996</i> – agus ar phróiseas comhairliúcháin ina raibh cruinnithe ar fud na tíre san áireamh leis.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tar éis cuntas imlíneach ar na Téarmaí Tagartha don athbhreithniú as a d’eascair an dá thuarascáil a dhéantar tagairt dóibh thuas, dearbhaíonn an doiciméad an ról lárnach atá ag an gComhairle Ealaíon i bhforbairt drámaíochta in Éirinn. Léiríonn sé na príomhthorthaí a eascraíonn ón dtaighde agus ó thionscnaimh de chuid na Comhairle Ealaíon a moladh ina dhiaidh sin. Cuirtear an smaoineamh de struchtúr grádaithe do mhaoiniú na gcompántas amharclannaíochta i láthair ansin. Leagann an doiciméad amach na critéir a chuirfeadh i bhfeidhm chun deontais a dheonú agus rangaíonn sé faoi bheartas ealaíne, timpeallacht oibriúcháin, struchtúr agus eagrú, agus rialuithe airgeadais agus bainistíochta iad. Tugtar breac-chuntas ar mholtaí i roinnt réimsí ansin: An Chuideachta Amharclann Náisiúnta (Amharclann na Mainistreach agus Amharclann na Péacóige); Amharclanna ar Chamchuir; Camchuirteanna Thar Lear; Baile Átha Cliath; Oilíúint; Amharclannaíocht do Leanaí agus Lucht Féachana Óga; Amharclannaíocht Áitiúil a chuir ar fáil; Drámaíocht an Phobail/Drámaíocht i measc an Phobail; Drámaíocht na Gaeilge; Gluaiseacht Drámaíocht Amaitéarach; Caipiteal agus Páirtíochtaí.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona Rannpháirteacha, Ealaíona na hÓige.
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Drámaíocht
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.4.2 Drámaíocht/Amharclannaíocht

Teideal:	The Roots Handbook
Fotheideal:	Ceann ar bith
Bliain:	1996
Úda(i)r:	Thornton, S.
Arna choimisiúnú ag:	The Roots Project, comhthionscnamh idir Wet Paint agus The City Arts Centre
Arna mhaoiniú ag:	Maoiniú lárnach ó The Ireland Funds, an Chomhairle Ealaíon agus Bardas Bhaile Átha Cliath. Tacaíocht bhreise ó Chomhairle na Breataine.
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: The Roots Project
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	84
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil taighde bunaithe ar an Roots Project, comhthionscnamh idir Wet Paint Arts agus The City Arts Centre. Chuaigh an tionscadal i mbun taighde chun riachtanais oiliúna agus forbartha an phobail bunaithe i mBaile Átha Cliath agus grúpaí óige a bhaineann úsáid as drámaíocht agus amharclannaíocht ina gcuid oibre a aithint. D’eagraigh sé cúrsa píolótach do chúig dhuine déag freisin chun pointe lárnach a chuir ar fáil i gcóir dialóige, foghlaim agus taighde dírithe. Cuireann an Lámhleabhar torthaí an taighde i láthair. Is ó shuirbhéanna ar ghrúpaí atá ar bhunachar sonraí an tionscadail agus comhlairliúcháin le heagraíochtaí reachtúla, ionadaíochta agus drámaíochta/amharclannaíochta a thagann siad.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá sé chuid ann. Déanann an réamhrá cur síos ar an gcomhthéacs agus na modhanna taighde, na céimeanna sa Roots Project, agus an cúrsa píolótach a seachadadh. Tá fo-ailt i gCuid a Dó (Próifíl na nEarnálacha) ar an gcúig earnáil atá i gceist leis an dtionscadal: amharclannaíocht na hóige; oideachas agus oiliúint neamhfhoirmeálta; obair na hóige; drámaíocht an phobail; agus an earnáil shóisialta. Cuireann gach fo-alt léiriú ar an earnáil chuí i láthair agus an ról atá ag drámaíocht agus amharclannaíocht. Críochnaíonn Cuid a Dó le haiste ó Stiúrthóir Wet Paint Arts. Déanann Cuid a Trí (Daoine) próifíliú ar rannpháirtithe an chúrsa píolótach agus a gcuid oibre, agus na rannpháirtithe ar Fhóram Comhairleach Roots. Cuireann Cuid a Ceathair (An Cúrsa Píolótach) obair an chúrsa i láthair, na modúil a clúdaíodh, turais allamuigh srl., le tuairimí óna rannpháirtithe agus aiste ó Stiúrthóir Oideachas an City Arts Centre mar chonclúid air. Tosaíonn Cuid a Cúig (Taighde: Torthaí agus Moltaí) ón mbonn bhfuil méadú tagtha ar an úsáid a bhaintear as drámaíocht agus amharclannaíocht i dtimpeallachtaí an phobail agus na hóige agus aithníonn sé na ceisteanna atá mar shrian le tuilleadh foghlama. Déantar na ceisteanna seo a thabhairt faoi thrí ceannteideal: Tacaíocht, Beartas agus Oiliúint. Cuireann Cuid a Sé (Nótaí agus Tuairimí Deiridh) conclúidí, sonraí teagmhála dóibh siúd a ghlac páirt ann agus leabharliosta a bhí úsáideach do na rannpháirtithe ar an gcúrsa píolótach agus iad i mbun oibre i láthair.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona Rannpháirteacha
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Drámaíocht
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.4.3 Drámaíocht/Amharclannaíocht

Teideal:	Bare Boards and a Passion
Fotheideal:	Drama in Post Primary Schools
Bliain:	1998
Úda(i)r:	Scully, D.
Arna choimisiúnú ag:	Aonad Forbartha Curaclaim de chuid Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath
Arna mhaoiniú ag:	An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán agus an Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Aonad Forbartha Curaclaim Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath
Uimhir ISBN:	0 946791 12 0
Líon Leathanach:	66
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil bunaithe ar thaighde ar ról agus cleachtadh na drámaíochta i scoileanna dara leibhéal na hÉireann. Baineann an taighde feidhm as trí phríomhfhoinsé eolais: turais ar 60 scoil chun staidéir cháis a chuir le chéile bunaithe ar agallaimh le príomhoidí agus múinteoirí; dhá sheimineár ar 'Drámaíocht sa Sraith Shóisearach' agus 'Drámaíocht san Idirbhliain'; agus suirbhé chun léargas leathan a fháil ar an áit atá ag drámaíocht sa churaclam. Cuireadh suirbhé mionscála de mhúinteoirí Béarla a d'fhreastal ar scoil samhraidh i 1995 leis an suirbhé.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tosaíonn an tuarascáil le réamhrá ó Stiúrthóir Aonaid Forbartha Curaclaim CDVEC. Tá deich gcaibidil ina dhiaidh sin. Tugann Caibidil a hAon cúlra na tuarascála, ag déanamh tagairt do na conclúidí a bhí ar thaighde ar dhrámaíocht (agus na healaíona níos leithne) san oideachas roimhe sin. Díríonn Caibidil a Dó ar an smaoineamh de dhrámaíocht oideachasúil agus cuireann Caibidil a Trí an mhodheolaíocht taighde i láthair. Déanann Caibidil a Ceathair agus a Cúig próifiliú ar chleachtadh drámaíochta i gcuraclam na dara leibhéal agus an áit atá san amchlár dó. Pléann Caibidil a Sé forbairt na drámaíochta sa sraith shóisearach agus déanann Caibidil a Seacht athbhreithniú ar cheist na drámaíochta lasmuigh den churaclam. Déanann Caibidil a hOcht agus a Naoi athbhreithniú ar cháilíochtaí agus oiliúint na múinteoirí, agus áiseanna don drámaíocht sna scoileanna. Cuireann Caibidil a Deich na moltaí a eascraíonn as an dtaighde i láthair, rangaithe faoi ocht gceannteideal: clár; amchlárú; drámaíocht lasmuigh den churaclam; oiliúint agus cáilíochtaí; measúnú; áiseanna agus acmhainní; tuilleadh taighde agus cur i bhfeidhm. Tá samplaí de na ceistneoirí taighde san aguisín.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Iarbhunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Drámaíocht
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.4.4 Drámaíocht/Amharclannaíocht

Teideal:	Centre Stage
Fotheideal:	The Place of Youth Theatre in Ireland 1997-1998
Bliain:	1999
Úda(i)r:	Cumann Náisiúnta Drámaíochta na nÓg
Arna choimisiúnú ag:	Cumann Náisiúnta Drámaíochta na nÓg
Arna mhaoiniú ag:	Cumann Náisiúnta Drámaíochta na nÓg, An Comhairle Ealaíon agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Cumann Náisiúnta Drámaíochta na nÓg
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	101
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Tuarascáil taighde agus athbhreithnithe ar an áit atá ag amharclannaíocht na hóige in Éirinn. Tá torthaí bunaithe ar shonraí a bhailíodh i rith seachtain ('stocáirimh/daonáirimh') ar leith – an tseachtain deiridh de mhí na Samhna 1997. Seoladh ceistneoirí chuig caoga amharclann don óige.</p> <p>Clár na nÁbhar Tar éis achoimre thosaigh, tá sé chaibidil eile sa thuarascáil. Tugann Caibidil a hAon (Amharclannaíocht na hÓige in Éireann - Léargas) agus Caibidil a Dó (Cleachtas agus Cláreagrú Amharclannaíochta na hÓige) léargas ar amharclannaíocht na hóige in Éirinn; ar an taighde a rinneadh; agus eolas maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh i rith 'seachtain an daonáirimh'. Bhí eolas ar na hionaid tionóil ag na háitribh a úsáideann amharclanna na hóige ann freisin. Díríonn Caibidil a Trí ar cheisteanna maoinithe agus acmhainní agus déanann Caibidil a Ceathair próifíliú ar ceannairí agus rannpháirtithe na hamharclannaíochta óige. Déanann Caibidil a Cúig (Tionchar Rannpháirteachas in Amharclannaíocht na hÓige) athbhreithniú ar an tionchar cultúrtha/aeistéitiúil agus an tionchar sóisialta araon. Tosaíonn an chaibidil atá mar chonclúid ag aithint torthaí an taighde agus sainmhínte agus ráitis bheartais comhaontaithe faoi thrí cheannteideal: Sainmhínte Amharclannaíochta na hÓige; Beartas Amharclannaíochta na hÓige agus Amharclannaíocht na hÓige: Céimeanna Forbartha. Ansin cuireann sé moltaí i láthair faoi seacht gceannteideal: Struchtúr Chumann Náisiúnta Amharclannaíocht na hÓige (CNAÓ); Caighdeáin; Forbairt Réigiúnach; Oilíuint; Áitribh Amharclannaíochta na hÓige; Amharclannaíocht Leanaí; agus Idirnáisiúnta. Tá ceithre aguisín sa thuarascáil, ina measc táblaí agus graif bhreise, ceistneoirí samplacha agus innéacs.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona na hÓige
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Drámaíocht
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.4.5 Drámaíocht/Amharclannaíocht

Teideal:	Interactions
Fotheideal:	The National Theatre's Education Initiative (1998-2000)
Bliain:	2002
Úda(i)r:	O'Neill, C. agus Murphy, S.
Arna choimisiúnú ag:	Amharclann Náisiúnta na hÉireann
Arna mhaoiniú ag:	Amharclann Náisiúnta na hÉireann, an Chomhairle Ealaíon, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Fondúireacht Gulbenkian
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Amharclann Náisiúnta na hÉireann
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	80
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil, le measúnú neamhspleách mar lár aici, ar thionscnamh taighde gníomhaíochta dhá bhliain le Roinn For-rochtana/Oideachais de chuid Amharclann na Mainistreach a bhí dírithe ar idirghníomhaíocht le leanaí agus daoine óga agus a gcuid múinteoirí. Bhí réimse leathan modheolaíochtaí taighde, ina measc breathnadóireacht, taifeadh fístéipe agus fuaimne, plé le grúpa fócais, agus agallaimh mar fhoinse ag torthaí agus moltaí na tuarascála. Tá físeán ag dul leis an dtuarascáil seo.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Brollach le Stiúrthóir Ealaíne na hAmharclainne Náisiúnta agus réamhrá lena Oifigeach Oideachais. Lonnaíonn an réamhrá an <i>Education Initiative</i> i gcomhthéacs na mbeartas agus na bhforbairtí ealaíne agus oideachais atá i réim i láthair na huair. Is measúnú neamhspleách leis an Dr. Cecily O'Neill atá mar chuid lárnach den tuarascáil, bunaithe ar anailís ar na ceithre threoirthionscadal a bhí i gceist leis an gclár taighde níos leithne. Dhírigh na ceithre thionscadal seo ar: gnéithe éagsúla den leanúntas drámaíochta/ amharclannaíochta; aoisghrúpaí éagsúla; timpeallachtaí sóisialta, oideachais agus geografacha éagsúla; agus ar léiriúcháin éagsúla i gclár stáitse na hAmharclainne Náisiúnta. Is iad na ceithre thionscadail a bhí i gceist ná: (i) Drámaíocht sa Seomra Ranga; (ii) Leanáí i mBun Amharclannaíocht trí Dhrámaíocht (iii) An Clár Cónaitheachta do Dhrámaíocht; agus (iv) Amharclannaíocht mar Acmhainn Oideachais. Tá anailís ar na ceithre thionscadal seo mar bhunús leis na torthaí agus moltaí níos leithne, atá dírithe ar an Amharclann Náisiúnta don chuid is mó. Tá moltaí níos leithne, ina bhfuil lucht déanta beartais agus lucht maoinithe i gceist, le fáil i gcuid ghairid dheiridh (le Sharon Murphy) a thagann roimh roinnt aguisíní.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Ealaíona na hÓige
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Drámaíocht
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.7)

2.4.6 Drámaíocht/Amharclannaíocht

Teideal:	Facing Forward
Fotheidéal:	Evaluation Report
Bliain:	2005
Úda(i)r:	Clancy, A.
Arna choimisiúnú ag:	Amharclann na Mainistreach agus an Chomhairle Ealaíon
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Amharclann na Mainistreach
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	64
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil measúnaithe ar <i>Facing Forward</i>, tionscadal forbartha gairmiúil chun iniúchadh a dhéanamh ar an ról atá ag Amharclann na Mainistreach mar acmhainn do d'ealaíontóirí agus do chleachtóirí amharclannaíochta na hÉireann. Bhí an tionscadal seo mar chuid de Chomóradh Céad Bliain Amharclann na Mainistreach i 2004 agus bhí raon tionscnaimh éagsúla i gceist leis. Bhí an measúnú bunaithe ar phlé le páirtithe leasmhara éagsúla a raibh baint acu le <i>Facing Forward</i>, chomh maith le hathbhreithniú ar ábhar agus ar thaifid a bhain leis, agus chomhlíon na rannpháirtithe ceistneoirí sa sraith máistir-ranga idirnáisiúnta den tionscadal.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá seacht gcaibidil sa tuarascáil measúnaithe. Leagann Caibidil a hAon amach na gnéithe éagsúla i <i>Facing Forward</i> agus cuireann Caibidil a Dó an mhodheolaíocht taighde agus na téarmaí tagartha i láthair. Cuireann Caibidilí a Trí agus a Ceathair tuilleadh eolais i láthair ar an bhfealsúnacht agus na prionsabail a bhí taobh thiar d'fhorbairt <i>Facing Forward</i>. Is é Caibidil a Cúig atá mar chuid lárnach den tuarascáil agus déanann sé athbhreithniú ar na seacht gné atá i <i>Facing Forward</i> faoi seach. Is é atá i gceist: Intéirneachtaí Ealaíne agus Teicniúla; Máistir-Ranganna Idirnáisiúnta; Cláir Fhorbartha Scríbhneoirí; Sparánachtaí; Dámhachtainí agus Tionscadail Fhorbartha Ealaíne; Aistriúchán Beo; Stiúrthóir Idirnáisiúnta Cónaitheach; agus Teach Oscailte. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar gach cheann acu seo, cuireann Caibidil a Sé 'An Méid a bhí le Foghlaim' i láthair faoi cheithre cheannteideal: Táscairí Rathúlachta, an tEalaíontóir, Comhleanúnachas agus Inbhuanaitheacht. Críochnaíonn an thuarascáil le ocht moladh agus tá liosta de na rannpháirtithe <i>Facing Forward</i> iniata.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil agus Neamhfhoirmiúil, Gairmoiliúint.
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Drámaíocht
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.4.7 Drámaíocht/Amharclannaíocht

Teideal:	Changing Profiles
Fotheideal:	Tuarascáil Taighde ar Rannpháirtíocht daoine 10-14 bliana d'aois in Amharclannaíocht na hÓige in Éirinn.
Bliain:	2006
Úda(i)r:	O'Shea, K.
Arna choimisiúnú ag:	Cumann Náisiúnta Drámaíochta na nÓg
Arna mhaoiniú ag:	Cumann Náisiúnta Drámaíochta na nÓg, An Comhairle Ealaíon agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Foilsitheoir:	Cumann Náisiúnta Drámaíochta na nÓg
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	32
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil taighde ar phróifíl aoise amharclanna na hóige in Éirinn agus é mar aidhm aige an cheist a chur an bhfuil riachtanais na ndaoine óga idir 10-14 bliana d'aois á chomhlíonadh, cén chineál oiliúna a mbeadh fáilte roimhe ó daoine atá ag déileáil leis an aoisghrúpa seo, agus cén chaoi is fearr gur féidir le daoine óga idir 10-14 bliana daois a thógáil san áireamh i gclár náisiúnta de chuid Cumann Náisiúnta Drámaíochta na hÓige (CNDÓ). Bailíodh eolais trí phróiseas athnuachana ballraíochta de chuid CNDÓ, ó cheistneoir saincheaptha, agus trí ocht gcuairt ar shíomhanna grúpaí amharclannaíochta na hóige ar fud na hÉireann (thuaidh agus theas).</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tugann codanna tosaigh na tuarascála réamhrá na taighde, ag léiriú na príomhcheisteanna taighde, agus cuireann siad an modheolaíocht taighde i láthair. Cuirtear eolas a fuarthas ó fhoirmeacha ballraíochta agus ó na ceistneoirí i láthair ansin, .i. próifíl aoise na mball, próifíl inscne na rannpháirtithe, má bhíonn daoine idir 10-14 páirteach i reachtáil na hamharclainne, agus má tá treoirlínte maidir le cosaint leanaí i bhfeidhm. Baineann trí staidéar cáis le hAmharclann na hÓige Backstage i Longfort, Ealaíona na hÓige Phort Láirge agus Amharclann na hÓige Physically Phishy i gCorcaigh. Déantar anailís ar na torthaí agus cuirtear moltaí i láthar faoi na trí cheannteideal de chleachtas, leas agus stór, roimh chuid ghairid mar chonclúid. Tá liosta dóibh siúd a ndeachthas i mbun comhairle leo agus sample de cheistneoir an tsuirbhé leis.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona na hÓige
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Drámaíocht
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.5.1 Scannán

Teideal:	Transition Year Module in Moving Image Education
Fotheideal:	Pilot Review
Bliain:	2006
Úda(i)r:	McGivern, A.
Arna choimisiúnú ag:	Grúpa Oibre um Scannán agus Daoine Óga na Comhairle Ealaíon
Arna mhaoiniú ag:	Institiúid Scannán na hÉireann, Bord Scannán na hÉireann, An Chomhairle Ealaíon, Oifig Scrúdóir na Scannán agus an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal.
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Institiúid Scannán na hÉireann
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	16
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Dearadh Modúl Scannáin do dhaltáí na hIdirbhliana bunaithe ar obair de chuid Grúpa Oibre um Scannán agus Daoine Óga na Comhairle Ealaíon (a raibh ionadaithe ón gcúig eagraíocht atá ainmnithe sa líne ‘Arna Maoiniú Ag’ thuas). Dar le Brollach na tuarascála seo, le Scrúdóir na Scannán, bhí sé mar aidhm aige amharc-inniúlacht a spreagadh a chuirfeadh ar chumas na foghlaimeoirí tuiscint, freagairt agus cruthú. Is athbhreithniú ar chéim a haon den mhodúl atá i gceist leis an dtuarascáil taighde seo. Tá sé mar aidhm aige an modúl a lonnú i gcomhthéacs níos leithne an oideachais scannáin agus curaclam iarbhunscoile na hÉireann, agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhí aige ar na daltaí agus múinteoirí a ghlac páirt ann, agus moltaí a dhéanamh do chéim a dó agus do chomhdhlúthú. Tá sé bunaithe ar thaighde cáilíochtúil, cainníochtúil agus tánaisteach, ina measc ceistneoirí agus plé i ngrúpaí le múinteoirí agus daltaí.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tosaíonn an tuarascáil le hAchoimre Fheidhmiúcháin agus tá sé chaibidil ina dhiaidh sin. Cuireann Caibidil a hAon an modúl i láthair agus míníonn sé an modheolaíocht measúnaithe agus míníonn Caibidil a Dó an chaoi a réitíonn an modúl le roinnt comhthéacsanna institiúideacha, náisiúnta agus taighde. Déanann Caibidil a Trí cur síos ar an obair atá déanta ar an modúl go dtí seo, ina meas na scoileanna atá ag glacadh páirt agus an oiliúint a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí. Cuireann Caibidil a Ceathair agus a Cúig na sonraí príomhúla a bailíodh agus torthaí measúnaithe eile i láthair agus déantar plé orthu. Déantar anailís faoi roinnt ceannteideal: An Modúl agus Oideachas Scannáin; An Múinteoir mar Fhoghlaimeoir/Áisitheoir; Foghlaim an Dalta mar Thoradh – Próiseas in aghaidh Toradh; agus Cuirteanna agus Acmhainní Pictiúrlainne. Déanann Caibidil a Sé conclúidí agus moltaí, agus cuireann sé pleananna do chéim a dó molta don mhodúl. Tugann dhá aguisín eolas ar oideachas scannáin i gcuraclaim scoile na hÉireann agus níos mó eolais ar mhodúl céim a haon.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Iarbhunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Scannán
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.6.1 Litríocht agus na hEalaíona Béil

Teideal:	Arts and the Magic of the Word
Fotheideal:	Leabharlanna Poiblí agus cur chun cinn breise na n-ealaíon in Éirinn
Bliain:	1999
Úda(i)r:	Coiste na Leabharlanna Poiblí agus na hEalaíona
Arna choimisiúnú ag:	Coiste na Leabharlanna Poiblí agus na hEalaíona, comhpháirtíocht idir An Chomhairle Ealaíon agus An Chomhairle Leabharlanna
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon agus An Chomhairle Leabharlanna
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon agus An Chomhairle Leabharlanna
Uimhir ISBN:	1 873512 04 X
Líon Leathanach:	135
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Cuireadh de dhualgas ar thuarascáil Choiste na Leabharlanna Póiblí agus na hEalaíona iniúchadh a dhéanamh ar na struchtúir reatha agus na healaíona a chuirtear ar fáil i gcóras na leabharlann poiblí agus deiseanna a aithint chun páirtíocht idir earnálacha na healaíona agus na leabharlanna agus idir a ngníomhaíochtaí rialaithe. Tá próiseas cuimsitheach taighde thar tréimhse dhá bhliain mar bhunús le torthaí na tuarascála, a raibh roinnt modhanna i gceist leis ina measc taighde choimisiúnaithe, comhairliúchán leis an bpobal i gcoitinne agus le heochairpháirtithe leasmhara, taighde deisce, suirbhéanna bunaithe ar cheistneoirí agus comhdháil náisiúnta.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá Brollach le Cathaoirleach an Choiste, Achoimre Feidhmiúcháin agus Réamhrá roimh na naoi gcaibidil atá sa thuarascáil. Tugann an chéad dá chaibidil cúlra ginearálta na n-ealaíon agus na leabharlanna sa sochaí agus déanann siad iniúchadh ar na healaíona a chuirtear ar fáil sa chóras leabharlainne poiblí faoi láthair. Tá na cúig chaibidil eile tugtha don dearcad atá ag réimsí difriúla suime: an pobal; daoine óga; ealaíontóirí; daoine gairmiúla (príomhleabharlannaithe, oifigigh ealaíon na n-údarás áitiúla agus oifigigh poiblí eile); agus lucht úsáidte na leabharlann. Tá dearcadh na ndaoine seo mar bhunús le Caibidil a hOcht a aithníonn agus a théann i ngleis le hocht bpríomhthéama a thagann anuas arís is arís eile. Is é atá i gceist ná: (i) Rochtain agus Rannpháirtíocht; (ii) Daoine; (iii) Bonneagar ; (iv) Bailiúcháin; (v) An bhéim ar litríocht; (vi) Faisnéis; (vii) Páirtíochtaí; agus (viii) Íomhá Phoiblí. Cuireann Caibidil a Naoi samhail eabhlóide i gcúig chéim do pháirtíocht i láthair agus tugann sé moltaí don Chomhairle Ealaíon, don Chomhairle Leabharlanna, don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chomh maidh le roinnt comhghníomhartha a mholadh. Tá dhá aguisín déag mar chonclúid leis an dtuarascáil, ina measc roinnt a mhíníonn na modheolaíochtaí taighde a úsáideadh agus ceithre 'pháipéar staide' le heochairfaisnéiseoirí, ina measc trí chinn le baill an choiste.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhormiúl agus Neamhfhoirmeálta, Leabharlanna Poiblí
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Litríocht
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.6.2 Litríocht agus na hEalaíona Béil

Teideal:	A Review of the Poetry Ireland Writers in Schools Scheme
Fotheideal:	Ceann ar bith
Bliain:	2005
Úda(i)r:	Gallagher, A.
Arna choimisiúnú ag:	Éigse Éireann
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Éigse Éireann
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	142
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>An chéad athbhreithniú neamhspleách ar scéim Scríbhneoirí sna Scoileanna (SSS) ó bhunaigh an Chomhairle Ealaíon í i 1978. Tá trí aidhm ag an dtuarascáil: iniúchadh a dhéanamh ar thionchar na Scéime, a láidreachtaí agus a laig a aithint, agus moltaí a dhéanamh maidir lena forbairt amach anseo. Chuir an tuarascáil le forbairt ar phlean straitéise cúig bliana do Deasc Oideachais Éigse Éireann. Tharla an t-athbhreithniú thar tréimhse bliana agus i measc na modhanna a úsáideadh bhí agallaimh leath-struchtúrath, plé i ngrúpa fócais, aiseolas ar cheistneoirí agus taighde tánaisteach. Bunaíodh coiste comhairleach chu an próiseas athbhreithnithe a threorú, le hionadaíocht ó na páirtithe leasmhara difriúla sa SSS.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá sé chaibidil ann, ag tosú le cúlra an athbhreithnithe agus cuspóirí agus modheolaíochtaí an taighde. Tá codanna ar bheartas náisiúnta oideachais, ar thaighde agus litríocht ar na healaíona san oideachas i gCaibidil a Dó (Comhthéacsanna). Déanann Caibidil a Trí (Scéim Scríbhneoirí sna Scoileanna) athbhreithniú ar bhunús na scéime, plé ar an gcaoi a théann sé i mbun oibre, a eabhlóid le himeacht ama agus an maoiniú atá uirthi. Tá Caibidil a Ceathair (Torthaí Taighde) mar chuid lárnach na tuarascála. Cuireann sé sonraí cuimsitheacha i láthair ina measc staitisticí páirtíochta bunaithe ar chuireanna SSS agus cónaitheachtaí SSS sna scoileanna, le torthaí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon. Tá roinnt codanna i gCaibidil a Cúig (Plé ar Thorthaí); aidhmeanna agus cuspóirí; tionchar ar rannpháirtithe; rochtain agus páirtíocht; dea-chleachtais; Eolaire SSS; acmhainní agus inbhuanaitheacht; forbairt bheartais agus cleachtais; SSS agus an curaclam; comhthéacsanna cultúrtha; Éigse Éireann agus SSS; agus páirtíocht leis an gComhairle Ealaíon. Tugann Caibidil a Sé (Moltaí) moltaí do pháirtithe leasmhara SSS. Tá leabharliosta ag an dtuarascáil agus ocht aguisín, ina n-áirítear liosta dóibh siúd a ndeachas i mbun comhairle leo agus samplaí de na ceistneoirí a bhí in úsáid.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil agus Iarbhunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Litríocht
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.11)

2.7.1 Ceol

Teideal:	Deaf Ears?
Fotheideal:	A Report on the Provision of Music Education in Irish Schools
Bliain:	1985
Úda(i)r:	Herron, D.
Arna choimisiúnú ag:	Coiste na hÉireann um Bhliain Cheoil na hEorpa
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	0-906627-09-5
Líon Leathanach:	58
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Tuarascáil taighde cainníochtúil ar an gceol a chuirtear ar fáil faoi láthair san oideachas ginearálta a thugtar do dhaonra na hÉireann a théann ar scoil. Rinne Sainghrúpa Stiúrtha maoirsiú ar an tuarascáil, agus iad ceaptha ag an gComhairle Ealaíon agus Coiste na hÉireann um Bhliain Eorpach an Cheoil a bhí mar thoradh ar thaighde deisce, agus agallaimh le heochairfhaisnéiseoirí ag cur leis an méid sin.</p> <p>Clár na nÁbhar Tosaíonn an tuarascáil le Brollach, scríofa ag Cathaoirleach na Comhairle Ealaíon agus Cathaoirleach ar Choiste na hÉireann um Bhliain Eorpach an Cheoil, agus Réamhrá. Tá caibidilí ar cheol san oideachas bunscoile, san oideachas iarbhunscoile agus ar oideachas sa cheol uirlise sa thuarascáil. Tugann an chaibidil dheiridh dearcadh comparáideach ar oideachas ceoil in Éirinn agus sa chuid eile den Eoraip. Tugann tríocha ceathar tábla agus sé léarscáil na tuarascála léargas ar an mbéim láidir a leagtar ar shonraí staitisticiúla, atá comhlánaithe ag anailís ar mhórshuirbhéanna le déanaí agus tuarascálacha a bhaineann le hoideachas ceoil agus cúrsaí oideachais níos ginearálta. Déantar anailís ar na sonraí ar a dtéarmaí féin, le breis anailíse ar bhonn comparáideach ag tarlú uaireanta de réir inscne agus contae.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil agus Neamhfhoirmiúil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.3)

2.7.2

Ceol

Teideal:	Music in Healthcare Project: Phase One Evaluation Report
Fotheideal:	Ceann ar bith
Bliain:	2000
Úda(i)r:	Wilkinson, J.
Arna choimisiúnú ag:	Music Network
Arna mhaoiniú ag:	N/B
Foilsitheoir:	N/B
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	37
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tá an tuarascáil seo bunaithe ar an chéad mheasúnú eatramhach ar Thionscadal Ceoil i gCúram Sláinte. Bhí sé mar aidhm ag an dtionscadal seo, a bhí mar chomhoibriú idir Music Network agus Bord Sláinte Lár Tíre, taithí ar cheol beo a chuir ar fáil do daoine níos sine a bhí ina gcónaí i dtimpeallachtaí cúraim sláinte agus tionchar na taithí seo a thomhais. Tharla an chéad mheasúnú seo tar éis oibre ag sé ionad fadtéarmacha cónaitheacha agus cúraim lae i gceantar an Bhord Sláinte Lár Tíre. Bailíodh faisnéise trí agallaimh, grúpaí fócais agus le ceistneoirí scríofa do na háisitheoirí, ceoltóirí, foireann cúraim sláinte agus na daoine níos sine.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá sé chuid sa thuarascáil, agus is é Cuid a Cúig (Torthaí agus Anailís) príomhchuid na tuarascála. Cuireann na céad cheithre chuid struchtúr na tuarascála i láthair, leagtar amach aidhmeanna agus cuspóirí an mheasúnaithe, cuirtear an tionscadal Ceol i gCúram Sláinte i láthair, agus léirítear na modheolaíochtaí a bhí in úsáid. Cuireann Cuid a Cúig anailís ar na torthaí i láthair faoi na ceannteidil a leanas: (i) Ginearálta, ag cur síos ar an bhfreagairt foriomlán ar an dtionscadal; (ii) Cur i bhFeidhm; (iii) Rochtain ar Cheol a Chur Chun Cinn; (iv) Caighdeán Maireachála a Fheabhsú; (v) Ábhar na Seisiún; (vi) Roghnú na Rannpháirtithe; (vii) Foireann, ag tógáil ar ríochtánais an thionscadail don fhoireann agus na torthaí ar oiliúint foirne; (viii) Na Ceoltóirí agus na hÁisitheoirí, ag cur taithí, dearcadh agus torthaí a bhí ar na ceoltóirí agus ar áisitheoirí na gceardlann i láthair; (ix) Eagrú agus Riarachán an Thionscadail; (x) Ospidéal Naomh Uinseann – Dearcadh Easaontach, ag cur dearcadh ó ospidéal amháin (i Móinteach Mílic) i láthair, ina raibh gníomhaíochtaí a bhain le ceol ar bun le hothair cheana féin, agus áit ar cheap baill foirne go raibh luach breise níos lú ag an dtionscadal ansin ná mar a bhí in áiteanna eile; agus (xi) Achoimre ar Phríomhthorthaí. Críochnaíonn an tuarascáil le Cuid a Sé (Plé agus Moltaí) a dhéanann athbhreithniú ar chuspóirí an thionscadail i leith an mheasúnaithe agus a dhéanann fiche moladh maidir le cur i bhfeidhm an thionscadail amach anseo. Áirítear ceistneoirí samplacha agus treoirlínte ar phlé grúpa i measc an ábhair atá sa chúig aguisín atá leis.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Na hEalaíona agus Sláinte, Pobal Comhleasa (Daoine níos Sine)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.7.3 Ceol

Teideal:	Music in Healthcare Project: Phase Two Evaluation Report
Fotheidéal:	Ceann ar bith
Bliain:	2000
Úda(i)r:	Wilkinson, J.
Arna choimisiúnú ag:	Music Network
Arna mhaoiniú ag:	N/B
Foilsitheoir:	N/B
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	40
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Leanann an measúnú seo ar aghaidh ón <i>Music in Healthcare Project: Phase One Evaluation Report</i>, agus is é an dara measúnú ar an dTionscadal Ceoil i gCúram Sláinte atá i gceist leis. Deir an Réamhrá atá leis gur chóir é a léamh in éineacht leis an dtuarascáil measúnaithe ar an gcéad chéim. Is comhpháirtíocht idir Music Network agus Bord Sláinte Lár Tíre atá ann, a bhí ar bun i sé ionad cúraim sláinte sa réigiún. Tá an measúnú bunaithe ar chomhairliúcháin le háisitheoirí, ceoltóirí, baill foirne agus rannpháirtithe cúraim sláinte; agus eolas ó cheistneoirí.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá cúig chuid sa thuarascáil – tugann an chéad trí chinn acu réamhrá ar an dtuarascáil, ag leagan amach aidhmeanna an mheasúnaithe agus an modheolaíocht taighde. Cuireann Cuid a Ceathair (Torthaí agus Anailís) torthaí an mheasúnaithe i láthair maidir le hobair an thionscadail sna sé iondad. Tá dhá fho-chuid ann:(i) Réamhrá; (ii) Ginearálta, a dhéanann achoimre ar torthaí ón dara chéim den thionscadal, a bhí an-dhearfach don chuid is mó; (iii) Ospidéal Naomh Uinseann, Móinteach Mílic, áit nach raibh na torthaí chomh dearfach; (iv) An Clár, a dhéanann scrúdú ar an ábhar agus an próiseas atá sa chlár, agus na torthaí a bhaineann leis; (v) Tionchar ar Dhaoine Níos Síne; (vi) Pleanáil agus Struchtúr; (vii) Roghnú na Rannpháirtithe; (viii) Foireann agus Soláthar Foirne; (ix) Mátrúin, ar dhearcadh na mátrún i leith an tionscadail; (x) An Ceoltóir agus Áisitheoirí, a chuireann síos ar an dtáthí oiliúna agus meantóireachta; (xi) Leas an Thionscadail a Choinneáil; agus (xii) Ag Leanúint ar Aghaidh leis an nGrúpa Céanna, a scrúdaíonn an inmharthanacht a bhaineann le leanúint ar aghaidh leis an dtionscadal. Tá plé ar an gcaoi le cur i bhfeidhm an thionscadail a fheabhsú agus déantar aon mholadh déag i gCuid a Cúig den tuarascáil (Plé agus Moltaí). Áirítear ceistneoirí samplacha agus treoirlínte ar phlé grúpa i measc an ábhair atá sa chúig agusín atá ann.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Na hEalaíona agus Sláinte, Pobal Comhleasa (Daoine níos Síne)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.7.4

Ceol

Teideal:	South Dublin Education Project
Fotheidéal:	Ceann ar bith
Bliain:	2000
Úda(i)r:	Kinder, C.
Arna choimisiúnú ag:	Music Network
Arna mhaoiniú ag:	N/B
Foilsitheoir:	N/B
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	30
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Measúnú ar threoirthionscadal riartha ag Music Network mar chuid den fhorbairt ar chlár oideachais náisiúnta ceoil. Cuireadh an tionscadal i bhfeidhm i dtrí bhunscoil agus trí iarbhunscoil i mBaile Átha Cliath Theas, leis an aidhm fhoriomlán ná scrúdú a dhéanamh ar samhail d'úsáid a bhaint as ceol beo sa seomra ranga. Bhí an treoirthionscadal ar bun i gcomhthéacs athruithe sa churaclam ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile araon. Tá roinnt modhanna taighde i gceist leis an measúnú, ina measc breathnadóireacht, ceistneoirí agus comhairliúchán.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá seacht gcaibidil sa thuarascáil. Tar éis réamhrá gairid ar an dtreoirthionscadal agus ar an measúnú, tugann Caibidil a Dó liosta den aidhm is fiche a bhí ag an dtreoirthionscadal agus leagann Caibidil a Trí amach na modhanna measúnaithe. Cuireann Caibidil a Ceathair eolas agus dearcadh i leith oibriú an threoirthionscadail maidir le roinnt gnéithe den thionscadal i láthair: gnáthchuart na gceoltóirí ar scoil; dearcadh na múinteoirí agus na príomhoidí; dearcadh na gceoltóirí; agus dearcadh na leanaí. Déanann Caibidil a Cúig (príomhchuid an thuarascáil) athbhreithniú níos mionsonraithe ar an dtreoirthionscadal maidir leis na bunaidhmeanna a bhí aige. Déantar rangú ar na torthaí faoi roinnt cheannteideal: Iompraíoch, Idirchaidreamh Scoile agus Struchtúr an Thionscadail, agus Forbairt Ghairmiúil. Déanann Caibidil a Sé measúnú ar an dtionscadal agus na cuspóirí foriomlána a bhí aige faoi shé cheannteideal: Ag Scrúdú Eochairchoincheapanna; Páirtíocht le Scoileanna; Ag Ceartú Neamh-chomhsheasmhacht maidir le Ceol a Chuir ar Fáil; Ról na hEagraíochta Gairmiúil Ceoil; agus Tionchar a Imirt ar Phríomhsholáthróirí Oideachais Ceoil. Críochnaíonn an tuarascáil le hachóimre ar thorthaí agus ar mholtaí. Cuirtear fiche toradh i láthair i bhfoirm urchair agus leanann fiche moladh agus roinnt nótaí mar chonclúid iad.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil agus Iarbhunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.7.5

Ceol

Teideal:	Dingle Education Project
Fotheidéal:	Ceann ar bith
Bliain:	2001
Úda(i)r:	Kinder, C.
Arna choimisiúnú ag:	Music Network
Arna mhaoiniú ag:	Music Network
Foilsitheoir:	Music Network
Uimhir ISBN:	Music Network
Líon Leathanach:	19
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Is measúnú ar threoirthionscadal a chuir Music Network i bhfeidhm i Samhain agus Nollaig 2000 atá sa tuarascáil seo. Bhí an tionscadal mar chuid den fhorbairt ar chlár náisiúnta oideachais ceoil agus bhí sé bunaithe i gceithre bhunscoil agus dhá iarbhunscoil i gCorca Dhuibhne. Is úsáid an cheoil bheo mar bhealach chun cur leis an oideachas foriomlán a chuirtear ar fáil sa seomra ranga a bhí i gceist leis an dtionscadal. Thóg an treoirthionscadal roinnt athruithe agus leasuithe san áireamh bunaithe ar mheasúnú ar an <i>South Dublin Education Project</i> a d’eagraigh Music Network níos túisce i 2000.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá seacht gcaibidil sa tuarascáil measúnaithe. Tar éis Caibidil a hAon (Réamhrá), leagann Caibidil a Dó amach cúlra an tionscadail. Déanann Caibidil a Trí cur síos ar chomhthéacs na gcuairteanna ar na scoileanna faoi chúig cheannteideal: Roghnú na nDaltaí; Na Ceoltóirí; Clár a hAon; Clár a Dó; agus Gnáthchuid Scoile. Tugann Caibidil a Ceathair cur síos ar na huirlisí measúnaithe ar baineadh úsáid astu. Déanann Caibidil a Cúig anailís ar thorthaí an tsuirbhé agus na hagallaimh agus tá tuairimí ó leanaí, múinteoirí agus ceoltóirí san áireamh leis. Tá plé ginearálta ar Chlár a hAon (Iarbhunscoile) agus Clár a Dó (Bunscoile) agus oiliúint na múinteoirí i gCaibidil a Sé. Cuireann Caibidil a Seacht conclúidí agus moltaí i láthair. Tá tuilleadh eolais iniata leis an dtuarascáil, ina measc torthaí níos mionsonraithe ar na sonraí agus eolas ar an ábhar sa mhodúl a úsáideadh.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil agus Iarbhunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.7.6

Ceol

Teideal:	Music Network Policy 2000
Fotheidéal:	Ceann ar bith
Bliain:	2000
Úda(i)r:	Music Network
Arna choimisiúnú ag:	Music Network
Arna mhaoiniú ag:	Music Network
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Music Network Ireland
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	8
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Doiciméad beartais de chuid Music Network. Leagann sé amach ráiteas misin, cuspóirí beartais agus clár gníomaíochtaí na heagraíochta.</p> <p>Clár na nÁbhar Deir an ráiteas misin go bhfuil Music Network deartha chun rochtain a thabhairt do gach duine in Éirinn ar ghníomhaíochtaí ceoil den chaighdeán is airde. Tugtar míniú ar an ráiteas seo agus cuireann cuid ghairid ina dhiadh sin beartais Music Network i gcomhthéacs níos leithne. Aithnítear dhá bhunchuspóir beartais agus dhá thosaíocht bhreise agus cuirtear clár gníomhaíochtaí i láthair ansin. Tá na gníomhaíochtaí seo rangaithe faoi thrí cheannteideal: Clár Feidhmiúcháin, Seirbhís Fhaisnéise, agus Taighde agus Forbairt. Críochnaíonn an doiciméad le tiomantas na heagraíochta gníomhú chun rochtain ar cheol a chur chun cinn.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Neamhfhormiúl agus Neamhfhóirmeálta
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.7.7

Ceol

Teideal:	'Bach Alive' Education Project – Evaluation Report
Fotheideal:	Ceann ar bith
Bliain:	2001
Úda(i)r:	Music Network
Arna choimisiúnú ag:	Music Network
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon, Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) agus Comhairle na Breataine, le huirlisí a chuir Banc Uirlisí de chuid Iontaobhas Chumann Ceoil Taifeadta na hÉireann (IRMA) ar fáil.
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Music Network
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	18
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil measúnaithe, bunaithe ar chomhairliúcháin agus ceistneoirí suirbhé, ar tionscadal scoile 'Bach Alive' de chuid Music Network, a bhí ar siúl ó Dheireadh Fómhair go Nollaig 2000. Bhí an tionscadal ceangailte le camchuart ceolchoirmeacha le pianódóir (Barry Douglas) agus é bunaithe i scoileanna i dtír cinn de na háiteanna ar an gcamchuart - Leitir Ceanainn, An Clochán agus Trá Lí. Bhí an tionscadal ar siúl nuair a bhí na ceolchoirmeacha ag teacht suas. Is í an aidhm a bhí ann ná páirtíochtaí a fhorbairt le bunscoil agus le meánscoil amháin i ngach áit chun luach a thabhairt do na scoileanna agus don chamchuart, .i. trí feacht ar na ceolchoirmeacha a ardú. Fuair an tionscadal a ainm ó ghné-shaothar an chláir chamchuarite - Goldberg le breachnuithe de chuid Bach.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tosaíonn an tuarascáil le ceithre chuid ghairid a chuireann an tuarascáil measúnaithe agus an tionscadal i láthair, a mhíníonn an mhodheolaíocht a úsáideadh agus a thugann eolas faoi chúlra an tionscadail. Is í Cuid a Cúig (Torthaí agus Anailís) an chuid lárnach den tuarascáil agus í eagraithe faoi sheacht cheannteideal: Ginearálta; Cur i bhFeidhm; Rochtain ar Cheol a Chur Chun Cinn; Ábhar agus Nádur na Seisiún; Rannpháirtithe; Áisitheoirí; agus Eagrú agus Riarachán an Thionscadail. Tá plé ar thorthaí an mheasúnaithe agus tugtar dhá mholadh déag i gCaibidil a Sé. Tá ceistneoirí samplacha a bhí in úsáid sa thaighde in aguisín amháin. Níl aguisíní breise a bhí sa bhunleagan le fáil sa leagan ar líne den tuarascáil measúnaithe.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil agus Iarbhunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.7.8

Ceol

Teideal:	MEND Report
Fotheideal:	A Review of Music Education in Ireland, Incorporating the Final Report of the Music Education National Debate (MEND – Phase III)
Bliain:	2001
Úda(i)r:	Heneghan, F.
Arna choimisiúnú ag:	N/B
Arna mhaoiniú ag:	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) agus ainmnítear raon urraitheoirí corparáideacha sa thuarascáil.
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	423
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tháinig tuarascáil MEND (Plé Náisiúnta ar Oideachas Ceoil) amach mar fhreagairt ar <i>Deaf Ears?</i> (1985) a dúirt: ‘Tá an ‘domhan ceoil’ is measa ag an duine óg in Éirinn i gcomhthéacs na hEorpa’. Bhí freagairt ag teastáil ar an ráiteas seo, dar le tuarascáil MEND, agus bhí plé náisiúnta – an Plé Náisiúnta ar Oideachas Ceoil – mar thoradh air. Mhair an chéim phoiblí den tionscadal ó mhí Feabhra 1994 go mí na Samhna 1996, agus bhí ionchur ó na páirtithe ar fad ar shuim leo oideachas ceoil in Éirinn. D’fhorbair MEND clár oibre le hocht bpointe le dul i ngleic le gach gné den oideachas ceoil in Éirinn: (i) Fealsúnachtaí Oideachais Ceoil; (ii) Staid Reatha an Oideachais Ceoil in Éirinn; (iii) Leanúntas san Oideachas Ceoil; (iv) Taibhléiriú san Oideachas Ceoil; (v) Measúnú san Oideachas Ceoil; (vi) Cultúr Náisiúnta agus Ilchultúrthacht; (vii) Oideachas Ceoil Tríú Leibhéal agus Oiliúint Múinteoirí; agus (viii) Tar éis MEND – Fóram don Oideachas Ceoil. Tá an t-ábhar ar fad a bailíodh sna codanna éagsúla den MEND, ina measc comhdhálacha, seimineáir, cur i láthair léannta srl., mar fhoinse don tuarascáil seo. Bhí Uachtarán na hÉireann mar phátrún ar an gcéim deireadh de thionscadal MEND.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tosaíonn an tuarascáil le haitheantas d’urraitheoirí corparáideacha MEND. Tar éis Clár na nÁbhar agus Brollach leis an údar, cuireann Caibidil a Trí achoimre ar thorthaí na tuarascála i láthair ar na gnéithe éagsúla de chlár oibre an MEND. Cuireann Caibidil a Ceathair go Caibidil a Sé Déag na gnéithe éagsúla comhthéacsúla den phlé ar oideachas ceoil agus próiseas MEND i láthair: m.sh. codanna ar Cheol in Oideachas na hÉireann – an méid atá curtha ar fáil le déanaí, Bliain Eorpach an Cheoil in 1985; modheolaíochtaí MEND; agus sonraí lóistíochúla ar an gcaoi a d’oibrigh MEND, ina measc sonraí ar na daoine agus na heagraíochtaí a ghlac páirt ann. Is iad Caibidil a Seacht Déag go Caibidil a Naoi Déag lár na tuarascála, leis an chéad dá cheann ag tabhairt anailís ar na gnéithe éagsúla den phlé MEND agus Caibidil a Naoi Déag (Cuíchóiriú) ag plé ceisteanna a bhaineann le fealsúnacht an oideachais ceoil, go hidirnáisiúnta agus in Éirinn. Cuireann Caibidil a Fiche torthaí agus moltaí MEND i láthair agus tá clár ábhar mionsonraithe ar Caibidil a Seacht Déag go Caibidil a Naoi Déag le fáil in aguisin.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil agus Neamhfoirmiúil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.7.9

Ceol

Teideal:	County Wexford Children's Choir Project
Fotheideal:	Measúnú Neamhspleách ar Chéim a Dó: 2000-2002
Bliain:	2002
Úda(i)r:	Meiklejohn, S.
Arna choimisiúnú ag:	Comhairle Contae Loch Garman
Arna mhaoiniú ag:	Comhairle Contae Loch Garman agus an Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	10
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Tuarascáil le sainmheastóir neamhspleách (Speisialtóir Sinsearach Ceoil ar Cuairt ó Comhairle Fíobha in Albain) ar an dara céim (2000-2002) de thionscadal cóir leanaí. Bhí clár ceoil córúil i sé bhunscoil agus forbairt ar chór contae leanaí (sinsearach agus sóisearach) i gceist leis an dtionscadal. Is tráchtairacht agus anailís bunaithe ar agallaimh le heochairpháirtithe leasmhara agus rannpháirtithe, breathnadóireacht, agus anailís ar ábhar scríofa roghnaithe i rith an turais seachtaine atá sa thuarascáil, atá cuíosach gearr.</p> <p>Clár na nÁbhar Réamhrá ag léiriú an cúlra agus an mhodheolaíocht. Cuid ghearr a thugann measúnú gairid ar na tionchair is mó ar na trí scoil a ghlac páirt sa chéad chéim den thionscadal. Leagann amach an chéad chuid eile ceisteanna an taighde, cuspóirí an tionscadail agus na torthaí a cheaptar a bheidh ag an dara céim den tionscadal, roimh an measúnú atá ag lár na tuarascála agus a bhfuil éagsúlacht dearcaidh ann. Déanann an chuid atá mar chonclúid cur síos ar phríomhghnéithe an tionscadail, agus aithníonn sí agus téann sí i ngleic le dhá phríomhcheist a imreoidh tionchar ar an dtionscadal amach anseo, chomh maith le ceithre mholdadh do ghníomhartha amach anseo.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil agus Neamhfhoirmiúil, Bunscoil agus Iar-bhunscoil, Ealaíona na hÓige
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.7.10

Ceol

Teideal:	Music in Healthcare Project: Phase Three Interim Evaluation Report
Fotheidéal:	Iúil 2001 – Meitheamh 2002
Bliain:	2002
Úda(i)r:	Music Network
Arna choimisiúnú ag:	Music Network agus Bord Sláinte Lár Tíre
Arna mhaoiniú ag:	N/B
Foilsitheoir:	N/B
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	41
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil mheasúnaithe ar Chéim a Trí den Tionscadal Ceoil i gCúram Sláinte. Is tuarascáil mheasúnaithe eastramhach atá ann, agus tá sé i gceist go mbeidh sé mar fhoinsé eolais do bhliain a dó agus bliain a trí den tionscadal. Deir an Réamhrá atá leis gur féidir é a léamh in éineacht le tuarascálacha measúnaithe a rinneadh níos túisce ar na céad dá chéim den chlár. Is comhpháirtíocht idir Music Network agus An Bord Sláinte Lár Tíre é 'Ceol i gCúram Sláinte'. Is í an aidhm a bhí ag Céim a Trí ná samhail a fhorbairt chun ceol beo a úsáid in ionaid chónaitheacha agus lae a thugann cúram do dhaoine aosta a mbeadh tionchar dearfach aici ar an dtimpeallacht theiripeach. Tá an taighde bunaithe ar cheistneoirí agus grúpaí fócais agus anailís ar thuarascálacha a d'ullmhaigh na háisitheoirí atá ag obair ar an gclár</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tosaíonn an tuarascáil le réamhrá ar aidhmeanna agus modhanna an mheasúnaithe, beagán cúlra ar an dtionscadail, agus míniú ar an gcaoi ar tháinig Céim a Trí den tionscadal chun cinn. Is í Cuid a Cúig (Torthaí agus Anailís) príomhchuid na tuarascála, a scrúdaíonn torthaí an thionscadail. Tá an chuid seo briste síos i roinnt fo-chodanna: Ginearálta, ina ndéantar tuairisc ar na torthaí dearfacha; Oiliúint agus Tacaíocht do Dhá Eochairghrúpa Gairmiúla; Gníomhaíochtaí sna hIonaid; Tionchar ar na Daoine Níos Síne; Ceisteanna ó thaobh Eagair i leith na hIonaid Rannpháirteacha; Áisitheoirí agus Ceoltóirí; Eagrú agus Riarachán Foriomlán an Chláir; agus Leas an Thionscadail a Choinneáil. Sna fo-chodanna seo, déantar tuairisc, plé agus anailís ar na torthaí. Tá tuairimí óna páirtithe leasmhara a bhí páirteach san áireamh tríd síos an tuarascáil. Déanann Cuid a Cúig (Plé agus Moltaí) plé ar an gcaoi ar chóir do Chéim a Trí den tuarascáil dul ar aghaidh agus déanann sé naoi moladh is fiche maidir leis seo. Áirítear treoirlínte do na hionaid atá ag glacadh páirt, sonraí poist d'áisitheoirí an thionscadail cúraim sláinte agus ceoltóirí an thionscadal, agus trí cheistneoir samplach a bhí in úsáid sa thaighde mheasúnaithe sna sé agusín.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Na hEalaíona agus Sláinte, Pobal Comhleasa (Daoine níos Síne)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.7.11

Ceol

Teideal:	A National System of Local Music Education Services
Fotheideal:	Tuarascáil ar Staidéar Féidearthachta
Bliain:	2003
Úda(i)r:	Music Network
Arna choimisiúnú ag:	An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
Arna mhaoiniú ag:	An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Music Network
Uimhir ISBN:	0-9528783-5-6
Líon Leathanach:	60
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Tuarascáil ar staidéar féidearthachta, a d’ullmhaigh Music Network agus a mhaoirsigh Grúpa Comhairleach, ina raibh ionadaithe óna Ranna Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta; Oideachas agus Eolaíocht; an Chomhairle Ealaíon agus eagraíochtaí eile. Rinne an tuarascáil scrúdú ar an gcaoi a d’fhéadfaí córas náisiúnta ‘scoileanna ceoil’ áitiúla le tacaíocht poiblí a chuir ar fáil d’Éirinn. Tháinig an staidéar amach tar éis níos mó ná bliain de thaighde deisce, comhairliúchán leathan, agus cruinnithe le príomhfhaisnéiseoirí in Éirinn agus thar lear.</p> <p>Clár na nÁbhar Mhol an staidéar Córas Náisiúnta de Seirbhísí Oideachais Ceoil Áitiúla (SOCA), faoi mhaoirseacht ag eagraíocht náisiúnta, curtha ar fáil le Páirtíochtaí SOCA, agus ag comhlánú an oideachas ceoil reatha a chuirtear ar fáil. Is samhail le dhá fócas atá ann, ag dul i ngleic le dhá riachtanas comhlántacha: (i) teagaisc uirlise agus gutha, agus (ii) tacaíocht don churaclam ceoil i mbunscoileanna agus meánscoileanna. Tá Brollach le Cathaoirleach Music Network agus Cathaoirleach an Ghrúpa Comhairleach ag tús na tuarascála. Tugann réamhrá na tuarascála eolas ar an gcúlra agus déanann sé achoimre ar an méid a chuirtear ar fáil faoi láthair. Leagann an chéad trí chaibidil eile amach sonraí den samhail mholta, faoi trí cheannteideal: Ceisteanna Struchtúracha; Ceisteanna Oideachais; agus Ceisteanna Acmhainní. Tugann caibidil dheiridh na tuarascála léiriú ar na príomhghnéithe, ina measc amlíne, den phlean cur i bhfeidhm atá ag teastáil chun an samhail mholta a seachadadh. Cuireann seacht aguisín sonraí breise agus eolas faoin gcúlra ar fáil.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil agus Iarbhunscoil. Oideachas Neamhfhoirmiúil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.8)

2.7.12

Ceol

Teideal:	Music for Young People
Fotheidéal:	Tithe an Oireachtais, An Comhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasaíreacht, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta – An Tríú Thuarascáil
Bliain:	2004
Úda(i)r:	An Comhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasaíreacht, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Arna choimisiúnú ag:	An Comhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasaíreacht, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Arna mhaoiniú ag:	N/B
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair
Uimhir ISBN:	0-7557-1902-6
Líon Leathanach:	91
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Tuarascáil taighde a leanann ar aghaidh ó thuarascáil níos túisce de chuid an Comhchoiste dar teideal <i>The Arts as a Building Block</i> (2003). Déanann an tuarascáil seo athbhreithniú cuimsitheach ar staid an cheoil sna scoileanna i gContae Dhún na nGall, bunaithe ar shuirbhé ar phríomhoidí. Tharraing an Coiste ar ionchuir ó dhaoine aonair eile sa réimse oideachais ceoil agus ceol a chur ar fáil agus na healaíona.</p> <p>Clár na nÁbhar Díríonn an tuarascáil ar oideachas ceoil a chuirtear ar fáil sna bunscoileanna, i gcomhthéacs an churaclaim nua ceoil bunscoile a tugadh isteach i 1999. Tosaíonn an tuarascáil le Réamhrá an Chathaoirligh agus réamhrá gairid faoin dtuarascáil. Cuirtear torthaí an tsuirbhé i láthair i gCaibidil a hAon, agus baintear leas forleathan as athfhriotal comhlánaithe ag cairteacha a thaispeánann sonraí a bhaineann le réimse leathan ceisteanna, ó dhearcadh go gnéithe praiticiúla. Cuirtear sonraí i láthair ar cheisteanna cosúil le láidreacht an cheoil sna scoileanna faoi láthair, dúshlán roimh mhúineadh an cheoil, cineálacha múinteoireachta ceoil sna scoileanna, uirlisí atá ar fáil ag na scoileanna agus tacaíochtaí ón dtaobh amuigh atá ar fáil. Déanann Caibidil a Dó anailís ar an gcuraclam ceoil bunscoile nua, i gcomhthéacs na gceisteanna a chuirtear i láthair sa chaibidil roimhe sin. Déantar moladh is fiche mar chonclúid na tuarascála, agus tá ceithre aguisín ann, a chuimsíonn ceistneoirí samplacha agus téacs na gceisteanna agus na bhfreagraí parlaiminte cuí.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.7.13

Ceol

Teideal:	Evaluation of the Music in Healthcare Project 2000-2004
Fotheideal:	Tionscadal páirtíocht idir Music Network agus an Bord Sláinte Lár Tíre é (Ceantar Lár Tíre FSS)
Bliain:	2005
Úda(i)r:	Moloney, O.
Arna choimisiúnú ag:	Music Network agus Ceantar Lár Tíre Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
Arna mhaoiniú ag:	N/B
Foilsitheoir:	N/B
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	N/B
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Is measúnú ar thionscadal Cheol i gCúram Sláinte í an tuarascáil seo, tionscadal páirtíochta idir Music Network agus Réigiún Bhord Sláinte Lár Tíre, ó uair a bunaíodh i 2000 é go dtí deireadh Céim a Trí i 2004. Bhí sé mar aidhm ag an dtionscadal samhail a fhorbairt chun ceol beo a úsáid i dtimpeallachtaí cónaitheacha agus cúraim lae do dhaoine aosta a mbeadh tionchar dearfach aici ar an dtimpeallacht theiripeach. Scrúdaíonn an measúnú tionchar an thionscadail agus éifeachtúlacht struchtúir an thionscadail. Tarraingíonn an tuarascáil ar na torthaí ó na trí thuarascáil mheasúnaithe a rinneadh ar an dtionscadal idir 2000 agus 2002 agus cuireann sí eolas faoin obair ar fad i gCéim a Trí den tionscadal leis.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tar éis réamhrá a chuireann an tionscadal i gcomhthéacs gníomhaíochtaí atá ag dul i méid i réimse na n-ealaíon agus sláinte in Éirinn, m.sh. ag lua Arts and Health Handbook 2003 de chuid na Comhairle Ealaíon, tá cúig chuid sa thuarascáil. Tugann Cuid A (Cúlra) eolas ar stair an thionscadail ar fáil, na haidhmeanna atá leis agus na heochairpháirtithe a bhfuil baint acu leis. Scrúdaíonn Cuid B an tionchar ar na rannpháirtithe, ceoltóirí, foireann cúraim sláinte agus an timpeallacht chúraim sláinte. Déantar measúnú ar thionchar an chláir trí díriú ar raon torthaí, m.sh. ealaíonta, cruthaitheach, fisiciúil, mothúchánach agus gairmiúil. Féachann Cuid C ar phríomhcheisteanna an tionscadail go praiticiúil agus scrúdaíonn Cuid D ceisteanna a bhaineann le hoiliúint agus meantóireacht. Scrúdaíonn Cuid E an pháirtíocht eagraithe agus na struchtúir faoina bunaíodh í. Aithníonn sí gnéithe inmheánacha agus seachtracha a d'imir tionchar ar an bpáirtíocht. Tá moltaí i gCodanna C go E maidir le forbairt ar thionscadal athbhreithnithe amach anseo. Tar éis an chuid ghairid atá mar chonclúid, tugann dhá aguisín eolas ar na modhanna measúnaithe, agus ar na daoine tábhachtacha a raibh baint acu le cur i bhfeidhm an thionscadail.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Na hEalaíona agus Sláinte, Pobal Comhleasa (Daoine níos Sine)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.7.14

Ceol

Teideal:	Music in Healthcare – Mental Health
Fotheideal:	Measúnú ar an gclár rannpháirteach ceoil deartha ag Music Network, a bhí ar siúil in Ospidéal Naomh Stiofáin, Gleann Maghair agus Ionad Carrigmore, Shanakiel mar chuid de Chorcaigh 2005 - Príomhchathair Chultúir na hEorpa.
Bliain:	2005
Úda(i)r:	Moloney, O.
Arna choimisiúnú ag:	N/B
Arna mhaoiniú ag:	N/B
Foilsitheoir:	N/B
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	N/B
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Forbraíodh an tionscadal Ceol i gCúram Sláinte/Sláinte Mheabhrach mar chuid de Sraith Chultúr agus Sláinte de Chorcaigh 2005 – Príomhchathair Chultúir na hEorpa, agus i gcomhair le FSS Ceantar an Deiscirt agus Music Network. Bhí an tionscadal ar bun i ndá thimpeallacht chúraim sláinte. Bhí trí aidhmeanna ag an measúnú: scrúdú a dhéanamh ar thaithí na rannpháirtithe, na foirne, na mbainisteoirí, na gceoltóirí agus na n-eagraithe agus ar thorthaí an tionscadail; an méid a bhí taobh thiar de na gnéithe ba rathúla agus na gnéithe is lú rathúlachta a aithint; agus moltaí i gcomhair príomhshruthú agus gnéithe rathúla a fhorbairt amach anseo a chur i láthair. Obair cháilíochtúil a bhí sa thaighde measúnaithe agus bhí athbhreithniú ar dhoiciméadacht cúí; cuairteanna breathnadóireacht; cruinnithe grúpa agus agallaimh aonair i gceist leis.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Osclaíonn an tuarascáil le réamhrá, a dhéanann cur síos ar na cuspóirí agus ar mhodheolaíocht an mheasúnaithe. Tá cúig chaibidil ina dhiaidh sin, agus leagann an chéad cheann amach cúlra agus aidhmeanna an tionscadail. Scrúdaíonn Caibidil a Dó torthaí an tionscadail, ag cur síos agus ag déanamh anailís ar thaithí shóisialta, phearsanta agus ealaíne na rannpháirtithe, na foirne agus na gceoltóirí. Déanann Caibidil a Trí athbhreithniú ar na príomhghnéithe a raibh tionchar acu ar thorthaí an tionscadail, ina measc an cineál samhla ceoil a bhí in úsáid, scileanna agus cur chuige ealaíne na gceoltóirí, leibhéal tacaíochta a bhí ar fáil mar bhunús an tionscadail agus comhpháirtíocht le himeachtaí for-rochtana. Tá seacht gcuid i gCaibidil a Ceathair (Ceisteanna le Tógáil san Áireamh Amach Anseo): loighistic; soiléiriú ar aidhmeanna agus cuspóirí; cumarsáid; comhpháirtíochtaí cruthaitheacha; imeachtaí for-rochtana bainteacha; doiciméadacht; agus roinnt faisnéise agus abhcóideacht. Cuireann Caibidil a Cúig moltaí agus conclúidí i láthair.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Na hEalaíona agus Sláinte, Pobal Comhleasa (Daoine níos Sine)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.7.15

Ceol

Teideal:	Live Music in the Classroom
Fotheideal:	Anailís ar Phríomhclár Tacaíochta Curaclaim an Vogler Quartet i gCónaitheacht Shligigh
Bliain:	2006
Úda(i)r:	Moloney, O.
Arna choimisiúnú ag:	Grúpa Stiúrtha Páirtithe Vogler, le hionadaithe ó Chomhairle Chontae Shligigh, Comhairle Bhaile Shligigh, Music Network, An Chomhairle Ealaíon agus Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh
Arna mhaoiniú ag:	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Foilsitheoir:	Sligeach: An Oifig Ealaíon, Comhairle Chontae Shligigh
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	96
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil ar shraith oideachais – agus ar chlár tacaíochta an churaclaim bunscoile don chuid is mó – an Vogler Quartet i gCónaitheacht Shligigh. Bhain an chónaitheacht úsáid as ceathairéad téadach idirnáisiúnta mar acmhainn lárnach i gclár oideachais agus forbartha ceoil fadtéarmach i Sligeach idir 1999 agus 2004. Tá sé mar aidhm ag an dtuarascáil na tionchair agus an fhoghlaim a d’eascair ón gcónaitheacht a aithint, chomh maith le ceistanna inmharthanachta .</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tar éis a Achoimre Fheidhmiúcháin, tá cúig chuid eile sa thuarascáil. Cuireann Cuid a Dó aidhmeanna an thaighde agus an mhodheolaíocht a bhí in úsáid i láthair. Tugann Cuid a Trí cúlra ar obair an cheathairéid agus léargas ar na trí shraith den chónaitheacht: sraith an oideachais, sraith an theagaisc uirlise, agus sraith an thaibhléirithe. Díríonn Cuid a Ceathair ar chlár tacaíochta an churaclaim bunscoile, agus scrúdaítear tionchar na hoibre i leith na leanaí, na múinteoirí, na baill den Vogler Quartet, agus an fhoireann tacaíochta. Déanann Cuid a Cúig athbhreithniú ar thairbhí na bpáirtithe eagraithe, ina measc fo-chodanna ar chomhthéacs agus ar thionchar. Cuireann Cuid a Sé conclúidí i láthair, agus déantar plé ar an gcaoi gur féidir tógáil ar an bhfoghlaim a aithníodh, ar bhonn áitiúil agus náisiúnta. Tá naoi aguisín ag an dtuarascáil, ina measc féachaint gairid ar shraitheanna eile den chónaitheacht.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.15)

2.7.16

Ceol

Teideal:	Defining Music Therapy
Fotheideal:	Tithe an Oireachtais, An Comhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasaíreachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta – An tAonú Thuarascáil Déag
Bliain:	2006
Úda(i)r:	An Comhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasaíreachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Arna choimisiúnú ag:	An Comhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasaíreachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Arna mhaoiniú ag:	N/B
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair
Uimhir ISBN:	0-7557-7432-9
Líon Leathanach:	80
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tá an tuarascáil seo deartha chun an córas polaitiúil agus na hearnálacha sláinte agus oideachais níos leithne a chur ar an eolas faoi theiripe cheoil agus an leas gur féidir a bheith aici. Tarraingíonn an tuarascáil a sonraí agus a torthaí ó fhoinsí éagsúla, ina n-áirítear saineolaithe teiripe cheoil a rinne cur i láthair leis an gcomhchoiste, taighde deisce agus athbhreithniú litríochta, cuairteanna chuig agus breathnadóireacht ar chleachtas teiripe cheoil in Éirinn agus sa RA, cruinnithe le heochairfhaisnéiseoirí, agus suirbhé bunaithe ar cheistneoir ar ospidéal/institiúidí agus ar mhic léinn ceoil i ndá ollscoil Éireannacha.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tosaíonn an tuarascáil le Buíochas, Brollach an Chathaoirligh, Achoimre Fheidhmiúcháin agus liosta d'aon mholadh déag na tuarascála. Tá sé chaibidil sa thuarascáil é féin. Tugann Caibidil a hAon sainmhíniú ar theiripe cheoil. Déantar athbhreithniú ar a gcleachtadh in Éirinn i gCaibidil a Dó, a chuimsíonn suirbhé ar mhic léinn ollscoile agus ar thorthaí ó Ospidéal na Leanaí, Cromghlinn, chomh maith le baill foirne sna seirbhísí sláinte a lua. Déantar iniúchadh ar an gcás i dTuaisceart Éireann i gCaibidil a Trí agus dírithe ar an RA i gCaibidil a Ceathair, go háirithe ar eolas a fuarthas ó chuairt ar Ospidéal Fulbourn i gCambridge. Tá Caibidil a Cúig bunaithe ar athbhreithniú ar pháipéar eolaíochta ó 2001 ar éifeachtúlacht ceoil agus teiripí ealaíne eile chun cóir leighis a thabhairt dóibh siúd le fadhbanna sláinte mheabhrach. Déanann Caibidil a Sé, atá bunaithe ar staidéar eile, athbhreithniú ar thionchar teiripe ceoil ar mháithreacha agus ar leanaí óga ag aonad síciatrachta leanaí agus teaghlaigh sa RA. Críochnaíonn an tuarascáil le cuid ghairid mar chonclúid agus tá cúig aguisín agus leabharliosta ann, ina measc tuairimí eile ó thimpeallachtaí ospidéal agus óna mic léinn a ndeachthas i mbun comhairliúcháin leo.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona Rannpháirteacha
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceol
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.8.1 Ceoldráma

Teideal:	Towards a Policy and Action Plan for Opera
Fotheideal:	Tuarascáil don Chomhairle Ealaíon
Bliain:	2002
Úda(i)r:	Smith, P.
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	80
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Leagann na Téarmaí Tagartha don tuarascáil amach an dá aidhm atá aici. Is í an chéad cheann ná anailís a dhéanamh ar riachtanais ceoldrámaíochta ó dhearcaidh léiritheoirí ealaíne, foireann cruthaitheach (ina measc cumadóirí agus taibheoirí) agus lucht féachana/éisteachta. Is í an dara ceann ná comhairle a chuir ar an gComhairle Ealaíon ar an meascán tacaíochtaí forbartha is fearr a réitíonn le tosaíochtaí na Comhairle, leis na hacmhainní atá ar fáil, agus leis an méid a thugann compántais ceoldrámaíochta agus eagraíochtaí eile le ról tábhachtach straitéiseach sa cheoldráma in Éirinn. D’ullmhaigh Oifigeach Ceoil agus Ceoldrámaíochta de chuid Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann an tuarascáil. Chuimsigh an taighde raon modhanna, ina measc ionchuir ó eagraíochtaí agus daoine aonair; ceistneoirí ó chompántais ghairmiúla ceoldrámaíochta; agallaimh le baill foirne tábhachtacha sa Chomhairle Ealaíon agus i gcompántais atá maoinithe ag an gComhairle Ealaíon; na príomheagraíochtaí agus daoine aonair eile; aighneachtaí ó pháirtithe cuí ina measc cumadóirí, dearthóirí agus tionscnóirí; suirbhéanna ar ionaid tionóil réigiúnacha; agus athbhreithniú ar fhigiúirí freastail.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Leagann réamhrá na tuarascála amach stair ghairid na ceoldrámaíochta in Éirinn chomh maith le comhthéacs agus struchtúr na tuarascála. Tugann Cuid a Dó eolas ar chompántais ceoldrámaíochta amharclainne atá ann faoi láthair in Éirinn. Tá eolas mar gheall ar a bpróifíl ealaíne, leibhéil fhostaíochta agus aschuir, lucht féachana, staid airgeadais, bainistiú agus rialú, agus pleananna amach anseo ann. I measc na gcompántas a dhéantar próifiliú orthu tá Opera Theatre Company, Ceoldráma Éireann, Féile Cheoldrámaíochta Loch Garman, Co-Opera agus Féile Idirnáisiúnta Ceoldrámaíochta Anna Livia. Déanann Cuid a Trí athbhreithniú ar na ceisteanna a imríonn tionchar ar fhorbairt na ceoldrámaíochta in Éirinn. Déantar plé orthu seo faoi sé cheannteideal: rochtain, ceolfhoireann a chuir ar fáil, cór a chuir ar fáil, obair nua, oiliúint agus maoiniú poiblí. Tá conclúidí agus moltaí i gCuid a Ceathair, agus cuirtear na conclúidí i láthair i gcomhthéacs díospóireacht molta ar an méid a d’fhéadfadh a bheith i gceist le ‘ceoldrámaíocht Éireannach’ seachas ‘ceoldrámaíocht in Éirinn’. Déantar cur síos ar cheithre fhéidearthacht don todhchaí, chomh maith le céimeanna molta chun iad a chur i gcrích.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Gairmoiliúint. Oideachas Neamhfhoirmiúil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Ceoldráma
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.9.1 Amharcealaíona

Teideal:	Report of an Evaluation of 'Unspoken Truths'
Fotheideal:	Ceann ar bith
Bliain:	1993
Úda(i)r:	Prendiville, P. agus Drury, M.
Arna choimisiúnú ag:	Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann , le Seirbhísí Pobail agus na hÓige i Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada agus Ionad Acmhainní Teaghlaigh in Eastát Mhichíl, Inse Chór
Arna mhaoiniú ag:	N/B
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	49
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Ba thaispeántas i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (MNEÉ) i 1992 a bhí in <i>Unspoken Truths</i>. D'éascair sé as tionscadal a raibh baint ag mná as dhá thionscadal forbartha pobail ann, chomh maith le Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus ealaíontóir a bhí ag úsáid ealaíon chun fiosrú a dhéanamh ar scéalta na mban. Bhí an measúnú bunaithe ar agallaimh leath-struchtúraithe agus measúnúithe scríofa ag na rannpháirtithe agus ag baill den ghrúpa comhordaithe. Roghnaíodh an bheirt mheastóirí chun dearcadh forbartha pobail agus na n-ealaíon a thabhairt chuig an bpróiseas.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Oslaíonn an tuarascáil le ráiteas ar aidhmeanna an mheasúnaithe agus na modhanna taighde a bhí in úsáid. Tá Caibidil gearr a hAon (Réamhrá) ann, agus déanann Caibidil a Dó cur síos ar an dtionscadal. Scrúdaíonn Caibidil a Trí an tionchar a bhí ag an dtionscadal ar na mná a ghlac páirt ann i dtéarmaí cumhachtú ina saol, a gcumas cruthaitheach a chur i gcrích, leibhéil rannpháirtíochta, caidrimh a forbraíodh sa ghrúpa, téamaí a tháinig anuas de bharr na hoibre, agus an leas a d'éascair as. Tá athbhreithniú ar an gcaidrimh oibre le Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann , idir an dá ghrúpa pobail agus na hinstiúidí ealaíon, agus tionchair phearsanta agus forbartha pobail san áireamh sa thionchar ar thionscadaí fhorbartha pobail (Caibidil a Ceathair). Cuireann Caibidil a Cúig anailís chultúrtha ar an dtionscadal ar fáil, á lonnú i gcomhthéacs samhla ealaíon pobail agus ag aithint roinnt de na sainghnéithe atá aige. Cuireann Caibidil a Sé gnéithe do samhail mholta do thionscadal forbartha ealaíon pobail i láthair agus léiríonn Caibidil a Seacht na céimeanna atá pleanáilte chun tarlú tar éis an taispeántas i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann. Cuireann Caibidil a hOcht roinnt conclúidí i láthair agus tá ceistneoirí samplacha san áireamh sna seacht aguisín.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona Rannpháirteacha
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Amharcealaíona
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.9.2 Amharcealaíona

Teideal:	A Space to Grow
Fotheideal:	Cur chuige nua i leith Obair le Leanaí, Múinteoirí Bunscoile agus Ealaín Comhaimseartha i gComhthéacs Músaeim.
Bliain:	1999
Úda(i)r:	O'Donoghue, H. agus Davoren, A.
Arna choimisiúnú ag:	Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
Arna mhaoiniú ag:	Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
Uimhir ISBN:	1873 654 502 5
Líon Leathanach:	128
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Tuarascáil agus catalóg le maisiú cuimsitheach deartha chun an fhoghlaim ó roinnt eochairthionscadail 'bunaithe sa seomra ranga' a scaipeadh taobh istigh de chlár bunscoile níos leithne de chuid Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (MNEÉ) ina chéad deich mbliana.</p> <p>Clár na nÁbhar Tosaíonn an tuarascáil le Buíochas, Réamhrá le Comhfhreagraí Oideachais an Irish Times agus Brollach ón gCoimeádaí Sinsearach i Roinn Oideachais agus Pobail de chuid MNEÉ. Cuireann réamhrá gairid eolas ar Chlár Bunscoile MNEÉ agus a phróisis i láthair. Cuirtear dhá thionscadal ar tugadh fúthu mar thaighde le bheith mar bhunús d'obair níos leithne bunaithe sa seomra ranga i láthair ansin. Leanann ceithre chaibidil fada ansin, le tionscadal aonair mar bhunús ag gach ceann acu: An Féin mar Fhoinse; An Timpeallacht mar Fhoinse; An Samhlaíocht mar Fhoinse; agus Spraoi Páiste mar Fhoinse. Cé go bhfuil gach tionscadal sainiúil, leanann na caibidlí struchtúir chosúla. Léiríonn gach ceann an tionscadal, ag cur síos ar na healaíontóirí agus na saothair ealaíne, agus an bealach inar scrúdaíodh na saothair ealaíne i MNEÉ, i gceardlanna múinteoirí agus sa seomra ranga. Taispeántar cineálacha cur chuige maidir le hobair an seomra ranga a fhorbairt i gcairteacha a thugann naisc don churaclam níos leithne freisin. Tá measúnú ar thairbhí an tionscadail – ó dhearcadh na múinteoirí – mar chonclúid do gach caibidil. Críochnaíonn an tuarascáil le heolas ar bhailiúchán an mhúsaeim mar acmhainn chun téamaí a fhorbairt sa seomra ranga agus le trí aguisín ghairid déag.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Amharcealaíona
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.6)

2.9.3 Amharcealaíona

Teideal:	The Sparkling Seven
Fotheideal:	The Art Group – A Study
Bliain:	2000
Úda(i)r:	Perry, M.
Arna choimisiúnú ag:	Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus Tionscadal Óige Pharóiste Naomh Mhichíl
Arna mhaoiniú ag:	Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann, Fondúireacht Óige na hÉireann agus Comhphairtíocht Pobal na gCanálacha
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus Tionscadal Óige Pharóiste Naomh Mhichíl
Uimhir ISBN:	1 873654 86 3
Líon Leathanach:	33
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil le léaráidí ar thionscadal comhphairtíochta idir Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus Tionscadal Óige Pharóiste Naomh Micheál, Inse Chór, Baile Átha Cliath. Is éard a tharla i dtionscadal seo an ‘Ghrúpa Elaíon’ ná go raibh oibrí don aos óg, ealaíontóir agus seachar daoine óga i gcaidreamh uathúil spreagúil ar feadh dhá bhliain ó Meán Fómhair 1997 go meitheamh 1999. Tá an tuarascáil seo bunaithe ar thaighde i measc na leabhar agus ar thaighde allamuigh, lena n-áirítear freastal ar a lán seisiún den tionscadal agus agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara an tionscadail.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá cuntas sa chéad chuid ar an gcomhthéacs inar cuireadh tús le tionscadal an Ghrúpa Elaíon, lena n-áirítear cur síos ar na comhpháirtithe agus ar bhunús an tionscadail agus an staidéir thaighde. Tá tuairisc i gCuid a Dó ar chuspóirí an tionscadail agus cuntas ar an gclár, mar aon le cuntas ar an struchtúr bainistíochta, agus an fhoireann agus na hacmhainní a bhí aige. Déantar anailís mion go leor i gCuid a Trí ar phríomhghnéithe an tionscadail. Déantar plé faoi leith ar cheisteanna a bhaineann le hobair óige agus obair ealaíon, pleanáil agus comhordú, agus ar ról na n-ealaíontóirí agus na n-oibríthe óige agus ar an gcaidreamh eatarthu. Scrúdaítear ceithre chuspóirí bunaidh an tionscadail i gCuid a Ceathair i gcomhthéacs taithí na rannpháirtithe, na bpáirtithe leasmhara eile agus na ndaoine eile a bhfuil tuiscint acu ar thionchar an tionscadail, go mór mór na ndaoine óga féin. Tugtar moltaí i gCuid a Cúig faoi cheithre ceannteideal maidir leis an gcaoi a d’fhéadfaí a leithéid de thionscadal a réachtáil amach anseo: Forbairt an Tionscadail; Pleanáil agus Comhordú; Cleachtadh; agus Forbairt amach anseo. Tá sé aguisín leis an dtuarascáil lena n-áirítear faisnéis faoi na gléasanna taighde a úsáideadh.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona Rannpháirteacha, Ealaíona na hÓige.
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Amharcealaíona
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.9.4 Amharcealaíona

Teideal:	Even her Nudes were Lovely
Fotheideal:	Toward Connected Self-Reliance ag Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
Bliain:	2000
Úda(i)r:	Fleming, T. agus A. Gallagher
Arna choimisiúnú ag:	Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
Arna mhaoiniú ag:	Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann, Clár Socrates an AE um Oideachas d'Aosaigh, agus Bliain Idirnaisiúnta na nDaoine Níos Sine.
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
Uimhir ISBN:	1 873654 85 5
Líon Leathanach:	75
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil taighde ar an gClár do Dhaoine Níos Sine ag Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA). Ba é 1999 bliain Idirnaisiúnta na nDaoine Níos Sine agus thug IMMA faoin staidéar seo mar chuid de thionscadal maoinithe de chlár SOCRATES an AE maidir le Músaeim, Príomhoibríthe agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil. Chuathas i mbun an tionscadail seo i gcomhar le roinnt institiúidí cultúrtha san Eoraip. Tá torthaí na taighde bunaithe ar agallaimh duine le duine le baill an ghrúpa, le grúpa fócais an ghrúpa agus ar agallaimh le daoine bunriachtanacha in IMMA.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Ghlac trí dhuine dhéag páirt i gClár na nDaoine Níos Sine (aon bhean déag agus bheirt fhear) agus bhí trí eilimint comhnasctha ann: Ceardlanna, féachaint ar shaothair ealaíne agus bualadh le healaíontóirí agus oibríú leo. Bhí sé ar siúl ar feadh naoi mbliana nuair a scríobhadh an tuarascáil agus bhí deichniúr de trí dhuine dhéag páirteach ann ó thús. Tá réamhrá gearr ann agus ansin tá torthaí an taighde le fáil agus iad eagraithe de réir na sé théamaí a bhí mar bhunús ag a raibh á rá ag na hagallaimh dar leis na taighdeoirí: (i) Cúrsaí déimeagrafaice; (ii) Foláine agus leas na Rannpháirtithe; (iii) IMMA: Meas ar na Cuairteoirí; (iv) An Clár: Dul siar ar laethanta a nÓige agus Spórt a Bheith Acu; (v) Tuiscint acu orthu féin: Forbairt Féiniúlachta; (vi) Tuiscint Cóngáis. Tá cuid i ndiaidh na dtorthaí sin dar teideal 'What Do The Findings Mean?' ina ndéantar anailís ar gach tacar díobh. Tá dhá ghearrchaibidil eile ann: Moltaí maidir le Beartas agus Cleachtas, agus Modheolaíocht Taighde.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil agus Neamhfhoirmiúil, Ealaíona Rannpháirteacha, Pobal Comhleasa (Daoine níos Sine)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Amharcealaíona
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.9.5 Amharcealaíona

Teideal:	Scéim na nEalaíontóirí sna Scoileanna
Fotheideal:	Measúnú ar Oifig Ealaíon Chomhairle Contae an Chláir
Bliain:	2001
Úda(i)r:	Perry, M.
Arna choimisiúnú ag:	Comhairle Contae an Chláir
Arna mhaoiniú ag:	Comhairle Contae an Chláir
Foilsitheoir:	N/B
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	24
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Measúnú é seo ar Scéim na nEalaíontóirí sna Scoileanna a bhí ar siúl ar bhonn treorach i scoileanna i gContae an Chláir ó Mheán Fómhair 2000 go Iúil 2001. Bhí páirt ag 86 scoil (bunscoileanna don chuid is mó) agus 48 físealaíontóirí sa scéim. Is éard a bhí sa scéim ná comhpháirtíocht idir na daltaí scoile, na scoileanna féin agus na físealaíontóirí chun timpeallach cruthaíocht a dhéanamh den seomra ranga. Measúnú siarghabhálach a bhí ann agus bhí sé bunaithe ar agallaimh a cuireadh ar an healaíontóirí a chláraigh sa scéim (rinneadh cuid de na hagallaimh seo ar an teileafón), ar agallaimh le cuid de na páirtithe leasmhara eile (lena n-airítear beirt príomhoide) ar dhá sheisiún díospóireachta le grúpa daoine óga a ghlac páirt sa scéim, ar cheistneoirí a freagraíodh ag scoileanna a ghlac páirt sa scéim agus ag scoileanna nár ghlac páirt agus ar cháipéisíocht bhainteach eile.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá cuntas i gcéad chodanna an mheasúnaithe ar chúlra an tionscadail mar aon le cuntas ar Scéim na nEalaíontóirí sna Scoileanna agus an chaoi ar cuireadh i bhfeidhm í. Tugtar dearcadh na n-ealaíontóirí agus na scoileanna i gCuid a Ceathair agus déantar athbhreithniú i gCuid a Cúig ar an gcaidreamh idir na healaíontóirí agus na múinteoirí. Pléitear cúrsaí acmhainne i gCuid a Sé agus déantar athbhreithniú i gCuid a Seacht ar cheisteanna bainistíochta agus comhordaithe. Tá athbhreithniú i gCuid a Naoi ar thorthaí agus thionchair, le fochodanna curtha ar fáil le haghaidh ealaíontóirí, múinteoirí agus daltaí, mar aon le fochodanna eile fós faoi éifeacht foriomlán na scéime agus an tionchar a bhí aici ar shaothar na n-ealaíontóirí féin. Tá plé i gCuid a Naoi ar an leagan amach a d'fhéadfadh a bheith ar an scéim amach anseo. Tugtar é seo faoi trí cheannteideal: Fad na scéime; Ar chóir d'Ealaíontóirí Filleadh ar na Scoileanna?; agus an Scéim a leathnú amach chuig Foirmeacha eile Ealaíon. Déantar plé i gCuid a Deich ar an gcaidreamh idir an Oifig Ealaíon agus Ionad Oideachais an Chláir, agus tá moltaí i gCuid a hAondéag. Tá siad seo le fáil faoi dhá cheannteideal déag. Tá trí aguisín leis an dtuarascáil, ina dtugtar liosta de na healaíontóirí agus na scoileanna rannpháirteacha.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil agus Iarbhunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Amharcealaíona
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.9.6 Amharcealaíona

Teideal:	A Whole New World ...
Fotheidéal:	An Evaluation of an Arts Project in Creag Aran
Bliain:	2001
Úda(i)r:	Finlay, S.
Arna choimisiúnú ag:	Bord Sláinte an Oirthir agus an Chomhairle Ealaíon
Arna mhaoiniú ag:	N/B
Foilsitheoir:	N/B
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	30
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil measúnaithe ar thionscadal ealaíne i Creag Árann i Nás, Contae Chill Dara. Is áit ina gcuirtear chúram cónaithe ar fáil do dhaoine óga. Bhí an tionscadal ar siúl ó Nollaig 2000 go Iúil 2001 agus forbraíodh é mar chuid de chomhthionscnamh de chuid Bhord Sláinte an Oirthir agus an Chomhairle Ealaíon a raibh sé d’aidhm aige na healaíona a fhorbairt i dtimpeallachtaí sláinte agus cúraim shóisialta. D’oibrigh na healaíontóirí i rith na scéime leis na daoine óga ina nduine agus ina nduine agus ina grúpaí, agus laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de. Chuadar ar roinnt turas agus dhírigh siad i rith na sé seachtaine deireanacha ar struchtúr ilmheán a chruthú le cur ar thailte Ionad Chreag Árann. Baineadh leas as agallaimh cháilíochta mar chuid den mheasúnú, mar aon le ceistneoirí, breathnadóireacht, agus bualadh le foireann agus rannpháirtithe an tionscadail.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tugtar réamhrá agus faisnéis cúlfaoin gcineál eagraíocht í Chreag Árann ag tús na tuarascála. Tá cur síos i gCuid a Trí ar an tionscadal ealaíne agus cuntas imlíne ar an bpróiseas comhoibrithe idir an ealaíontóir, na daoine óga rannpháirteacha agus an fhoireann. Tá na treoirphrionsabail a leag an Chomhairle Ealaíon agus Bord Sláinte an Oirthear síos le fáil i gCuid a Ceathair. Tugtar cuntas ó Chuid a Cúig go Cuid a hOcht ar an ullmhúchán a rinneadh le haghaidh an tionscadail, na cuspóirí agus na spriocanna a socraíodh, an próiseas chun ealaíontóir a earcú, ceisteanna conartha mar aon le cuntas imlíne ar an tionscadal agus ar an amlíne. Tá moltaí i gCuid a Naoi agus Conclúidí i gCuid a Deich. Tá ceithre aguisín leis ina bhfuil sonraí faoin modheolaíocht measúnaithe agus samplaí de na ceistneoirí a úsáideadh i gcás an ealaíontóra, na ndaoine óga agus na foirne.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona na hÓigeNa hEalaíona agus Sláinte
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Amharcealaíona
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.9.7 Amharcealaíona

Teideal:	Red Lines between the Fingers
Fotheideal:	Athbhreithniú ar an IMMA / Tionscadal Briste an Ciorcail
Bliain:	2002
Úda(i)r:	Campbell, E. agus A. Gallagher
Arna choimisiúnú ag:	Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Arna mhaoiniú ag:	Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
Uimhir ISBN:	1 903811 30 9
Líon Leathanach:	137
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil taighde comhbhunaithe ag Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadal a bhí ar siúl ó 1997 - 2001. Bhain an tionscadal seo i rith na céad bliana le haon bunscoil déag i mBaile Átha Cliath a ainmníodh mar scoileanna faoi mhíbhuntáiste agus díriodh ar scoil amháin díobh sna blianta dar gcionn. Ba chuid é den chlár níos leithne 'Briseadh an Chiorcail' (BTC) de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Ba é cuspóir an taighde a fháil amach cén tionchar a bhí ag an tionscadal ag na daoine óga a ghlac páirt ann, ar na múinteoirí agus ar na healaíontóirí, chun creatlach comhoibre a cheapadh le haghaidh a leithéid de chomhpháirtíochtaí oideachais ealaíne, agus chun moltaí a dhéanamh maidir le tionscnaimh amach anseo.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Leanann Caibidil a hAon tar éis an achoimre fheidhmiúcháin, ina ndéantar aidhmeanna agus modheolaíocht an taighde a leagan amach. Léirítear tionscadal BTC / IMMA i gcomhthéacsanna éagsúla ealaíon agus oideachais i gCaibidil a Dó agus tugtar cuntas imlíne ar an taighde atá á dhéanamh sa réimse seo in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus i SAM. Tugtar cuntas ar an dtionscadal i gCaibidil a Trí agus déantar soiléiriú ar an leagan amach athraitheach a bhí air i rith na ceithre bliana a mhair sé, agus lena chois sin aithnítear gnéithe éagsúla sa tionscadal. Is é Caibidil a Ceathair an ceann is faide sa tuarascáil. Tá sonraí an taighde phríomhúil ann agus tugann sé na torthaí ó thaobh na ndaoine a raibh baint acu leis – daoine óga, ealaíontóirí, príomhoidí, tuismitheoirí, comhordaitheoir BTC agus Rannóg Oideachais agus Pobail IMMA. Tá díospóireacht faoi na sonraí i gCaibidil a Cúig agus déantar anailís orthu, agus is ar an mbunús sin a scríobhadh Caibidil a Sé (I dreo Creatlaí um Chomhoibriú maidir le Comhpháirtíochtaí in Oideachas Ealaíon) agus na Conclúidí agus na moltaí i gCaibidil a Seacht. Tá ceistneoirí samplacha agus ábhar tacaíochta eile le fáil sna hocht n-agusín.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunoideachas. Oideachas Neamhfhoirmiúil, Ealaíon na hÓige, Ealaíon Rannpháirteacha
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Amharcealaíona
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.13)

2.9.8 Amharcealaíona

Teideal:	Evaluation of the Arts in Care Settings Project
Fotheidéal:	Ceann ar bith
Bliain:	2004
Úda(i)r:	OCS Consulting
Arna choimisiúnú ag:	Age & Opportunity
Arna mhaoiniú ag:	N/B
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Age & Opportunity
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	44
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil mheasúnaithe é seo ar thionscadal na nEalaíon i dTimpeallachtaí Cúraim a úsáideann taighde cáilíochtúil a rinneadh i gcomhar le heagraíochtaí a raibh baint acu leis an tionscadal. Ins measc siúd bhí Age & Opportunity (gníomhaireacht Náisiúnta é seo atá ag obair le deireadh a chur leis an ndearcadh diúltach atá ag daoine faoi dhul in aois agus daoine aosta), An Bord Sláinte Lár Tíre, Comhairle Contae Laoise agus na rannpháirtithe. Cuireadh tús leis an tionscnamh i nDeireadh Fómhair 2000 agus é d'aidhm aige féachaint chuige go mbeadh an chruthaíocht ina dlúthchuid de shaol na ndaoine aosta i dtimpeallachtaí cúraim leanúnaigh. Tá an measúnú dírithe go príomha ar Mhodúl a Dó an tionscadail a bhí ar siúl ó Dheireadh Fómhair 2002 go Márta 2003.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá réamhrá gearr ann ar dtús agus ansin déantar cur síos ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm an tionscadail. Tugtar cuspóirí, modheolaíocht agus struchtúr an mheasúnaithe ansin. Is iad torthaí an taighde an chuid is mó den tuarascáil agus tá siad sin roinnte ina dtrí bpríomhchuid. Míníonn siad seo an réasúnaíocht a bhí mar bhunsraith ag an tionscadal agus céard a bhí na páirtithe leasmhara ag súil uaidh; éifeacht an tionscadail agus an chaoi ar shásaigh sé, nó nár shásaigh sé, mianta na bpáirtithe leasmhara; agus athbhreithniú ar an tionscadal ó thaobh ábhar, struchtúir agus riaracháin de. Tugtar measúnú coimirithe ag deireadh na tuarascála ar an gcaoi ar baineadh amach na príomhchuspóirí agus tugtar liosta moltaí faoi chúig cheannteideal maidir le planáil an tionscadail sa todhcháí. Tá tuarascáil mhionsonraithe ag Éascitheoir an Tionscadail le fáil in dhá aguisín na tuarascála.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Na hEalaíona agus Sláinte, Pobal Comhleasa (Daoine níos Sine)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Amharcealaíona
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.9.9 Amharcealaíona

Teideal:	Art Alongside
Fotheideal:	Fíorchleachtais Inbhuanaithe Ealaíon i gContae Loch Garman 1999 - 2005
Bliain:	2005
Úda(i)r:	Flynn, P. (eagarthóir)
Arna choimisiúnú ag:	Comhairle Contae Loch Garman
Arna mhaoiniú ag:	Comhairle Chontae Loch Garman, An Chomhairle Ealaíon agus scoileanna áitiúla
Foilsitheoir:	Loch Garman: Comhairle Contae Loch Garman
Uimhir ISBN:	0-9546551-7-6
Líon Leathanach:	91
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil mór dea-léirithe (lena n-airítear cur síos, anailís agus measúnú) ar thionscadal gníomhaíochta taighde cúig bliana (1999 - 2004) ina raibh físealaíontóirí ag obair taobh le taobh le daoine óga i 46 bunscoileanna ar fud Chontae Loch Garman.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá Brollach le Bainisteoir an Chontae agus Cathaoirleach Chomhairle Contae Loch Garman ag tús na tuarascála. Tá forléargas ar an tionscal Art Alongside i réamhrá na tuarascála. Tugtar cuntas i gCaibidil a Dó (Forbairt Art Alongside) ar bhunús an tionscadail sna beartais agus sna forálacha reatha; ar na cuspóirí agus na spriocanna a bhí leis; ar na cúig príomhchéimeanna a bhí ann, lena n-áirítear cuntas ar an gcaoi arb é an measúnú a rinneadh ar chéim amháin a bhí mar bhunús na céad chéime eile; agus ar na struchtúir agus na cleachtais oibre de réir mar a tháinig siad chun cinn i rith an tionscadail. Tá beagnach daichead leathanach i gCaibidil a Trí. Is ann a thugtar cuntas ar na Tionscadail ó 1999 go 2004 agus pléitear cúig chéim an chláir lena gcúig phríomhthionscnamh agus gach ceann acu dírithe ar théama faoi leith. Tugtar cás-staidéir mar léiriú ar phrionsabail agus cleachtais na dtionscadal. Tá na conclúidí ar fáil i gCaibidil a Ceathair (Conclusions and Artists' Findings) mar aon le cuntas ar thionchar Art Alongside ar an mbeirt príomhhealaíontóirí rannpháirteacha. Caibidil ghearr í Caibidil a Cúig (Future Directions) ina dtugtar cur síos ar an leagan amach a bheidh ar chéad chéim eile an tionscadail. Tá liosta de na scoileanna a ghlac páirt sa tionscadal le fáil san aguisín.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Amharcealaíona
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.9.10 Amharcealaíona

Teideal:	Between Colours
Fotheidéal:	Mayo County Council Artists' Mentoring and Networking Programme
Bliain:	2006
Úda(i)r:	Moloney, O. agus A. McCarthy
Arna choimisiúnú ag:	Comhairle Contae Mhaigh Eo
Arna mhaoiniú ag:	Comhairle Contae Mhaigh Eo, An Chomhairle Ealaíon, Age & Opportunity, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Réigiún an Iarthair)
Foilsitheoir:	Maigh Eo: Comhairle Contae Mhaigh Eo
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	53
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Measúnú í seo ar Chlár Meantóireachta agus Líonraithe na nEalaíontóirí, a ndearna Comhairle Contae Mhaigh Eo éascú air, agus a cuireadh i bhfeidhm dtimpeallachtaí cúraim sa chontae. Tá trí chuid sa chlár: Clár Ceardlanna le hEalaíontóirí in ionaid cúraim, Próiseas Meantóireacht agus Próiseas Líonraithe. Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar obair an chlár ó 2004 go 2005 agus tugtar a lán samplaí de shaothair ealaíne na rannpháirtithe. Tá DVD ag dul leis an tuarascáil a thugann tuilleadh eolais faoin bpróiseas meantóireachta a bhí ann.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá cúig chaibidil sa bhfoilseachán seo mar aon le réamhrá le Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Cuirtear an tionscadal os ár comhair i gCaibidil a hAon (Stair agus Comhthéacs) agus mínítear an chaoi ar earcaíodh na healaíontóirí agus ar roghnaíodh na hionaid chúraim. Mínítear bunphrionsabail threorach an chlár ann freisin. Tugtar athbhreithniú ceann i ndiaidh a chéile ar thrí ghné an chlár sna Caibidlí óna Dó go dtí a Ceathair. Tá codanna i gCaibidil a Dó (Clár Ceardlanna na nEalaíontóirí) faoi thionchar an chlár ar na healaíontóirí féin agus ar na rannpháirtithe, agus ar an gcaidreamh a d'fhás idir na healaíontóirí, lucht bainistíochta agus foirne na n-ionad cúraim. Tá codanna i gCaibidil a Trí (An Próiseas Meantóireachta) faoi thionchar an phróisis ar na healaíontóirí agus ar an meantóir. Tá cuntas i gCaibidil a Ceathair (An Próiseas Líonraithe) ar an gcaoi ar fhorbair an cúigear ealaíontóirí agus an meantóir an próiseas líonraithe agus ar chuir siad i bhfeidhm é, agus ar an gcaoi ar taifeadadh na torthaí. Tugtar aghaidh sa chaibidil dheireanach (Forléargas ar an gClár) ar a bhfuil bainte amach ag an gclár, na himpleachtaí ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, na gnéithe sin a chinntigh go n-éireodh leis an gclár agus ceisteanna faoi chúrsaí inbhuanaithe.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamheagraithe agus Neamhfhoirmiúil, na hEalaíona Rannpháirteachais, na hEalaíona agus Sláinte
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Amharcealaíona
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.9.11 Amharcealaíona

Teideal:	Mapping Lives, Exploring Futures
Fotheideal:	The Mapping Art Project
Bliain:	2006
Úda(i)r:	O'Neill, C.
Arna choimisiúnú ag:	Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
Arna mhaoiniú ag:	Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann, Fondúireacht Calouste Gulbenkian, Fondúireacht Óige na hÉireann, Comhpháirtíocht Phobal na gCanálacha, The Ireland Funds, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Fondúireacht Katherine Howard, Tascfhórsa Áitiúil Drugaí Phobal na gCanálacha, Seirbhís Réigiúnach Óige Phobal na gCanálacha.
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA), Tionscadal Óige an Chloigín Ghoirm, Tionscadal Óige Rialto, Tionscadal Óige Naomh Micheál, The Common Ground
Uimhir ISBN:	1-903811-68-6 ar bith
Líon Leathanach:	235
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Cur síos ar an Mapping Art Project (1999 – 2005) ina raibh caidreamh ag daoine óga ó ceantair faoi mhíbhuntáiste i mBaile Átha Cliath le oibríthe óige agus ealaíontóirí gairmiúla. Is catalóg é freisin den obair ealaíonta a chruthaigh na rannpháirtithe. Deirtear sa réamhrá gur taifead é an leabhair ar shamhail cheannródaíoch chun obair don óige a nascadh le cleachtas ealaíon mar aon le léamhleabhar a insíonn na torthaí praiticiúla a d'éascair ón samhail sin agus na rudaí a fhoghlaimíodh uaithe.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tugtar cuntas imlíne i gcéad phríomhchuid an leabhair (An Taifead) ar stair an tionscadail, an chaoi ar cuireadh i bhfeidhm é agus na torthaí a bhí air. Dírítear i bhfochuid (Mapáil agus a Ceithre Chomhordanáidí) ar cheithre príomhchuspóir bunaithe ar comhordanáidí mapa. Tá 'Ó Thuaidh' ailínithe le leas a bhaint as na fisealaíona chun daoine óga a spreagadh chun an taobh ealaíonta dá bpearsantacht a fhorbairt. Baineann 'Soir' leis an gcomhpháirtíocht idir ealaíona na hóige agus obair na hóige. Scrúdaíonn 'Ó Dheas' an chaoi a d'fhéadfadh torthaí an tionscadail dul i bhfeidhm ar beartais Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann amach anseo. Díríonn 'Siar' ar an tsamhail ealaíon agus an cleachtas oideachais a úsáideadh sa tionscadal. Is ar thorthaí an tionscadail a dhéantar gach cuspóir díobh a mheas. Déantar athbhreithniú sa bhfochuid Maoiniú agus Tacaíocht ar ghnéithe ar nós Na hEalaíona agus Cultúr; Oideachas; Frithbhochtaineacht; Forbairt Phearsanta agus Foláine na nDaoine Óga; Soláthar an Údarais Áitiúil; agus Rochtain agus Cuimsiú. Tá treoirlínte agus gléasanna foghlama sa chéad chuid den leabhar (An Lámhleabhar). D'éascair siad seo ó thorthaí an tionscadail táthar ag súil go gcuirfeidh siad samhail solúbtha ar fáil maidir le deachleachtas. Tá moltaí sa chuid deireanach den leabhar. Tá cúig aguisín leis an leabhar ina bhfuil liosta na n-eagraíochtaí a bhíonn ag plé le ceistanna ealaíon agus na hóige.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamheagraithe agus Neamhfhoirmeálta, na hEalaíona Rannpháirteacha, Pobal Comhspéise (Daoine Óga)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Amharcealaíona
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.1 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	The Place of the Arts in Irish Education
Fotheideal:	Report of the Arts Council's Working Party on the Arts in Education
Bliain:	1979
Úda(i)r:	Benson, C.
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	0 906627 00 1
Líon Leathanach:	178
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Mórshuirbhé agus athbhreithniú é seo ar oideachas ealaíon in Éirinn ó thaobh beartais agus soláthair de. Ullmhaíodh an tuarascáil i gcomhar le Meitheal Oibre ar a raibh daoine mór le rá ó shaol an oideachais agus na n-ealaíon, agus an tOllamh Seán Ó Tuama ina chathaoirleach uirthi. Ní amháin go bhfuil díospóireachtaí mionsonraithe leis an nGrúpa Oibre ann ach tá agallaimh ann freisin lena lán páirtithe ar spéis leo an scéal</p> <p>Clár na nÁbhar Tá brollach gearr le Chathaoirleach na Comhairle Ealaíon ag tús na tuarascála. Tugann an chéad chaibidil cuntas ar chúrsaí mar a bhí siad ag an am agus tá 119 moladh sa chaibidil deireanach. Pléitear gné faoi leith d'oideachas Ealaíon in Éirinn i ngach ceann de na sé chaibidil atá istigh eatarthu. Is ar chúrsaí bunoidreachas agus ar iar-bhunoideachas a dhírítear i gCaibidil a Dó agus a Trí faoi sheac. Scrúdaítear oiliúint ábhar múinteoirí i gCaibidil a Ceathair agus díritear ar Oideachas Pobail agus Oideachas d'Aosaigh mar aon le hOideachas Seach-churaclaim sa chaibidil ina dhiaidh sin. Is ar oiliúint le haghaidh gairm sna healaíona a dhírítear i gCaibidil a Sé agus tá cuid faoi leith ann maidir le gach mórfhoirm ealaíne agus riarachán ealaíne. Déantar plé ar ról na Comhairle Ealaíon i gcúrsaí oideachas i gCaibidil a Seacht, mar aon lena caidreamh le heagraíochtaí eile. Tá sé aguisín iniata, lena n-áirítear liosta de na heagraíochtaí agus na ndaoine aonair a rinne aighneachtaí i scríbhinn nó ó bhéal mar chuid den phróiseas taighde, aguisín staitisticiúil agus leabharliosta.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil agus Neamhfhoirmiúil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.2)

2.10.2

Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Education and the Arts
Fotheideal:	The Educational Autobiographies of Contemporary Irish Poets, Novelists, Dramatists, Musicians, Painters and Sculptors
Bliain:	1987
Úda(i)r:	Murphy, D., J. Andrews, P. Bourden, L. Finnegan, S. McSweeney, O. Rice agus J. Ryan
Arna choimisiúnú ag:	Rannóg Ard-Oideachais agus Taighde Oideachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Arna mhaoiniú ag:	Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath; An Chomhairle Ealaíon agus an Roinn Oideachais
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Coláiste na Tríonóide, Rannóg Ard-Oideachais agus Taighde Oideachais thar cheann na Scoile Oideachais
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	298
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil faoi thionscadal taighde a scrúdaigh an oiliúint, go mór mór an oideachas foirmiúil in a lán disciplíní, a fuair caoga ealaíontóir Éireannach a roghnaíodh de bhar an cháil a bhí orthu mar ealaíontóirí. Is éard a bhí sna sonraí príomha taighde ná agallaimh fada (a mhair idir dhá uaire agus ceithre huaire) a rinne foireann bheag thaighde a taifeadadh beo leis na healaíontóirí.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá na hAdmhálacha a d'ullmhaigh stiúrthóir na foirne taighde (An Dr. Daniel Murphy) ag tosach na tuarascála. Léirítear aidhmeanna agus réim an staidéir sa réamhrá agus déantar suirbhé ann ar roinnt mórcheisteanna a bhaineann le taighde oideachasúil ar na healaíona, agus déantar cur síos ar modheolaíocht an taighde a úsáideadh, agus an chaoi ar roghnaíodh an caoga ealaíontóir a ghlac páirt sa staidéar. Rinneadh athscríobh ar na hagallaimh leathstruchtúrtha a cuireadh ar ocht n-ealaíontóirí is fiche agus tá baint lárnach acusan leis na tráchaireachtaí atá i gcroílár an staidéir. Seoladh na hathscríbhinní agus na tráchaireachtaí chuig na healaíontóirí lena bhfaomhadh agus le go ndéanfaidís athbhreithniú a dhéanamh orthu. Tá na conclúidí sa chaibidil deireanach bunaithe ar an gcaoga agallamh a rinneadh mar chuid den staidéar. Tá corp na tuarascála agus na conclúidí eagraithe de réir na bhfoirmeacha ealaíon lena mbaineann na hagallaimh a foilsíodh: filí Máirtín Ó Direáin, Michael Hartnett, Seamus Deane, Máire Mhac an tSaoi, Brendan Kennelly, John Montague, Seamus Heaney; scríbhneoirí próis Brian Moore, Jennifer Johnston, John Broderick, Mary Lavin, Benedict Kiely, John McGahern, Francis Stuart; drámadóirí Hugh Leonard, Thomas Murphy, Eugene McCabe, Seán Ó Tuama, Thomas Kilroy; cumadóirí Aloys Fleischmann, Gerard Victory, Brian Boydell, Seirse Bodley; agus físealaíontóirí Robert Ballagh, Pauline Bewick, Camille Souter, Edward Delaney agus John Behan.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Neamhfhormiúl agus Neamhfhoirmeálta
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.3 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Art and the Ordinary – The ACE Report
Fotheidéal:	The Report of the Arts Community Education Committee
Bliain:	1989
Úda(i)r:	Benson, C. (eagarthóir)
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon, agus Fondúireacht Gulbenkian
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon, agus Fondúireacht Gulbenkian
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Coiste um Oideachais Ealaíon Pobail, an Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	0 9515451 0 8
Líon Leathanach:	110
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Athbhreithniú é seo ar thionscadal taighde gníomhaíochta faoi Oideachas Ealaíon Pobail (ACE) a rinne comhchoiste na Comhairle Ealaíon agus Fondúireacht Gulbenkian idir 1985 agus 1989.</p> <p>Clár na nÁbhar Tá brollaigh ag tosach na tuarascála le Cathaoirleach na Comhairle Ealaíon agus le Stiúrthóir agus Leas-Stiúrthóir Fondúireachta Gulbenkian. Tá réamhrá gearr na tuarascála ina dhiaidh sin mar aon le haiste fhada le Cathaoirleach Choiste ACE a bhaineann leis na ceisteanna cultúrtha a eascraíonn ón tionscadal. Tá cuntas i gCuid a Dó ar bhunús agus mhisin an chláir ACE agus ar an gcomhthéacs níos leithne a bhaineann lena chuid oibre. Tá athbhreithniú i gCuid a Trí ar sé thionscadal ar thug ACE tacaíocht dóibh nó ar chuir sí tús leo. I gcás oideachas ealaíon ba iad sin: Ceardlann Oideachais Ealaíne in Ionad Múinteoirí Chorcaí; 'Look at My Hands', tionscadal físealaíne le leanaí réamhscolaíochta; agus 'The Poetry Project' a bhí dírithe ar dhálaí idir 12 agus 15 bliana d'aois ar scoil. Ba iad seo a leanas na tionscadail ealaíon pobail: 'The Big Game', an chéad tionscal riamh a bhí ag Macnas; Tionscadal um Líonrú Faisnéise le CAFE atá ina heagraíocht ionadaíochta le haghaidh na healaíona pobail in Éirinn; agus <u>tionscadal comhshaoil</u> a rinne Grúpa Forbartha Fatima (Mansions). Bhí sé mholadh déag ag deireadh na tuarascála. I measc na rudaí atá le fáil sna trí aguisín ghearra tá liosta na n-iarraitas ar mhaoiniú a rinneadh faoin gclár ACE.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil agus Neamhfhoirmiúil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.4)

2.10.4 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	The Arts Council and Education 1979-1989
Fotheidéal:	Ten Years in Education
Bliain:	1989
Úda(i)r:	An Chomhairle Ealaíon
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	0 906627 27 3
Líon Leathanach:	36
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil le léaráidí a thugann cuntas imlíne ar bheartas agus sholáthar na Comhairle Ealaíon maidir le hoideachas agus a dhéanann athbhreithniú ar an scéal. Eisíodh é ag an am céanna le comóradh deich mbliana foilsíú <i>The Place of The Arts in Irish Education</i>. Deirtear sa bhrollach go ndearna an Chomhairle Ealaíon iarracht le dul i gcionn ar chúrsaí oideachais ar bhealaí éagsúla, agus gurb é cuspóir na tuarascála taifead agus ceiliúradh a dhéanamh ar deich mbliana d'idirphlé a cuireadh chun cinn agus ar tugadh tacaíocht dó.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Cathaoirleach na Comhairle Ealaíon a scríobh an Brollach agus ba é an tOifigeach Oideachais a scríobh an forléargas atá ann mar réamhrá. Tá cuntas ann ar an bhfás atá tagtha ar an bpáirt a ghlacann an Chomhairle Ealaíon i gcúrsaí oideachais ón am a foilsíodh tuarascáil J.M. Richards <i>Provision for the Arts</i> (1976), a raibh an-tionchar aige. Tugtar an réasúnaíocht atá leis an mbeartas reatha, agus i measc a lán rudaí eile, déantar idirdhealú idir 'na healaíona san oideachas' agus 'oideachas ealaíon' agus leagtar béim ar a thábhachtaí is atá sé thaithí a chur ar na healaíona lasmuigh den scoil. Tá ocht gcinn de chodanna gearra ina dhiaidh sin a thugann cuntas ar bheartas reatha na Comhairle Ealaíon i leith oideachais agus an soláthar atá á dhéanamh maidir le Dráma, Rince, Ceol, Na Físealaíona, Litríocht, Ealaíontóirí Cónaitheacha, Oideachas Ealaíon agus Abhcóideacht.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil agus Neamhfhoirmiúil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.5 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Developing Community Arts
Fotheideal:	An Evaluation of the Pilot National Arts Worker Course
Bliain:	1992
Úda(i)r:	Bowles, J.
Arna choimisiúnú ag:	Creative Activity for Everyone (CAFE)
Arna mhaoiniú ag:	CAFE; Coláiste Phádraig, Má Nuad; Ciste Mheiriceá agus na hÉireann; Fondúireacht Calouste Gulbenkian; An Chomhairle Ealaíon; An Ghníomhaireacht Do Chomhrac Na Bochtaine
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: CAFE Ltd., City Arts Centre
Uimhir ISBN:	1 869895 03 7
Líon Leathanach:	128
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Measúnú é seo ar an Treoirchúrsa Náisiúnta um Oibrí Ealaíon (NAWC) a chuir CAFE i bhfeidhm. Rinne Coláiste Phádraig Má Nuad éascú air agus bhí sé mar chúrsa teastais seachtrach acu. Bhí an cúrsa píolótach NAWC ar siúl ó Dheireadh Fómhair 1991 go Meitheamh 1992 agus ghlac 13 oibrí a raibh taithí acu ar na healaíona pobail páirt ann. Ba as gach cearn d'Éireann iad. Coimisiúnaíodh measúnú air le fáil amach an raibh an cúrsa in ann na cuspóirí a baint amach agus an raibh aidhmeanna, modhanna agus ábhar an chúrsa oiriúnach le haghaidh oibríthe ealaíon pobail.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá sé chaibidil sa Tuarascáil. Tá cur síos sa réamhrá ar teacht chun cinn na n-ealaíon pobail in Éirinn. Díróinn Caibidil a Dó ar fhorbairt CAFE agus a chlár oiliúna agus an ról reatha a bhí ag CAFE. Tugtar cuntas i gCaibidil a Trí ar bhunú an Treoirchúrsa Náisiúnta um Oibrí Ealaíon, na modhanna oibre atá acu, agus ceisteanna mar creidiúnú, maoiniú, ceannairí is araile a bhaineann leis. Déantar athbhreithniú i gCaibidil a Ceathair an a bhfuil i módúil éagsúla an chúrsa agus déantar plé ar cheisteanna a tháinig chun cinn i rith an treoirchúrsa. Déantar measúnú ar chuspóirí agus spriocanna an treoirchúrsa i gCaibidil a Cúig. Bailíodh na sonraí ó ceannairí agus ó rannpháirtithe an chúrsa. Aithnítear agus scrúdaítear roinnt saincheisteanna a d'eascair ón treoirchúrsa i gCaibidil a Sé. Tá deich mholadh ag deireadh na tuarascála faoi na clár a bheidh ann amach anseo, faoi oideachas agus oiliúint eile agus faoi na healaíona pobail i gcoitinne. Tá 11 aguisín leis, agus tugtar ar breis eolais faoina bhfuil sa chlár agus samplaí de na ceistneoirí le haghaidh na rannpháirtithe.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Tríú Leibhéal. Gairmoiliúint, Na hEalaíona Rannpháirteacha
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.6

Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Making Youth Arts Work
Fotheideal:	The Final Report of the National Youth Arts Committee
Bliain:	1993
Úda(i)r:	An Coiste Náisiúnta Ealaíon don Óige
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
Arna mhaoiniú ag:	Fondúireacht Calouste Gulbenkian, an Chomhairle Ealaíon, and Roinn Oideachais agus Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann .
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Coiste Náisiúnta Ealaíon don Óige
Uimhir ISBN:	0 9521431 00
Líon Leathanach:	63
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil náisiúnta é seo a dhéanann suirbhé ar sholáthar ealaíon don óige faoi láthair agus a dhéanann moltaí maidir le beartas agus cleachtas amach anseo. Tarraingíonn an tuarascáil ar roinnt ghníomhartha agus foinsí, ina measc an próiseas comhairliúcháin leis an earnáil, suirbhé a rinneadh ar na riachtanais atá ann maidir leis an soláthar reatha, agus chlár taighde gníomhaíochta ina raibh trí threoirhionscadal maidir le réimsí éagsúla de cleachtas ealaíon don óige. Ba iad Comhairle Dheonach Áitiúil Óige na Gaillimhe, Coiste Gairmoideachais Chontae Mhuineacháin, agus Comhairle Caitliceach na hÓige a chuir na treoirhionscadail i bhfeidhm.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Brollach le Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Ealaíon don Óige. Léiríonn an réamhrá áit na tuarascála i gcomhthéacs níos leithne na n-ealaíon, an oideachas agus beartas agus soláthar i leith obair don óige. Tugtar coimriú ar na moltaí ina dhiaidh sin. Díritear ar an gcomhthéacs struchtúrtha i gCaibidil a hAon, agus scrúdaítear an soláthar reatha agus na riachtanais a bheith ann amach anseo maidir le hobair ealaíon ar leith don óige, i gcomhthéacs obair ghairmiúil ealaíon do dhaoine óga, agus i gcomhthéacs obair níos leithne don óige a bhfuil na healaíona mar chuid di. Tugtar gearrchuntas ag deireadh Chaibidil a hAon ar théarmaí tagartha agus clár oibre Choiste Náisiúnta Ealaíon don Óige. Tá torthaí agus moltaí na Tuarascála i gCaibidil a Dó Tá costáil déanta ar na moltaí seo agus tá siad roinnte idir cinn a bhaineann le beartas foriomlán, struchtúr agus soláthar agus cinn a bhaineann le riachtanais na bhfoirmeacha ealaíon faoi leith. Baineann siad seo le dráma don óige, rince don óige agus popcheol a léiríonn fócas na trí treoirhionscadal ar thug an Coiste Náisiúnta Ealaíon don Óige tacaíocht dóibh agus a bhfuil cuntas cuibheasach mionn le fáil orthu i dara hagusín na tuarascála.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona na hÓige
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.7 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	A Survey of Museums in Ireland 1993
Fotheideal:	Ceann ar bith
Bliain:	1994
Úda(i)r:	Stierle, K. agus H. Lanigan Wood
Arna choimisiúnú ag:	Cumann Músaem na hÉireann
Arna mhaoiniú ag:	Cumann Músaem na hÉireann
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Cumann Músaem na hÉireann Teo.
Uimhir ISBN:	0 952 2995 0 X
Líon Leathanach:	22
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Suirbhé cainníochtúil é seo a rinne Cumann Músaem na hÉireann i 1993 is a foilsíodh an bhliain dar gcionn. Deirtear sa Réamhrá gurbh é seo an chéad shuirbhé staitisticíuil den sórt a rinneadh ar Mhúsaeim na hÉireann. Ba é cuspóir an tsuirbhé ná staitisticí a fháil faoi roinnt réimsí lena n-áirítear líon na músaem atá ar fáil sa tír; líon na ndaoine a théann ar chuairt chucu, lena n-áirítear turasóirí agus daltaí scoile; maoiniú agus foirne; na háiseanna do chuirteoirí agus na háiseanna oideachasúla a chuirtear ar fáil; bailiúcháin; agus modhanna margaióchta nó bealaí a úsáidtear lena gcur chun cinn. Tá na sonraí bunaithe ar suirbhé a rinneadh ar 289 institiúid (bíodh is go bhfuarthas amach ina dhiaidh sin nach bhféadfadh cuid acu na critéir maidir le músaeim a shásamh).</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá réamhrá gearr ann ar dtús agus ansin tugtar torthaí an tsuirbhé i gceithre gearrchodanna déag i gCaibidil a Dó. Tá faisnéis le fáil sna Codanna óna hAon go dtí a Trí ar líon na músaem (atá ar fáil fós nó imithe in éag) i dTuaisceart Éireann agus sa Phoblacht agus ar an gcaoi a bhainistítear iad. Tá faisnéis i gCuid a Ceathair ar líon na ndaoine a thugann cuairt orthu mar aon le treochtaí na n-uimhreacha sin ó 1988 go 1992 agus staitisticí faoi líon na ndaltaí scoile a thugann cuairt ar mhúsaeim. Baineann Cuid a Cúig le maoiniú agus tá faisnéis ann faoi rátaí maoinithe na músaem i 1992, an oiread díobh a thug chead isteach saor in aisce, cúrsaí tiomsaithe airgid agus beartais i leith táillí. Baineann Cuid a Sé le cúrsaí foirne. Baineann Cuid a Seacht agus Cuid a hOcht leis na háiseanna do chuirteoirí agus le háiseanna oideachasúla, agus tá staitisticí sna Codanna óna Naoi go Trí Déag faoin na cineálacha bailiúcháin atá ag na músaeim. Dírítear ar a bhfuil acu, ar a méid, an chaoi a dtaispeántar iad mar aon le cúrsaí caomhnaithe agus doiciméadaithe. Tá faisnéis i gCuid a Ceathair Déag ar mhodhanna margaióchta agus na bealaí a úsáidtear lena gcur chun cinn. Tá conclúid le fáil faoi cheithre cheannteideal: Tréimhse Fáis; Maoiniú Neamhleor; Ról Oideachasúil na Músaem le Forbairt; agus an Bealach Chun Cinn. Tá an cheistneoir taighde agus liosta de na músaeim a ndearnadh suirbhé orthu le fáil sa Tuarascáil.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil agus Neamhfhoirmiúil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.8

Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Have a Go!
Fotheideal:	Community Intervention to Promote Arts Awareness amongst the Long Term Unemployed
Bliain:	1995
Úda(i)r:	Creative Activity for Everyone (CAFE)
Arna choimisiúnú ag:	An Roinn Ealaíon, Cultúir agus na Gaeltachta
Arna mhaoiniú ag:	CAFE, An Roinn Ealaíon, Cultúir agus na Gaeltachta
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Creative Activity for Everyone (CAFE)
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	45
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Is tuarascáil mheasúnaithe í seo bunaithe ar shonraí cainníochtúla agus cáilíochta a scrúdaigh an bhféadfaí na healaíona a úsáid mar ghléas athchomhtháite shóisialta i gcás daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus a dhírigh go príomha ar fhir ó 19 mbliana d’aois go 30 bliain. Baineadh leas sa staidéar seo as an obair a rinneadh in dhá ionad déag in Éirinn mar chuid de thionscadal taighde mionsonraithe gníomhaíochta. Lean an tionscadal seo an tionscadal CAFE a cuireadh ar bun mar chuid de Thionscnamh HORIZON an AE agus cuireadh i bhfeidhm é i gcomhar leis na hIonaid do Dhaoine Dífhostaithe atá ag Comhdháil na gCeardchumann.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tugtar shainchúram An Tionscnaimh um Feasacht Ealaíon agus réamhrá ag an tosach agus tá ceithre chuid ina dhiaidh sin. Mar aon leis an gCoimriú i gCuid a hAon tá eiseamláirí den ghníomhaíocht a mholtar ar bhunús an taighde a rinneadh. Léirítear an cur chuige i gCuid a Dó mar aon le faisnéis faoi struchtúr agus eagrú an tionscadail, an dá áit déag ina bhfuil sé ar siúl in Éirinn agus faisnéis faoin bpróiseas measúnaithe. Cuirtear faisnéis ar fáil freisin faoi na hionaid a raibh baint acu leis an tionscadal (leathanach an ceann) mar aon le faisnéis faoi eagraíochtaí áitiúla an tionscadail, an cur chuige a úsáideadh in ngach ionad díobh agus na moltaí a d’eascair ón obair. Tá cuid a trí (Taighde agus Torthaí) eagraithe ina trí fhochuid: An Spriocghrúpa a Aithint agus dul i dTeagmháil leo; Cur síos ar an Spriocghrúpa; Leibhéal Feasachta faoi Chúrsaí Ealaíon; Constaicí maidir le Freastal nó Páirt a Ghlacadh; Liosta na gCeardlanna Blaiste Ealaíon agus Measúnú Orthu. Tá na Torthaí i gCuid a Ceathair mar aon le moltaí faoi chineálacha éagsúla cur chuige a d’fhéadfaí a úsáid. Tá faisnéis faoi CAFE agus tionscadail bainteacha sna hagusíní mar aon le ceistneoir samplach.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Oideachas Neamheagraithe, Ealaíona Rannpháirteacha, Pobal Comhspéise (Daoine Dífhostaithe go fadtéarmach)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.9 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Creating a Difference
Fotheideal:	Report of the Creative Activity for Everyone (CAFE)/Combat Poverty Agency, Community Arts Pilot Programme 1993-1994
Bliain:	1995
Úda(i)r:	Creative Activity For Everyone/An Ghníomhaireacht Do Chomhrac Na Bochtaine
Arna choimisiúnú ag:	Creative Activity For Everyone/An Ghníomhaireacht Do Chomhrac Na Bochtaine
Arna mhaoiniú ag:	Tionscadal HORIZON an AE le haghaidh Daoine faoi mhíbhuntáiste, An Ghníomhaireacht Do Chomhrac Na Bochtaine, an Chomhairle Ealaíon, Bardas Bhaile Átha Cliath, Cistí na hÉireann agus Fondúireacht Calouste Gulbenkian.
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Creative Activity For Everyone/An Ghníomhaireacht Do Chomhrac Na Bochtaine
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	48
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Measúnú ar Threoirchlár Ealaíon Pobail 1993-94 a chuir Creative Activity for Everyone (CAFE) agus An Ghníomhaireacht Do Chomhrac Na Bochtaine (CPA) ar siúl. Ba é aidhm an tionscadail ná cleachtadh na n-ealaíon agus na ealaíona pobail a chur chun cinn mar mhodh forbartha pobail. Bhí cúig thionscadal a bhain leis an bpobal áitiúil ar siúl in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Chuathas i gcomhairle leis na daoine a bhí i mbun na dtionscadal mar chuid den phróiseas mheasúnaithe agus baineadh leas as réimse cáipéisíochta a bhain leis na cúig thionscadal agus leis an gclár ina iomláine. Is éard atá i gCodanna a hAon go dtí a Trí ná na tuarascálacha ó CAFE, CPA agus ó lucht na tionscadal áitiúil, agus ba é Barry Cullen comhairleoir measúnaithe an chláir a rinne an taighde agus a scríobh a bhfuil i gCodanna a Ceathair agus a Cúig.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá eolas faoi chúlra an chláir agus mínítear ról CAFE agus an CPA i gCuid a hAon. Tá cuntas imlíne ar chuspóirí agus spriocanna an Treoirchláir Ealaíon Pobail le fáil i gCuid a Dó mar aon le cur síos ar a bhainistiú agus a bhuiséad, agus faoin bpróiseas measúnaithe agus monatóireachta leanúnaí a úsáideadh. Míníonn sé an chaoi ar ghlac an tionscadal le cur chuige áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Déantar athbhreithniú i gCuid a Trí ar gcaoi ar cuireadh an clár i bhfeidhm agus déantar cur síos ar thionscadail áitiúla ó thaobh cúlra, aidhmeanna agus acmhainní. Tá cuntas sa chuid seo freisin ar na spriocghrúpaí mar aon le struchtúir agus gníomhaíochtaí na dtionscadal pobail, na torthaí a bhí orthu agus an méid oibre atá ar siúl fós. Tá cuntas i gCuid a Ceathair ar an gcomhpháirtíocht idir CAFE agus an CPA agus idir eilimintí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta an chláir. Tá torthaí agus le moltaí le fáil i gCuid a Cúig. Tá ceithre agusín leis, lena n-áirítear liosta d'fhoireann an chláir, na comhairleoirí agus na rannpháirtithe agus cur síos ar an gcaidreamh a bhí ag an meastóir comhairleach leis an gclár.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona Rannpháirteacha
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.10 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Older People and the Arts – Case Studies
Fotheideal:	Ceann ar bith
Bliain:	1996
Úda(i)r:	Age & Opportunity
Arna choimisiúnú ag:	N/B
Arna mhaoiniú ag:	Age & Opportunity, An Coimisiún Eorpach agus Coiste Comhordaithe Náisiúnta 1993 Bliain na nDaoine Aosta agus DLúthpháirtíocht idir na nGlúine.
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Age & Opportunity
Uimhir ISBN:	1 900 578 10 7
Líon Leathanach:	22
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tugann an tuarascáil cuntas ar thrí staidéar nuálaíochta cáis a dearadh le cur ar chumas daoine aosta leas a bhaint as na healaíona le fáil amach cérbh iad na tallanna cruthaíochta atá iontu. Is é cuspóir na tuarascála tábhacht na staidéir cháis seo a léiriú chun thionscadail ealaíon agus gníomhaíochtaí le haghaidh daoine aosta a spreagadh, agus chun an t-eispéireas agus a bhfuil bainte amach ag na tionscadail seo a thairfead. Tugann an tuarascáil cuntas ar thrí thionscadal: LV Book Club i gCorcaigh; An Active Age Group i Mainistir na Buaile; agus Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann/Grúpa Ealaíne Inse Chór, Baile Átha Cliath. Baineann sé leas as taighde a rinneadh i 1993 is a nuashonraíodh don tuarascáil seo.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá gearrchuntas ar Age & Opportunity ag tosach na tuarascála agus ar an tuiscint atá acu ar bheith ag obair le daoine aosta thrí mheán na n-ealaíon. Léirítear cuspóirí na tuarascála i gCaibidil a hAon agus na critéir a úsáideadh chun na staidéir cháis a roghnú. Tá na staidéir seo le fáil sna Chaibidil óna Dó go dtí a Ceathair. Déantar gach tionscadal a mheas faoi chúig cheannteideal: Cúlra agus Tabhairt Isteach; Struchtúr agus Eagraíocht; Gníomhaíochtaí; Tairbhí; agus Comhoibriú le Age & Opportunity. Mínítear i gCaibidil a Cúig an fáth ar mhian le Age & Opportunity dúshlán na dtuairimí atá ag daoine maidir le daoine aosta a thabhairt agus iad a athrú agus aithnítear na bealaí agus na modhanna inar féidir é seo a dhéanamh amach anseo.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Oideachas Neamheagraithe, Pobal Comhspéise (Daoine Aosta)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.11 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Art In Fact
Fotheidéal:	Community Arts Project
Bliain:	1996
Úda(i)r:	Healy, G.
Arna choimisiúnú ag:	Parents Alone Resource Centre
Arna mhaoiniú ag:	Tionscadal HORIZON an AE, Creative Activity for Everyone (CAFE) agus An Ghníomhaireacht Do Chomhrac Na Bochtaine.
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Parents Alone Resource Centre
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	16
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Measúnú é seo ar an Tionscadal Ealaíon Pobail a bhí ar siúl ag an Parents Alone Resource Centre (PARC) ó 1993 go 1995. Bhí an tionscadal seo mar chuid de Threoirchlár níos leithne maidir le hEalaíona Pobail a bhí is a bhí ar siúl ag Creative Arts for Everyone CAFE agus An Ghníomhaireacht Do Chomhrac Na Bochtaine. Ba í aidhm an tionscadail ná na healaíona a scrúdú agus a fheabhsú mar mheán chun pobail a fhorbairt agus le dul i ngléic le bochtaineacht, míbhuntáiste agus eisiámh sóisialta. Baineann an measúnú seo leas as bearta comhairliúcháin leis na rannpháirtithe agus leis an Sainchomhairleoir agus Comhordaitheoir Ealaíon, as tuairiscí ráithiúla an tionscadail, as agallaimh a craoladh le lucht an tionscadail agus as doiciméid eile an tionscadail.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá cuntas ar thús an mheasúnaithe ar an Treoirchlár Ealaíon Pobail ina ndéantar tagairt d'fhorbairt PARC, aidhmeanna an tionscadail, struchtúr na heagraíochta, cur i bhfeidhm an tionscadail agus na gníomhaíochtaí éagsúla ealaíon a bhí i gceist. Breathnaítear ansin ar na foirmeacha ealaíon a rabhtas ag plé leo le linn an tionscadail (cuilteáil, dráma, gníomhaíochtaí trasnáisiúnta agus dealbhóireacht), an méid d'aidhmeanna an tionscadail a baineadh amach agus an bhféadfaí na cúrsaí seo a phríomhshruthú. Scrúdaítear ansin na ceisteanna a bhí le réiteach ag na rannpháirtithe le linn an tionscadail. Aithnítear na torthaí a bhí ag an tionscadal ar na rannpháirtithe, PARC agus ar an bpobal, agus tugtar faisnéis chainníochtúil faoin tionscadal. Tá cuid gearr faoina bhfuil i ndán do ghníomhaíocht ealaíon pobail i PARC mar aon le liosta tagairtí agus ábhar roghnaithe léitheoireachta.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Oideachas Neamheagraithe, Pobal Comhspéise (Tuismitheoirí Aonair)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.12 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Community Arts in the South East Border Region
Fotheideal:	Ceann ar bith
Bliain:	1997
Úda(i)r:	Stewart, C.
Arna choimisiúnú ag:	Coiste Gairmoideachais Chontae Mhuineacháin)
Arna mhaoiniú ag:	Scéim Tacaíochta Speisialta an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas.
Foilsitheoir:	Muineachán: Coiste Gairmoideachais Chontae Mhuineacháin.
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	34
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil faoi thaighde í seo agus na cúig aidhmeanna seo aici: eolaire a thiomsú faoi na daoine a bhfuil baint acu le cleachtas ealaíon sa réigiún; leas a bhaint as an eolaire sin chun líonra gníomhach a fhorbairt; na heagraíochtaí oideachais sa réigiún a spreagadh chun comhpháirtíochtaí a bheith acu le chéile; tacaíocht a thabhairt do thionscail oiliúna faoi leith; agus na healaíona pobail a chur chun cinn i measc pobail níos leithne. Rinneadh an taighde i Réigiún Thoir Theas na Teorann faoi Scéim Tacaíochta Speisialta an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas – agus é d’aidhm aige Síocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn trí mheán na healaíona pobail.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá brollach gearr le Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Chontae Mhuineacháin ag tús na tuarascála agus tá cúig chuid eile ann. Tugtar sainmhíniú ar ealaíona pobail agus aidhmeanna na tuarascála sa réamhrá gearr. Tá forléargas gearr i gCuid a Dó ar na healaíona pobail i Réigiún Thoir Theas na Teorann agus faisnéis faoi earnáil na healaíona pobail sa réigiún sin agus aithnítear na príomh-shaincheisteanna a bhaineann leo. Tá conclúidí agus roinnt moltaí le fáil i gCuid a Ceathair. Leagtar amach clár ama agus meastacháin faoi chostas na moltaí i gCuid a Cúig. Tá sé aguisín leis an tuarascáil, lena n-áirítear eolaire na ealaíon pobail, cur síos ar na grúpaí agus na heagraíochtaí ealaíon pobail agus samplaí de na gléasanna taighde a úsáideadh. Tugtar leabharliosta ag deireadh na tuarascála ar fad.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona Rannpháirteacha
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.13 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Arts in the Classroom Initiative
Fotheideal:	An in-service project for primary teachers: Feabhra 1997 - Feabhra 1998
Bliain:	1998
Úda(i)r:	Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Loch Garman
Arna choimisiúnú ag:	Comhairle Contae Loch Garman, An Chomhairle Ealaíon agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Arna mhaoiniú ag:	Comhairle Contae Loch Garman, An Chomhairle Ealaíon agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Foilsitheoir:	Loch Garman: Comhairle Contae Loch Garman
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	173
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil é seo ar treoirthionscadal taighde gníomhaíochta aon bhliana ina ndearnadh ceol, drámaíocht agus físealaíon a fhorbairt mar mheáin i gceithre bhunscoil i gContae Loch Garman agus a raibh mórchuid comhoibrithe ar siúl lena linn idir na múinteoirí agus na healaíontóirí. Tá an tuarascáil bunaithe ar na taifid a rinneadh ar an tionscadal, ar dhialanna, ceistneoirí, agallaimh agus ar bhreathnadóireacht ar ghnéithe éagsúla an tionscadail.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Is éard atá sa tuarascáil ná mionchuntas agus anailís ar an tionscadal ó thaobh na bpríomh-rannpháirtithe agus na bpáirtithe leasmhara de agus tá réimse mór doiciméad ann faoina phleanáil agus a bhainistiú. Tá cuntas mionsonraithe go maith go luath sa tuarascáil ar na hamlínthe a bhain leis an réamhthionscadal agus leis an tionscadal féin mar aon le cuntas ar struchtúr an tionscadail agus ar an mbainistiú eagrúcháin, lena n-áirítear ceisteanna mar mhaoiniú, roghnú na n-ealaíontóirí, planáil agus measúnú. Staidéir Cháis atá sna Caibidil óna Dó go dtí a Cúig – mionchuntais ar an gclár sa ceithre scoil a ghlac páirt, lena n-áirítear amlínthe, acmhainní, ábhar agus na torthaí a bhain le céimeanna éagsúla an tionscadail i ngach scoil díobh. Nasctar na ceithre thionscadal faoi leith le chéile i gCaibidil a Sé (Torthaí an Tionscadail) agus cuirtear na torthaí ar fáil faoi ocht gceannteideal: Cuspóirí, Spriocanna agus na Torthaí a rabhthas ag súil leo; Forbairt ar tuiscint na Múinteoirí gur leo féin an Tionscadal; Cur Chuige sa Scoil Iomlán; Dearcadh na Múinteoirí; Dearcadh na nEalaíontóirí; Measúnú; Acmhainn; agus Struchtúir Bhainistithe. Tá breis sonraí, lena n-áirítear costais agus ábhar léitheoireachta tagartha, le fáil i sé aguisín.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (cuid 3.5)

2.10.14 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Mapping Community Arts
Fotheideal:	Tuairisc Scoir
Bliain:	1999
Úda(i)r:	An Chomhairle Ealaíon
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	61
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Is tuarascáil taighde é seo a bhfuil dhá chuspóir leagtha amach di: tuiscint éigin a thabhairt maidir leis an réimse agus an scála cleachtais a bhaineann le healaíona pobail, agus cuid de na príomhargóintí agus saincheistanna a bhaineann leis an gcleachtas sin a chur ar fáil. Tá an tuarascáil bunaithe ar thaighde deisce, lena n-áirítear doiciméid nár foilsíodh riamh, faisnéis a fuarthas ó ghrúpaí san earnáil agus ó na hagallaimh agus na ceistneoirí a úsáideadh le dul i gcomhairle le daoine agus grúpaí rithábhachtacha.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá an tuarascáil roinnte ina hocht gcodanna. Cuirtear an taighde i láthair i gCaibidil a hAon, a Dó agus a Trí, tugtar sainmhíniú ar an téarma ‘ealaíona pobail’ agus coimriú gearr ar na príomhchuspóirí. Leagtar amach an mhodheolaíocht taighde i gCuid a Ceathair agus tugtar forléargas ar na príomhthorthaí i gCuid a Cúig lena n-áirítear tábla le anailís SWOT (láidreachtaí, laigí, deiseanna, bagairtí) ar earnáil na n-ealaíon pobail, agus i measc a lán rudaí eile déanann sé tagairt d’obair na hearnála, na hionaid, na healaíontóirí, cúrsaí oiliúna san earnáil, foinsí maoinithe agus an ról a d’fhéadfadh a bheith ag an gComhairle Ealaíon. Is í Cuid a Sé príomhchuid na tuarascála agus tá mionchuntas inti ar na healaíona pobail in Éirinn agus iad leagtha amach faoi naoi cheannteideal. Tá sonraí sa chuid seo a tiomsaíodh le haghaidh na tuarascála maidir le spriocghrúpaí agus rannpháirtithe, na ceantair ina bhfuil na healaíona pobail á gcleachtadh, is araile. Tá scrúdú déanta i gCuid a Seacht ar an ról a d’fhéadfadh a bheith ag an gComhairle Ealaíon i bhforbairt na n-ealaíon pobail agus tá liosta in alt 7.15 de na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith aige seo maidir leis an gComhairle. Tá sé aguisín leis an tuarascáil ina bhfuil liosta de na foilseacháin bainteacha, liosta de na daoine ar cuireadh agallamh orthu le linn na taighde agus faisnéis bhreise a bailíodh de thoradh an tsuirbhé.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona Rannpháirteacha
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.15 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Men, Art and Change
Fotheideal:	Arts Awareness Intervention Two – Case Studies
Bliain:	1999
Úda(i)r:	Richardson, S.
Arna choimisiúnú ag:	An Roinn Ealaíon, Cultúir agus na Gaeltachta agus Creative Activities for Everyone (CAFE)
Arna mhaoiniú ag:	An Roinn Ealaíon, Cultúir agus na Gaeltachta agus An Coimisiún Eorpach
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: CAFE
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	52
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil í seo faoi seacht dtionscadal um fheasacht ealaíon ar fud na tíre chun scileanna agus feasacht ealaíon (agus cuimsiú sóisialta) a chur chun cinn i measc fear a bhí dífhostaithe le fada. Cuireadh na tionscadail seo i bhfeidhm faoin gClár Idirghabhála um Fheasacht Ealaíon, a bhí comh-mhaoinithe ag an Roinn Ealaíon, Cultúir agus na Gaeltachta (a bhí ina Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán faoin am a raibh an tuarascáil á foilsiú) agus an Coimisiún Eorpach – lean an clár ó 1995 go 1999 agus tá na staidéir cháis bunaithe ar Chéim a Dó an chlár a bhí ar siúl ó 1996 go dtí 1999. Ullmhaíodh tuarascáil measúnaithe faoin gclár atá neamhspleách ar an tuarascáil seo faoi na staidéir cháis.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá cuntas sa réamhrá ar an gcomhthéacs ina ndearnadh na staidéir cháis. Tugann sé le fios gurbh é aidhm na tuarascála an t-eolas a fuarthas ón gclár a scaipeadh agus grúpaí eile a spreagadh chun obair den sórt a dhéanamh. Cuirtear na staidéir cháis os ár gcomhair ansin mar aon le cuntais mionsonraithe ar an gcomhthéacs sóisialta ina cuireadh gach tionscadal díobh i bhfeidhm, ar na struchtúir eagrúcháin, na saincheisteanna agus na deacrachtaí a bhí ann maidir le cur i bhfeidhm na dtionscadal, ar phróiseas agus ról an mheasúnaithe. Tá cur síos freisin ar fhorbairtí amach anseo agus liostaí moltaí. Tugtar sonraí achoimre mar mhionléiriú ar na gníomhaíochtaí, na cleachtais agus ar na torthaí agus tugtar cuntas ar an ngrúpa a ghlac páirt. Bhain na staidéir cháis le Sligeach, Ros Mhic Thriúin, Luimneach, Cill Bharróg, Gaillimh, Droichead Átha agus Corcaigh.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Oideachas Neamheagraithe, Pobal Comhspéise (Daoine dífhostaithe go fadtéarmach)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.16 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Community Arts and Creative Activity Programme
Fotheidéal:	Evaluation of the Programme to June 1999
Bliain:	1999
Úda(i)r:	Tweedie, A.
Arna choimisiúnú ag:	Comhpháirtíocht Chontae Liatroma
Arna mhaoiniú ag:	Comhpháirtíocht Chontae Liatroma
Foilsitheoir:	Liatroim: Comhpháirtíocht Chontae Liatroma
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	24
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Baineann an sainchúram atá ag Comhpháirtíocht Chontae Liatroma le forbairt pobail agus cuimsiú sóisialta ós rud é gur Cuideachta Chomhpháirtíocht Ceantair í. Is tuarascáil mheasúnaithe í seo ar Thionscnamh Ealaíon Pobail dhá bhliana a bhí ar siúl ag an gComhpháirtíocht ó 1997 go 1999. Reáchtáladh an tionscadal mar chuid de thiomantas níos leithne na Comhpháirtíochta chun leas a bhaint as na healaíona chun tacú le cuimsiú sóisialta. Baineadh leas le linn an mheasúnaithe as agallaimh le páirtithe leasmhara éagsúla, as ceistneoirí agus ó bhreathnúchán a rinneadh ar an obair. Luaitear Macra na Feirme mar chomhpháirtí luachmhar áitiúil san obair seo.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá roinnt codanna ann ag déanamh cur síos ar an gComhpháirtíocht, ar a beartas cultúrtha, an plean faoi leith a bhí aici le haghaidh ealaíon pobail agus an modheolaíocht measúnaithe a bhí aici. Ina dhiaidh sin tá trí leathanach ag insint faoin obair a rinneadh faoin gclár ealaíon pobail i rith na tréimhse. Is liosta fada é seo de na tionscnaimh áitiúla a tosaíodh nó ar tugadh tacaíocht dóibh. Tugtar torthaí ó shuirbhéanna na gceistneoirí maidir le grianghrafadóireacht don óige, drámaíocht na hóige, rince ilchultúrtha na mban agus an tionscnamh Mósáice, mar aon le rudaí a dúirt daoine a bhí páirteach i tionscadal banna ceoil samba agus sa tionscadal Scríobh faoi Liatroim. Tugtar na tagairtí ansin a rinne daoine aonair is a fuarthas ó agallaimh le daoine aonair agus le grúpaí, mar aon le measúnú a rinneadh ar na torthaí. Tá ceithre mholadh sa thuarascáil agus tugtar conclúid mar fhocal scoir i gcuid leis féin ag an deireadh.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona Rannpháirteacha
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.17 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Drawing a Balance
Fotheidéal:	A Journey in Art, Education and Community
Bliain:	2000
Úda(i)r:	Spillane-Doherty, L.
Arna choimisiúnú ag:	Artlink
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon, Inishowen Rural Development Ltd. agus Comhairle Contae Dhún na nGall
Foilsitheoir:	Dún na nGall: Artlink
Uimhir ISBN:	0-95396-050-1
Líon Leathanach:	94
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Déanann an tuarascáil seo measúnú ar fhorbairt, ar chleachtais agus ar thionscadail a chuir Artlink i bhfeidhm agus tugann léargas tuairisciúil orthu. Is eagraíocht í Artlink atá bunaithe i bpobal Bhun Cranncha i gContae Dhún na nGall. Triúr ealaíontóirí a bhunaigh an eagraíocht seo i 1992 agus bíonn sí i mbun oibre i gceantar tuaithe don chuid is mó gar don teorainn le Tuaisceart Éireann. Cé gurb í Lisa Spillane-Doherty príomhscríbhneoir agus eagarthóir na tuarascála chuir scríbhneoirí eile caibidil faoi leith ar fáil.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá brollaigh le Comhairle Contae Dhún na nGall, Inishowen Rural Development Ltd agus an Chomhairle Ealaíon ag tosach na tuarascála ina dtugann siad cuntas ar a gcomhoibriú le Artlink agus an dearcadh atá acu ar na healaíona pobail. Tá réamhráite ina dhiaidh sin ina mhínítear áit Artlink sa comhthéacs sóisialta agus tíreolaíochta agus an áit atá aige, ó thaobh cur chuige cleachtais, i gcomhthéacs níos leithne maidir le forbairt na n-ealaíon pobail. Sé chaibidil atá i gcorp na tuarascála. Tá cuntas i gCaibidil a hAon (Cúlra Artlink) ar theacht chun cinn Artlink agus ar na gníomhaíochtaí ealaíon a bhí aige ó 1992 go 1999 a bhí fréamhaithe sna scoileanna agus i measc an phobail. Tá cur síos ar an gcur chuige a bhí aige, mar shampla, i gcás forbairt phobail, obair thrasphobail, measúnú, oiliúint agus oideachas le haghaidh ealaíontóirí agus oideachas i gcomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Ba í Ailbhe Murphy a scríobh Caibidil a Dó. People, Place and the Promise of Art an teideal atá uirthi. Tá cuntas i gCaibidil a Trí ar thionscadail a bhí fréamhaithe sa phobal. Ba í an tOllamh Iseult McCarthy a scríobh Caibidil a Ceathair. Defining the Role of Community Arts Education is teideal di. Tá cuntas ar thrí thionscadal a bhí fréamhaithe sna scoileanna i gCaibidil a Cúig, agus tá cuntas achomair i gCaibidil a Sé (Looking Ahead) ar an treo straitéiseach a rachaidh Artlink amach anseo. Tá faisnéis faoi na daoine a chuir ábhar ar fáil agus leabharliosta sna hagusíní.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunoideachas. Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona Rannpháirteacha
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.18 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	The Arts in Our Schools
Fotheideal:	The Report of An Fo-Choiste Ealaíne agus Cultúrtha to the NAPD Annual Conference, Galway, 2001
Bliain:	2001
Úda(i)r:	Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí (NAPD)
Arna choimisiúnú ag:	NAPD
Arna mhaoiniú ag:	NAPD
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: NAPD
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	23
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Tuarascáil í seo a d'eisigh Fochoiste Ealaíon agus Cultúr Chumann Náisiúnta Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí ocht mhí déag ó bunaíodh an fochoiste i Márta 2000.</p> <p>Clár na nÁbhar Tá réamhrá ag tús na tuarascála le Cathaoirleach an Fhochoiste. Tá an tuarascáil cosúil le páipéar seasaimh sa mhéid is atá sé fréamhaithe in dhá shruth taighde. Tá sruth amháin díobh cainníochtúil agus tá sé bunaithe ar shuirbhé a rinneadh ar an soláthar a dhéantar maidir le healaíona i scoileanna iar-bhunoideachais (Seoladh ceistneoirí chuig 756 scoil). Tá an dara sruth cáilíochtúil agus deascbhunaithe: athbhreithniú ar na príomhdhoiciméid beartais agus thionscadail na ranna rialtais agus na gníomhaireachtaí oifigiúla atá gnóthach i réimsí ealaíona agus oideachais, go mór mór an Chomhairle Ealaíon agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Tá réamhrá agus cuid dar teideal 'Creideann an NAPD...' roimh chuid dar teideal 'Molann an NAPD...' ina leagtar amach cúig chnuasach moltaí. Tá codanna lánacha na tuarascála ina dhiaidh sin: Cuireann an chéad cheann (Tuarascáil faoin Suirbhé) sonraí suirbhé na scoileanna ar fáil mar aon le hanailís orthu. Tá ocht bhfochuid ann; Sa dara chuid (Neamhaird ar na hEalaíona in Oideachas na hÉireann) tá athbhreithniú ar stáid reatha na n-ealaíon i scoileanna iar-bhunoideachais na hÉireann agus an chaoi a raibh siad le déanaí. Tá codanna níos giorra faoi chúrsaí oidhreachta, an Ghaeilge agus ceannaireacht na scoile i gcur chun cinn na n-ealaíon ag deireadh na tuarascála. Leagtar béim faoi leith ar ról na bpríomhoidí.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Iarbhunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.19 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Arts in their Lives
Fotheideal:	A Policy on Young People and the Arts
Bliain:	2003
Úda(i)r:	Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
Arna choimisiúnú ag:	Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
Arna mhaoiniú ag:	Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Chomhairle Ealaíon.
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	16
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Leagann an doiciméad amach beartas Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (CNOE) maidir le daoine óga agus na healaíona. Mínítear cuspóirí an bheartais agus tugtar moltaí maidir le forbairt ealaíon na n-óg ar fud na tíre. Is í CNOE eagraíocht iondadaíochta le haghaidh na n-eagraíochtaí deonacha óige in Éirinn. Tugann an doiciméad le fios gurb é aidhm beartas na Comhairle tuiscint níos fearr a chothú maidir le luach na n-ealaíon i saol daoine óga, féachaint cén chaoi ar féidir le daoine óga baint a bheith acu le foirm ealaíne agus an chaoi a d'fhéadfadh siad baint níos mó a bheith acu le cleachtais ealaíon d'ardchaighdeán. Ba í Orlaith McBride a dhréachtaigh an beartas i gcomhairle le grúpa oibre um bheartas ealaíon na hóige. Ise Oifigeach Ealaíon Chlár Náisiúnta Ealaíon na hÓige.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Doiciméad gearr é seo a thosaíonn le sraith admhálacha agus gearrchuntas ar obair Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann. Tugtar sainmhíniú ansin ar ealaíona na hóige agus mínítear an tairbhe atá iontu i bhforbairt pearsanta daoine óga. Tá cuntas ar sheasamh na CNOE sa chuid faoi Chomhthéacs agus Réasúnaíocht agus an rún atá acu earnáil na hóige a fhorbairt i gcomhthéacs timpeallacht ealaíon níos leithne na hÉireann. Tá faisnéis ina dhiaidh sin ar Phlean 2002-2006 na Comhairle Ealaíon. 'Value of the Arts' atá mar theideal ar an gcéad chuid eile agus tá trí chuid eile fós a thugann dearcadh agus moltaí an NYCI. The Arts in Youth Work; Professional Arts Organisations and Young People and Dedicated Youth Arts Work atá mar theidil ar na codanna sin agus tá cuid beag gearr ina ndiaidh mar fhocal scoir.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona Rannpháirteacha, Ealaíona na hÓige.
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.20 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Report on the Arts as a Building Block
Fotheideal:	Comhchoiste Thithe an Oireachtais um Ealaíon, Spóirt, Turasaíreacht, agus Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.
Bliain:	2003
Úda(i)r:	An Comhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasaíreacht, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Arna choimisiúnú ag:	An Comhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasaíreacht, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Arna mhaoiniú ag:	An Comhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasaíreacht, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair
Uimhir ISBN:	0755717643
Líon Leathanach:	37
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide Tuarascáil ghearr í seo a d’eisigh Comhchoiste Oireachtais. Tá ocht n-aguisín leis a thugann breis faisnéise cúlra. Ba í seo chéad thuarascáil an choiste seo a bhí ar bun sa tréimhse ó 2002 go 2007.</p> <p>Clár na nÁbhar Tá clár ag tús na tuarascála, liosta admhálacha agus liosta na dTeacháí agus na Seanadóirí a bhí ar an gComhchoiste. Déanann Cathaoirleach an Choiste tagairt sa réamhrá don bhfás atá ag teacht i gcónaí ar thuiscint daoine ar thábhacht na n-ealaíon. Tá an tuarascáil féin trí leathanach ar fad ach déanann sí tagairt do fhaisnéis bhreise atá sna hagusíní. Tá codanna coimrithe sa tuarascáil faoi thairbhe na n-ealaíon don eacnamaíocht, don sochaí agus do mhic léinn. Tá ocht moladh le fáil i gcuid eile agus tá ocht n-aguisín léi. Tá liosta in Aguisín a hAon agus a Dó de thorthaí taighde agus d’ailt ó na Stáit Aontaithe a nascann na healaíona le hiompar sóisialta. Tá cuntas in Aguisín a Trí ar staidéar i rinneadh i Meiriceá ar ‘Impact of Arts Education on Workforce Preparation’. Tá staidéar a rinneadh sa Ríocht Aontaithe dar teideal ‘Arts Education’s Place in a Knowledge-Based Global Economy’ le fáil in Aguisín a Ceathair. Alt ón iris Insight atá in Aguisín a Cúig agus is éard atá in Aguisín a Sé ná ailt ó thuarascáil dar teideal ‘Critical Links’. Tá cuntas le Cathaoirleach an Choiste in Aguisín a Seacht ar an dearcadh pearsanta tá aige mar cheoltóir, agus tugtar seoltaí leathanach gréasáin bainteacha san Aguisín scoir.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Neamhfhormiúil agus Neamhfhoirmeálta
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.21 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	A Policy Framework for Education, Community, Outreach (ECO)
Fotheidéal:	Ceann ar bith
Bliain:	2004
Úda(i)r:	Meitheal Oibre Oideachais, Pobail agus For-rochtana Chomhairle Náisiúnta na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta i gcomhar leis na sainchomhairleoirí ealaíon Martin Drury agus Susan Coughlan
Arna choimisiúnú ag:	Meitheal Oibre Oideachais, Pobail agus For-rochtana Chomhairle Náisiúnta na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta
Arna mhaoiniú ag:	Comhairle Náisiúnta na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Comhairle Náisiúnta na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta
Uimhir ISBN:	0954726103
Líon Leathanach:	31
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Doiciméad beartais a bhfuil sé d’aidhm aige comhthuiscint agus pointí tagartha a bhunú chun soiléiriú a dhéanamh ar obair oideachais, pobail agus for-rochtana; idirphlé maidir leis an obair seo a éascú laistigh de Chomhairle Náisiúnta na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta agus na príomhranna agus gníomhaireachtaí rialtais agus eatarthu; agus bunús a cheapadh ar a bhféadfar bearta a dhéanamh i gcomhar le chéile amach anseo. Tá deich nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta ann: <i>An Chomhairle Ealaíon; Leabharlann Chester Beatty; An Chomhairle Oidhreacht; Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann; Na Cartlanna Náisiúnta; An Ceoláras Náisiúnta; Gailearaí Náisiúnta na hÉireann; Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; An Músaem Náisiúnta; An Cumann Amharclainne Náisiúnta.</i></p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Brollach le Cathaoirleach mheitheal oibre OPF agus réamhrá le Cathaoirleach Chomhairle Náisiúnta na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta. Achoimre Fheidhmiúcháin. Réamhrá a thugann cuntas ar bhunús na tuarascála agus ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo. Cuid faoi Chúlra agus Sainmhínte a léiríonn cad is ciall le hobair OPF agus a léiríonn an áit atá acu i gcomhthéacs obair na n-institiúidí cultúrtha níos leithne. Míníonn an cuid faoi Comhthéacs Beartas áit na hoibre OPF in ocht gcomhthéacs ar nós il-éirimí, an creatlach reachtaíochta agus beartais, cuimsiú sóisialta agus for-rochtain, agus páistí agus daoine óga. Tá cuntas sa Chuid faoi Príomhphionsabail Threoracha ar an deich bprionsabal maidir le soláthar OPF atá ag na hinstitiúidí cultúrtha náisiúnta. Tuigeann siad go leanann foghlaim ar aghaidh ar feadh an tsaoil agus measann siad go bhfuil institiúidí den sórt ina ‘n-ionaid foghlama’ agus ina ‘spásanna sóisialta’. Cuirtear obair OPF i láthair mar chur chuige a bhfuil luach aige don institiúid go léir. Tá cuntas ar an treoirlínte sa chuid dar teideal ‘Key Guidelines for ECO in the Cultural Institutions’ ina ndeirtear gurb é atá iontu ná sort ‘cur i ngníomh’ na bprionsabal treorach. Rinneadh plé ar mórchuid saincheistanna agus leagadh béim ar forbairt gairme na foirne agus ar mheasúnú. Tá conclúid ghearr agus leabharliosta ag deireadh na tuarascála. Tugtar liosta de bhaill an Ghrúpa Oibre sa tuarascáil mar aon le liosta de na heagraíochtaí atá ar Chomhairle na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Neamhfhormiúil agus Neamhfhoirmeálta
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.10)

2.10.22 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	The Participation of Young People in the Arts in Ireland
Fotheideal:	A Proposed Policy and Action Plan for the Period of the Third Arts Plan
Bliain:	2004
Úda(i)r:	Coughlan, M.
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	32
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>D'éascair an tuarascáil seo ó pháipéar inmheánach beartais a ullmhaíodh i 2001 mar bhunús le haghaidh cur i bhfeidhm Tríú Plean Ealaíon na Comhairle Ealaíon. Ba é an sainchúram a leagadh amach do lucht scríofa an pháipéir ná na riachtanais atá ag an earnáil ealaíon don óige a aithint, a scrúdú agus a athbhreithniú. Is é an sainmhíniú a thugtar ar ealaíona don óige (chun críche na tuarascála seo) ná chleachtas gach foirm ealaíon nach cuid den oideachas foirmiúil iad, ina nglacann daoine óga ó 12 go 25 páirt iontu mar rannpháirtithe gníomhacha, nó mar thomhaltóirí nó mar lucht féachana nó éisteachta san am saor atá acu. Tá an t-athbhreithniú bunaithe ar dhíospóireachtaí le daoine óga agus le daoine a bhfuil páirt thábhachtach acu maidir le soláthar ealaíon don óige agus ar athbhreithniú a rinneadh ar ábhar bainteach scríofa agus ar thaighde.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá sé chaibidil sa tuarascáil mar aon le brollach le Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon agus Réamhrá. Scrúdaítear réasúnaíocht agus scóip na Comhairle Ealaíon maidir le páirt a ghlacadh in ealaíona don Óige sa chéad chuid. Déantar é seo trí athbhreithniú a dhéanamh ar na Tionscnaimh Náisiúnta um Ealaíon don Óige agus an bhéim a leagtar ar dhaoine óga i bPleananna Ealaíon na Comhairle. Déantar athbhreithniú i gCaibidil a Dó ar chúig bhealach a d'fhéadfadh daoine óga páirt a ghlacadh sna healaíona: trí mheán eagraíochtaí saintiomnaithe na hóige; eagraíochtaí níos leithne na hóige; eagraíochtaí ginearálta ealaíon; mar bhaill de lucht féachana nó éisteachta; agus oiliúint an ealaíontóra óig. Caibidil ghearr í Caibidil a Trí ina scrúdaítear ról daoine fásta in earnáil ealaíon na hóige agus breathnaítear i gCaibidil a Ceathair ar an doiléiriú atá ag teacht ar na dteorainneacha idir na hearnálacha foirmiúla agus neamhfoirmiúla oideachais. Tá anailís ar thimpeallacht le fáil i gCaibidil a Cúig agus déantar athbhreithniú faoi shé cheannteideal ar na tosca a bhfuil tionchar acu ar ealaíona na hóige. Tá conclúidí i gCaibidil a Sé mar aon le ceithre thosaíocht agus trí straitéis a mholtar don Chomhairle Ealaíon. Tá sonraí faoi na grúpaí fócais agus tagairtí curtha ar fáil mar aguisíní.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfoirmiúil agus Neamhfoirmeálta, Ealaíona na hÓige
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.23 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	MUS-E Ireland
Fotheideal:	Research Report
Bliain:	2004
Úda(i)r:	McCabe, U.
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon agus Coláiste Oideachais Froebel
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon agus Coláiste Oideachais Froebel
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Coláiste Oideachais Froebel
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	91
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil é seo ar thionscadal taighde gníomhaíochta trí bliana (2001 – 2004) i dtrí bhunscoil i mBaile Átha Cliath faoi urraíocht chlár MUS-E ealaíontóirí i scoileanna a d’fhorbair Fondúireacht Idirnáisiúnta Yehudi Menuhin (IYMF). Ba é cuspóir an taighde ná féachaint an méid a raibh cuspóirí an chlár á mbaint amach i gcás na ndaoine óga, na múinteoirí agus na n-ealaíontóirí; na tosca a aithint a chuir rath ar an obair; agus moltaí a dhéanamh maidir lena chur i bhfeidhm amach anseo. Taighde cháilíochta a bhí ann agus ba é dearcadh na n-ealaíontóirí ar an scéal an fhoinse ba mhó a bhí ann.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá achoimre feidhmiúcháin agus brollach leis an gComhairle Ealaíon ag tosach na tuarascála. Tá cuntas ar chúlra an tionscadail, ar an gcaoi ar dearadh é agus ar a struchtúr le fáil i gCaibidil a hAon. Leagann Caibidil a Dó amach modheolaíocht an tionscadail taighde. Díríonn an chéad trí chaibidil eile ar an ealaíontóir MUS-E, agus dá réir ag fiosrú caidrimh na n-ealaíontóirí leis an múinteoir, an leanbh agus an tionscadal. Déantar scrúdú ar struchtúr agus gnéithe eagrúcháin an tionscadail i gCaibidil a Sé (Factors of Success). Is éard atá sa chaibidil deireanach ná coimriú agus tugtar conclúidí agus moltaí faoi cheithre cheannteideal ina dhiaidh sin. Tá leabharliosta ag deireadh na tuarascála mar aon le cúig agusín ina dtugtar faisnéis faoi conarthaí, faisnéis eagrúcháin agus faisnéis phraiticiúil eile faoin dtionscadal.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.12)

2.10.24 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Artformations
Fotheideal:	A Joint Project between the Abbey Theatre and the Irish Museum of Modern Art
Bliain:	2005
Úda(i)r:	Campbell, E., A. Gallagher and C. O'Neill
Arna choimisiúnú ag:	Amharclann na Mainistreach agus Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Amharclann na Mainistreach agus Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	96
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Tuarascáil scoir í seo ar chlár comhoibritheach a bhain le dhá thionscadal difríochta a bhí nasctha le chéile is a cuireadh ar siúl i rith na scoilbhliana 2003-2004. D'oibrigh Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) le dhá rang i ndá bhunscoil éagsúla i mBaile Átha Cliath agus d'oibrigh Amharclann Náisiúnta na hÉireann (An Mhainistir agus an Phéacóg) le trí ranganna éagsúla i dt trí bhunscoil i mBaile Átha Cliath. Dearadh na foirmeacha ealaíne chun an caidreamh idir an duine óg, an t-ealaíontóir agus an múinteoir a scrúdú agus ealaíon dráma nó amharclainne á cruthú. Bhí an taighde a rinneadh cáilíochtúil agus bhí sé go léir, nach mór, bunaithe ar agallaimh leis na rannpháirtithe. Bíodh is gur iad an triúr mheasúnaithe a scríobh formhór na tuarascála tá codanna di scríofa ag páirtithe leasmhara eile.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Is iomaí dearcadh atá sa tuarascáil, lena n-áirítear an measúnú a rinneadh ar thionscadail éagsúla Amharclann na Mainistreach agus Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann, mar aon leis na comhléargais a fuarthas ó chuspóirí céanna na dtionscadal, agus de thoradh díospóireachtaí idir na páirtithe leasmhara agus idirghníomhaíocht meastóirí na dtionscadal le chéile. Tá cuntas sna caibidlí luatha ar chomhthéacs Artformations agus cur síos mionn ar na tionscadail. Bhí tionscadal Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann dírithe ar theicstílí mar fhísealaíon agus bhain sé leas as taispeántas a bhí ar siúl aige ag an am. Bhí tionscadal na Mainistreach dírithe ar insint scéalta agus bhain sé le léiriú a bhí ar siúl sa Phéacóg le haghaidh daoine óga. Tá forléargas gearr i gCaibidil a Ceathair ar thaighde a rinneadh le deireanas maidir le hoideachas ealaíne. Tá caibidil faoi leith ann chun dearcadh gach grúpa a léiriú – na hinstitiúidí cultúrtha, na healaíontóirí, na múinteoirí, na ndaoine óga agus comhordaitheoirí na dtionscadal. Tháinig na meastóirí le chéile chun Caibidil a Deich a scríobh (Key Insights and Recommendations). Baineann cuid acu leis na hinstitiúidí mar eagraíochtaí ar leithligh agus baineann cuid eile lena leithéid d'obair i réimse níos leithne agus go mór mór i gcás tionscadal comhoibreach. Léirítear dearcadh na comhordaitheoirí agus na forbairtí a rinneadh i ndiaidh Artforms i gcaibidil a hAon Déag agus a Dó Dhéag. Tá beathaisnéisí gearra san aguisín faoi chuid de na daoine a chuir ábhar ar fáil don tuarascáil.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil, Bunscoil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Tá (Cuid 3.14)

2.10.25 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Age & Opportunity Guidelines for Working with Older People in the Arts
Fotheideal:	A Resource for Bealtaine Organisers and Others Involved in the Arts and Older People
Bliain:	2006
Úda(i)r:	Moloney, O.
Arna choimisiúnú ag:	Age & Opportunity
Arna mhaoiniú ag:	Age & Opportunity; Féile na Bealtaine
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Age & Opportunity
Uimhir ISBN:	1 900578 565
Líon Leathanach:	49
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Gníomhaireacht Éireannach is ea Age & Opportunity a bhíonn ag obair le deireadh a chur leis an ndearcadh diúltach atá ag daoine ar dhul in aois agus ar daoine aosta agus é d’aidhm acu go nglacfaidh daoine aosta páirt níos mó sa sochaí. Forbraíodh an foilseachán seo tar éis don eagraíocht deich mbliana a chaitheamh ag obair leis na healaíona, agus tá sé de chuspóir aige sainmhíniú a thabhairt ar cad is ciall le rannpháirtíocht fhiúntach a bheith ag daoine aosta sna healaíona. Tá an t-údar ina iarstiúrthóir ar Fhéile na Bealtaine. Féile Ealaíon í seo a dhéanann ceiliúradh ar chruthaíocht daoine aosta. Baineadh leas as athbhreithniú a rinneadh ar na foinsí scríofa bainteacha agus as dhá chruinniú leis na príomhpháirtithe leasmhara chun modheolaíocht a aimsiú maidir le leagadh amach na dtreoirlínte.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá brollach le Príomhfheidhmeannach Age & Opportunity agus sé chaibidil sa tuarascáil féin. Is í Caibidil an hAon an réamhrá agus fiafraítear inti cén fáth ar ghá treoirlínte ar chor ar bith, cad chuige iad agus tugtar míniú ar na téarmaí a úsáidtear. Fiafraítear i gCaibidil a Dó (Ethos) cén bhaint atá ag éiteas Aostacht agus Deiseanna leis na healaíona. Tugtar liosta i gCaibidil a Trí (The Benefits of Participation) den tairbhe a bhaineann na rannpháirtithe, eárnáil na n-ealaíon, eárnáil na sláinte agus an tsochaí i gcoitinne as. Tugtar comhairle i gCaibidil a Ceathair (Questions of Attitude) ar bhealaí chun dearcadh agus struchtúir a sheiceáil. Cuirtear ceist i gCaibidil a Cúig (A Question of Practice – Facilitating a Meaningful, High Quality Arts Experience) céard atá i gceist le blaiseadh go fiúntach de na healaíona agus déantar athbhreithniú ar na heilimintí, agus cuirtear measúnú san áireamh. Tá comhairle le fáil i gCaibidil a Sé (Researching Good Practice in Ireland and Elsewhere) faoi na háiteanna sin inar féidir breis eolais bhaintigh a fháil. Tá dhá aguisín leis an tuarascáil a mhíniú an chaoi ar fhorbraíodh na treoirlínte mar aon le gluais de na téarmaí a úsáidtear i gcás na n-ealaíon agus daoine níos aosta.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Oideachas Neamheagraithe, Pobal Comhspéise (Daoine Aosta)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.26 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Everyone is an Artist
Fotheideal:	Arts Ability Evaluation: Meán Fómhair 2003 - Nollaig 2004
Bliain:	2005
Úda(i)r:	Finlay, S.
Arna choimisiúnú ag:	Comhairle Contae Loch Garman
Arna mhaoiniú ag:	Comhairle Contae Loch Garman agus an Chomhairle Ealaíon
Foilsitheoir:	Loch Garman: Comhairle Contae Loch Garman
Uimhir ISBN:	N/B
Líon Leathanach:	94
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Measúnú neamhspleách suimitheach mionsonraithe é seo ar chlár a chuir gníomhaíochtaí ealaíon ar fáil i sé ionad sa chontae le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Cuireadh trí thionscadal díobh ar siúl in Inis Córthaidh, dhá cheann i Loch Garman agus ceann amháin i Ros Mhic Thriúin. Baintear leas sa tuarascáil ar mheasúnú a rinneadh le linn chéad chéim treorach an tionscadail i 2003 agus déantar measúnú ar gníomhaíochtaí na bliana 2004. Baintear leas as a lán modhanna chun an measúnú seo a dhéanamh, ina measc dialanna ealaíontóirí, ceistneoirí agus breathnóireacht ar an láthair agus ag cruinnithe. Chuathas i gcomhairle leis an 75 rannpháirtí, an fiche duine a bhí ar an bhfoireann, le ceathrar ealaíontóir an tionscadail agus leis na daoine eile a raibh baint acu le cur i bhfeidhm an chlár.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá ceithre chuid sa tuarascáil. Tá an sainchúram measúnaithe agus an modheolaíocht le fáil sa chéad chuid agus tá cur síos ar mheasúnú inmheánach an chlár féin ina dhiaidh sin. Tá cuntas i gCodanna a Trí agus a Ceathair ar fhorbairt an chlár agus ar an obair a rinneadh le linn an sé thionscadal. Tá cuntas i gCuid a Cúig ar na torthaí agus na ceisteanna faoi leith a bhain le gach tionscadal díobh mar aon le torthaí níos leithne atá eagraithe de réir na gceannnteideal: Rannpháirtithe, Ealaíontóirí, Eagraíochtaí agus Eile. Tá cur síos sa chuid ina dhiaidh sin ar na príomhthosca a chinntigh gur éirigh leis an gclár, agus cuid eile ina dhiaidh sin fós ina n-aithnítear na saincheisteanna nó na dúshláin a tháinig chun cinn le linn an tionscadail. Tá cúig mholadh déag ag deireadh na tuarascála maidir le forbairt an tionscadail amach anseo. Tá ceistneoirí samplacha agus liosta de na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo le fáil sna ceithre agusín.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Oideachas Neamheagraithe, Pobal Comhspéise (Daoine le Míchumais)
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.27 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Artists ~ Schools Guidelines
Fotheideal:	Towards Best Practice in Ireland
Bliain:	2006
Úda(i)r:	The Steering Committee and Core Group of Artists ~ Schools
Arna choimisiúnú ag:	An Chomhairle Ealaíon agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Arna mhaoiniú ag:	An Chomhairle Ealaíon agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon
Uimhir ISBN:	1-904291-22-8
Líon Leathanach:	32
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Treoirínte mionsonraithe cuimsitheacha maidir le beartas agus cleachtas a bhaineann le gach comhthéacs ina bhfuil idirchaidreamh idir ealaíontóirí agus scoileanna. D'éascair an doiciméad seo ón gcomhpháirtíocht idir an Chomhairle Ealaíon agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Rinne coiste stiúrtha maoirseacht ar ullmhú na dtreoirínte agus cúnamh acu ó Ghrúpa Lárnach ar a raibh lucht déanta beartais agus cleachtóirí a raibh taithí acu ar an gcomhoibriú idir ealaíontóirí ~ scoileanna. D'oibrigh an Sainchomhairleoir Ealaíon, Martin Drury, mar eagarthóir maidir le ceapadh na dtreoirínte.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá brollaigh leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ag tosach na tuarascála a foilsíodh as Béarla agus as Gaeilge mar aon dhoiciméad amháin. Tá réamhrá ansin le Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon agus réamhrá eile le Cathaoirleach an Choiste Stiúrtha. Tugtar sainmhíniú agus cur síos cúramach ar chleachtas Ealaíontóirí ~ Scoileanna i réimse leathan comhthéacsanna. Déantar cur síos cruinn ar na tréithe iomadúla a bhaineann leis mar chleachtas mar aon leis na luachanna sainiúla agus na troirphrionsabail a bhaineann leis. Luaitear trí phrionsablaí fhorluiteachta (Pleanáil, Cur i bhfeidhm agus Measúnú) mar chreatlach chun cleachtas den scoth a chur chun cinn agus déantar mionscrúdú ar gach ceann acu. Cuirtear na treoirínte ar fáil ar bhealach go bhféadfaidh idir ealaíontóirí agus scoileanna iad a léamh ar bhealach comhlánach, rud a thacóidh le prionsabal na comhpháirtíochta atá mar chroílár ag deachleachtas ag ealaíontóirí ~ scoileanna agus inchorpaítear é trí an siombail ~ (tilde) a úsáid ó cheann ceann an doiciméid.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Foirmiúil
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.28 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	The Butterfly Lands
Fotheidéal:	Learning from ArkLink
Bliain:	2006
Úda(i)r:	Drury, M. (eagarthóir)
Arna choimisiúnú ag:	The Arklink Project
Arna mhaoiniú ag:	The Ark Trust
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: The Ark
Uimhir ISBN:	Ceann ar bith
Líon Leathanach:	16
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Is leabhrán é seo a eisíodh ag deireadh na comhpháirtíochta idir The Ark, Lárionad Cultúrtha do Pháistí agus pobal Fatima Mansions i mBaile Átha Cliath a bhí ar siúl ó 2000 go 2006 agus tá na príomhcheantanna ó Arklink le fáil ann. Is í aidhm an leabhráin ná na príomhcheantanna a bhain le hobair Arklink a chur ar fáil agus a chur ar aghaidh.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá réamhrá gearr ann agus ceithre chuid achoimre ina dhiaidh sin agus gach ceann acu dírithe ar réimse foghlama faoi leith. Tá sé phointe sa chéad cheann mar achoimre ar mhodh cleachtais Arklink. Tá roinnt príomhphrionsabal agus cleachtas sa dara chuid a bhaineann le hobair ealaíon le daoine óga ina leithéid de thionscadail. Baineann an tríú cheann leis na príomhacmhainní: am, airgead, spás agus pearsanra. Tá cuid dar teideal Learning From The Children ag deireadh an leabhair ina ndéantar cur síos ar cheithre cheacht thábhachtacha a foghlaimíodh faoi dhaoine óga agus uathu. Tugtar liosta de seacht bhfoilseachán ag deireadh an leabhair ar fad a d'fhéadfadh an pobal agus eagraíochtaí ealaíne spéis a chur iontu dá mba mhaith leo soláthar nua ealaíon a fhorbairt.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona na hÓige Na hEalaíona Rannpháirteacha
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.29 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	A Survey of Museums in Ireland 2005
Fotheideal:	Ceann ar bith
Bliain:	2007
Úda(i)r:	Duggan, C.
Arna choimisiúnú ag:	Cumann Músaem na hÉireann
Arna mhaoiniú ag:	Cumann Músaem na hÉireann, An Chomhairle Oidhreachta agus an Roinn Ealaíon, Spórt agus Turasóireachta
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: Cumann Músaem na hÉireann
Uimhir ISBN:	978 0 952 2995 1 6
Líon Leathanach:	27
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Taighde cainníochtúil é seo bunaithe ar suirbhé a rinneadh ar Músaem na hÉireann (agus Tuaisceart Éireann san áireamh) i 2005. Leanann an tuarascáil suirbhé a foilsíodh i 1994. Ba é cuspóir an tsuirbhé seo ní amháin cuntas a thabhairt ar músaem ar fud na tíre ach a fháil amach céard iad na forbairtí a rinneadh ó foilsíodh tuarascáil 1994 agus iad sin a rianú. Chuathas i dteagmháil le 258 músaem ó cheann ceann na tíre. Foilsíodh suirbhé na bliana 2005 chun go mbeadh sé in am le haghaidh Chomhdháil Bhliantúil an Chumainn i 2007.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá dhá phríomhthoradh déag le fáil sa réamhrá achomair le Cathaoirleach Chumann Músaem na hÉireann mar aon le comparáidí le suirbhé na bliana 1994. Tá clár mionsonraithe ina dhiaidh sin thugann faisnéis de réir contae faoi na músaem a ndeachthas i dteagmháil leo agus na freagraí a fuarthas. Tá príomhábhar na tuarascála le fáil i sé chuid. Tá sonraí agus cur síos ar na cineálacha músaem le fáil i gCuid a hAon. Insítear, mar shampla, faoi na háiseanna praiticiúla agus na háiseanna léirithe agus léirmhínte atá iontu, cé chomh mór is atá na músaem féin agus faoi na húdarais riaracháin atá ina mbun. Faisnéis faoi fhoirne na músaem atá i gCuid a Dó – líon na n-oibríthe lánaimseartha agus deonacha atá acu agus an oiliúint a tugadh dóibh. Tá faisnéis faoi mhaoiniú le fáil i gCuid a Trí, mar aon leis na treoichtaí atá le feiceáil le himeacht aimsire agus sonraí faoi na buiséid éagsúla (buiséid oideachais, mar shampla). Baineann Cuid a Ceathair leis na bailiúcháin: a méid, na hábhair atá iontu agus an chuid den tír lena mbaineann siad. Tá sonraí i gCuid a Cúig faoi rochtain ar na músaem, ar dhoiciméadú na mbailiúchán, an chéad bhliain ar tosaíodh ag déanamh taifead agus na háiseanna oideachais atá iontu. Baineann Cuid a Sé le cuairteoirí agus insíonn sí líon na gcuairteoirí a tháinig ó 1998 agus an céatadán dóibh ar thurasóirí agus daltaí scoile iad. Tá sampla de cheistneoir an tsuirbhé leis an dtuarascáil mar aon le liosta na músaem a ndearnadh suirbhé orthu.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Oideachas Neamheagraithe
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

2.10.30 Níos mó ná Foirm Ealaíne amháin

Teideal:	Work in Progress
Fotheidéal:	Case Studies in Participatory Arts with Young People
Bliain:	2007
Úda(i)r:	Devlin, M. agus D. Healy (eagarthóirí)
Arna choimisiúnú ag:	An Clár Náisiúnta um Ealaíona don Óige
Arna mhaoiniú ag:	Comhairle na nÓg, An Chomhairle Ealaíon, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Plean Náisiúnta Forbartha, Fondúireacht Óige na hÉireann
Foilsitheoir:	Baile Átha Cliath: An Clár Náisiúnta um Ealaíona don Óige, Comhairle na nÓg.
Uimhir ISBN:	1-900210-12-6
Líon Leathanach:	176
Cur Síos:	<p>Cineál Doiciméide</p> <p>Is éard atá sa tuarascáil ná tiomsú de naoi staidéar cáis. Cuireann sí réimse samplaí de dheachleachtas sna hEalaíona don Óige ar fáil a d'fhéadfadh oibrithe óige agus ealaíontóirí leas a bhaint astu chun cur chuige a roghnú. Ba chabhair iad freisin do lucht ceaptha beartas agus déanta cinntí i réimse obair óige agus na n-ealaíon rannpháirteach.</p> <p>Clár na nÁbhar</p> <p>Tá brollaigh le Comhordaitheoir Clár An Clár Náisiúnta um Ealaíona don Óige agus le Leas-stiúrthóir Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann ag tosach na tuarascála. Deir na heagarthóirí ina réamhrá go ndearnadh na staidéir cáis i gcomhthéacsanna éagsúla mar thionscadail na hóige, ionaid oiliúna, féilte pobail agus i gcompántais nó grúpaí tiomnaithe ealaíon. Baineann siad le foirmeacha éagsúla ealaíne freisin: grianghrafadóireacht, péintéireacht, ealaín ghraifítí, múnlú cré/déanamh masc, gluaiseacht agus rince, téatar, ilmheáin, filíocht, hip hap agus rapcheol. Tá cuid ghearr dar teideal Confident Connections ina dhiaidh sin a scríobh beirt a bhíonn ag teagasc ag an gCúrsa Teastais in Ealaíon na hÓige. Cur síos ar staidéir cháis atá i gcorp na tuarascála agus ba iad cúig cheannaire déag na dtionscadal a scríobh nó a chomhscríobh iad. Bíodh is nach bhfuil aon dá chás cosúil le chéile is mar a chéile a dhéantar cur síos orthu, tríd is tríd. Baintear leas as téamaí mar Chuspóirí agus Spriocanna; Pleanáil; Próiseas agus Modheolaíocht; Taispeántas nó Léiriú; Dúshlán; Rudaí a Foghlaimíodh; Monatóireacht agus Measúnú; agus Conclúid. Tá pictiúir d'obair thionscadail le fáil i lár an leabhair. Tugtar faisnéis faoi cheannairí na dtionscadal, liosta tagartha agus liosta d'acmhainní gréasáin ag deireadh na tuarascála.</p>
Réimse (Réimsí) Ábhar:	Oideachas Neamhfhoirmiúil agus Neamhfhoirmeálta, Ealaíona na hÓige Na hEalaíona Rannpháirteacha
Foirm(eacha) Ealaíne a úsáideadh:	Iomadúil
Coimriú i gCuid 3 den Tuarascáil seo?	Níl

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.1 Cúlra na nAchoimrí

Cuireann Cuid 3 achoimrí faoi bhráid maidir le 14 de na tuarascálacha taighde foilsithe atá cuimsithe i gCuid 2. An cuspóir atá i gceist ná an léitheoir a sholáthar le tuiscint níos sonraithe ar an scóip agus fócas a bhaineann le gach doiciméad. Cé go gcuireann an coimriú buneolas faoi bhráid maidir le hábhar gach doiciméad, soláthraíonn an achoimre níos mó faisnéise ar shubstaint gach tuarascáil.

Mar atá luaite i gCuid 1, baineann na doiciméid a roghnaíodh le coimriú leis na healaíona i gcomhthéacsanna foirmeálta oideachais. Rinneadh an cinneadh ar thrí chúis:

- Chun cuidiú le habhcóideacht do ‘lárnacht an oideachais ealaíne i ngach foirm ealaíne’ (*Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon: Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006-2010, leathanach 17*)
- Chun obair an Choiste Speisialta um na hEalaíona agus an Oideachais a chomhlánú
- Chun beartas reatha na Comhairle Ealaíon agus clár oibre na n-Ealaíon sna Scoileanna a chomhlánú

Tá na hachoirí idir 1100-1300 focal ar fhad go ginearálta agus cuimsíonn siad roinnt fo-ailt:

- Nádúr an Doiciméid, a chuireann comhthéacs na tuarascála taighde i láthair agus roinnt ráitis tosaigh fuithi
- Modheolaíocht, a shonraíonn conas mar a dearnadh an taighde a comhlíonadh
- Clár, a thugann léargas ginearálta ar ábhair na tuarascála agus a leanann struchtúr na tuarascála go ginearálta agus
- Achoimre agus Príomhthorthaí, príomhchuid an achoimre, a chuireann faisnéis níos sonraithe faoi bhráid ar ábhar na tuarascála atá á coimriú, sreabhadh na n-aragóintí sa tuarascáil, agus impleachtaí na tuarascála do lucht déanta beartais agus eile, a chuimsíonn moltaí ar bith ag eirí as.

Tá an chéad trí cinn de na fo-ailt seo réasúnta gearr agus cuimsíonn siad faisnéis áirithe ar a laghad, a cuireadh faoi bhráid cheana féin sa chuid coimrithe den tuarascáil seo. Seo toisc gur ullmháíodh na hachoirí mar fhíosaí a bhí le léamh iontu féin.

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.2 The Place of the Arts in Irish Education (1979)

Cineál an Doiciméid

Tuarascáil na meithle a bhunaigh an Chomhairle Ealaíon i 1978 chun taighde a dhéanamh ar staid reatha na n-ealaíon i réimse oideachais na hÉireann agus moltaí a dhéanamh maidir le soláthar a fheabhsú. Tugtar díol suntais don tuarascáil mar dhoiciméad ceannródaíoch, bhí Tuarascáil Benson (mar is fearr aithne uirthi tar éis an taighdeoir-údar) maoirsithe ag grúpa de thrí déag ealaíontóirí agus oideachasóirí, le hionadaíocht ón gComhairle Ealaíon agus ón Roinn Oideachais araon.

Modheolaíocht

Eascaíonn 119 moltaí na tuarascála ó thaighde cáilíochtúil agus cainníochtúil. Cuimsítear sé déag tábla staitisticiúil in Aguisín 4 a chuireann eolas ar fáil don tuarascáil, chomh maith le torthaí an taighde deisce agus próiseas comhairliúcháin suntasach. Aimsíodh seasca dó aighneacht agus chuala an meitheal fiche haon aighneacht bhéil ó phearsana agus eagraíochtaí tábhachtacha, go háirithe i réimse oideachais na n-ealaíon agus oideachais múinteoirí.

Clár na nÁbhar

Leagann comhthéacs amach don tuarascáil sa chaibidil tosaigh. Déanann an chéad cúig caibidil eile anailís ar sholáthar agus cleachtas sna healaíona laistigh de réimse áirithe an oideachais. Dá réir, tá caibidilí ar na réimsí seo a leanas: Bunscoil; Oideachas Iarbhunscoile; Oilíúint Múinteoireachta; Seach-Churaclaim, Oideachas Aosach agus Pobail; agus Oilíúint do Ghairm sna hEalaíona. Déanann Caibidil a Seacht ról na Comhairle Ealaíon i gcúrsaí oideachais a fhiosrú. Cuimsítear conclúid agus achoimre sa chaibidil deiridh ar na moltaí a leagadh amach sna caibidilí ar leith i dtús báire. Tá sé aguisín leis an tuarascáil lena n-áirítear faisnéis faoi na gléasanna taighde a úsáideadh.

Achoimre agus Torthaí

Soláthraítear athbhreithniú stairiúil gearr sa chaibidil tosaigh ar chúrsaí ealaíne mar a bhaineann le sochaí na hÉireann agus an suíomh atá acu san oideachas foirmeálta. Tugtar cuntas gearr ar a dtábhacht ó thaobh cúrsaí oideachais agus tugtar dúshlán faoi pheirspictíochtaí ortadocsacha áirithe, a mhaolaíonn luach suntasach na n-ealaíon. Le teacht na teicneolaíochta nua-aoisí, go háirithe maidir le craobhscaoileadh na n-ealaíon, agus tús le curaclam bunscoile atá níos leanbhlaráí i 1971, feictear anois go bhfuil deiseanna féidearthacha ann maidir le comhthéacs níos dearfaí a chothú d'oideachas ealaíne. Is sa chomhthéacs sin gur mian leis an tuarascáil tionchar a bheith aici.

Tá an curaclam bunscoile nua 1971 mar phointe tosaigh do Chaibidil a Dó, áit ina bhfuil an easnamh idir féidearthacht agus fírinne na n-eispéireas ag mórlach na leanaí sa seomra ranga le sonrú. Tá móran cúiseanna: drocháiseanna fisiciúla; buiséid neamhleordhóthanacha d'ábhair agus trealamh; easpa acmhainní cigireachta; buíon mhúinteoireachta nach bhfuil oilte go sásúil don mhórchuid sa réimse oideachais ealaíne agus go dteipeann ar oilíúint inseirbhíse cúiteamh d'easnamh réamhseirbhíse. Tá sraith moltaí in éineacht leis an anailís seo a chuimsíonn bunú na gcomhairleoirí speisialtóireachta ealaíne; córas múinteoireachta ceoil; agus deontais ceannsráithe níos réadúla. Ní thiocfaidh infheistíocht mar seo chun cinn, a deir an ráiteas, ach amháin nuair a spreagann an beartas oifigiúil luach sainiúil agus tábhachtach na n-ealaíon.

03

Tá an luach íseal a leagtar ar na healaíona mar cheist san oideachas iarbhunscoile chomh maith, áit a *aimsíonn na hábhair sin go gceaptar go bhfuil an stádas is mó acu agus na torthaí is inláimhsithe (teangacha, eolaíocht agus matamaitic) an aird i mó*. Tugann an staitistic nár ghlac ach 0.4% de bhuaicillí a shuí an Ardeistiméireacht ábhar an cheoil léargas ar an bhfadhb níos ginearálta, a eascraíonn don mhórchuid ó bhrú iontach atá leagtha ar oideachas iarbhunscoile maidir le hiomaíocht d'áiteanna ollscoile. Cuirtear anailís shonrach ar fáil maidir le staid na n-ealaíon agus an cheoil san oideachas iarbhunscoile, agus tugtar léargas níos giorra ar chúrsaí litríochta, scannáin, drámaíochta agus damhsa (is beag gur fiú trácht ar an 'láithreach' atá ag na trí cinn deiridh sa chóras). Léiríonn an anailís, *i measc nithe eile*, go bhfeictear *ealaíon mar ábhar níos mó do chailíní ná do bhuaicillí, agus go bhfuil caighdeán, ach go háirithe sa sraith shóisearach, fíor-íseal ar fad; agus go mbíonn titim mhór ar éileamh na n-ealaíon sa sraith shinsearach*. Tosca eile a chuireann leis an drochsholáthar ná easpa múinteoirí atá oilte go hiomlán, an aonrú gairmiúil atá suntasach, agus an fíric nach raibh ach dhá chigire ealaíne mórthimpeall na tíre ina iomláine. Baineann mórán de na pointí seo le ceol chomh maith, cé go bhfuil na sonraí difriúil. Tá moltaí maidir le háiseanna, buiséid agus comhairleoirí speisialtóireachta leagtha amach agus cúiseanna maithe tugtha maidir leo. Críochnaíonn an caibidil le cuid sách fada ar chraolachán oideachasúil.

Tá múinteoirí dea-oilte mar 'sine qua non' de dhea-chóras oideachais ar bith. Tá na hábhair ealaíne faoi mhíbhuntáiste sna scoileanna agus tá múinteoirí nuálaíocha, díograiseacha agus oilte de dhíth. Cuireann na línte seo tús le déileáil chuimsitheach maidir le hoiliúint múinteoirí. Cuimsíonn an chuid ar oiliúint mhúinteoirí bunscoile fírinne maidir le *ró-acmhainneacht seachas easpa acmhainní sna ranna atá ag déileáil le réimse na n-ealaíon*, bunaithe ar leibhéal ísle muiníne go ginearálta agus eispéreas na n-ealaíon, a thugann múinteoirí faoi oiliúint leo óna gcuid scolaíochta féin. Moladh breise ná gur chóir go mbeadh *dualgas ar mhic léinn dianchúrsa roghnaitheach a thógáil i gceann amháin de réimsí na n-ealaíon*, agus gur chóir go bhforbrófaí ealaíon agus ceardaíocht, agus dramaíocht, mar ábhair chéime. Déantar na bealaí éagsúla chun cáiliú mar mhúinteoir ceoil ranga ag leibhéal iarbhunscoile a mhíniú agus leagtar béim ar an riachtanas maidir le breis sruthlínithe. Díreann aird ar an míbhuntáiste atá ag iartha na hÉireann toisc nach bhfuil aon roinn ceoil ollscoile nó coláiste ceoil ann. Déantar cur síos ar an gcóras measctha, atá uaireanta aimhrialta, ina ndéantar múinteoirí ealaíne iarbhunscoile a oiliúint agus a chreidiúnú agus críochnaíonn an chuid seo *leis an gcuispóir gur chóir go mbeadh gach ealaíon sna scoileanna iarbhunscoile a bheith múinte ag múinteoirí ealaíne oilte amháin*.

Scrúdaíonn Caibidil a Cúig soláthar ealaíne seach-churaclaim do dhaoine óga faoi chúig ceanteideal: comórtais; gníomhaíochtaí a thugann na healaíona chun na scoileanna; gníomhaíochtaí atá dírithe i dtreo riachtanais na ndaoine óga mar phobal ina gceart féin; agus teagasc na n-ealaíon lasmuigh de chóras na scoile. Feictear go bhfuil ábharthacht áirithe maidir le cúrsaí oideachais ag treochtaí forbartha cosúil le ceapachán na n-oifigeach oideachais in institiúidí cultúrtha náisiúnta; camchuairt na mbailiúchán náisiúnta; agus cruthú na n-ionad ealaíon. Feictear tionscnaimh le déanaí cosúil le bunú an Dublin Youth Theatre mar imeachtaí dearfacha, agus cuireadh in iúl go raibh súil go leanfaí le tionscnaimh cosúil leo, mar atá inmhianaithe don Roinn Oideachais agus an Chomhairle Ealaíon ag comhoibriú chun tacú le Ceolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann. Cuirtear réimsí oideachais ealaíne na n-aosach agus an phobail i láthair mar réimsí a bhfuil díol suntas leo, mar atá fostaíocht an oifigigh ealaíon réigiúnach amháin. Sonraítear go bhfuil féidearthacht ag baint leis an tionscnamh seo agus go bhféadfaí é a fhás ina scéim trína bhféadfaí *mórchúnamh a sholáthar maidir le réimse na n-ealaíon a chur chun cinn sna pobail réigiúnacha*.

03

Déantar cur síos ar na deacrachtaí atá ann do dhuine atá ag iarraidh gairm bheatha a bhunú sna foirmeacha ealaíne difriúla. Leagtar béim ar an riachtanas atá le 'conservatoire' (le Bord Oiliúna Ceoil eatramhach) chun ardoiliúint a sholáthar, chomh maith leis an riachtanas atá ann dioplóma creidiúnaithe áirithe ar bhonn náisiúnta a thairiscint do thaibhseoirí. Cuirtear fáilte roimh chomhleanúnachas breise i dtéarmaí oiliúna agus creidiúnaithe atá le fáil sa réimse ealaíne agus deartha, in ainneoin staid mheasctha an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha. Sonraítear an borradh atá faoi chúrsaí deartha agus an slándáil ghairme níos fearr atá ann do chéimithe sa réimse deartha. Tá codanna gearra ar cheisteanna maidir le hoiliúint agus slí ghairme i gcúrsaí téatair, scannáin, rince, litríochta agus riaracháin ealaíne.

Leagtar amach ról reatha na Comhairle Ealaíon agus an réimse tacaíochta dhírigh agus indírigh atá acu agus gníomhaíocht san oideachas, i gcomhthéacs cothromaíocht a bhaint amach idir lárnacht an oideachais maidir le misean na Comhairle agus an fírigh nach bhfuil aon fheidhm reachtúil acu maidir le hoideachas foirmeálta. Roimh chaibidil dheiridh na tuarascála a leagann amach an 119 moladh atá acu, críochnaíonn an chaibidil roimhe sin le sé mórphointe, atá rialaithe ag an gcoincheap gur féidir leis an gComhairle Ealaíon:

- *cuidiú le tionchar a bheith ar chinntí beartas i bhfábhar na n-ealaíon san oideachas*
- *faisnéis ar na healaíona in Éirinn a thiomsú agus a sholáthar go roghnaitheach do scoileanna, coláistí srl.*
- *a gcuid scéimeanna féin a fheidhmiú chun ealaíon agus ealaíontóirí a chur faoi bhráid daoine óga*
- *forbairtí torthúla a thionscnamh agus cúnamh a chur ar fáil dóibh trí chúnamh deontais mar a bhaineann le réimse na n-ealaíon san oideachais*
- *seirbhísí speisialtóirachta a sholáthar trí chúrsaí, ceardlanna, ábhair oideachais agus comhairle ar ghnéithe éagsúla na n-ealaíon*
- *comhoibriú le gach eagraíocht a bhaineann le léirtheiscint agus cleachtas na n-ealaíon a chur chun cinn i measc daoine óga agus aosaigh.*

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.3 Deaf Ears? (1985)

Cineál an Doiciméid

Tuarascáil ar staid an oideachais ceoil in Éirinn i 1985, go háirithe laistigh den chóras oideachais foirmeálta ag leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile. Rinneadh í a choimisiúnú sa chomhthéacs go raibh 1985 sannta mar Bhliain Eorpach an Cheoil agus ag am go raibh athbhreithniú suntasach ag tarlú maidir le cúrsaí curaclaim, le bunú úrnua an Bhoird Curaclaim agus Scrúduithe (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta inniu). 'Sé an cuspóir a bhí ann ná bunús fianaise a bhunú chun tionchar a imirt ar bheartas agus soláthar i réimse oideachais an cheoil. Rinne Sainghrúpa Oibre maoirsiú ar an tuarascáil, agus iad ceaptha ag an gComhairle Ealaíon agus Coiste na hÉireann um Bhliain Eorpach an Cheoil.

Modheolaíocht

Taighde a bhí deasc-bhunaithe, agus breisithe ag agallaimh le fáisnéiseoirí riachtanacha. Tugann tríocha ceathar tábla agus sé léarscáil na tuarascála léargas ar an mbéim láidir a leagtar ar shonraí staitisticíúla, atá comhlánaithe ag anailís ar mhórshuirbhéanna le déanaí agus tuarascálacha a bhaineann le hoideachas ceoil agus cúrsaí oideachais níos ginearálta. Déantar anailís ar na sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ar a dtéarmaí féin, le breis anailíse ar bhonn comparáideach ag tarlú uaireanta de réir inscne agus contae. Déantar comparáidí le tíortha Eorpacha eile a chur ar fáil.

Clár na nÁbhar

Brollach (le Cathaoirleach na Comhairle Ealaíon agus Cathaoirleach ar Choiste na hÉireann um Bhliain Eorpach an Cheoil). Réamhrá le Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre, a chuireann príomhthorthaí na tuarascála i gcomhthéacs níos leithne oideachais, cultúrtha agus fiú amháin polaitíochta. Caibidil a hAon: 'Ceol san Oideachas Bunscoile'; Caibidil a Dó: 'Ceol san Oideachas Iarbhunscoile'; agus Caibidil a Trí: Cuimsíonn 'Oideachais Ceoil Uirlise' croílár na tuarascála a chríochnaíonn le Caibidil a Ceathar: 'Léargas Comparáideach ar Oideachais Ceoil - Éire agus An Eoraip' a sholáthraíonn sonraí ag tacú leis an tuairim go bhfuil óige na hÉireann faoi mhí-bhuntaíste mór sa réimse seo, nuair a dhéantar comparáidí lena gcomhghleacaithe Eorpacha. Tá na nótaí agus tagairtí, atá mar chranntaca don taighde atá cuimsithe sa tuarascáil, leagtha amach sa chuid dheiridh.

Achoimre agus Torthaí

Clúdaíonn an suirbhé agus anailís raon ceisteanna ar cheol ag leibhéal na bunscoile a chuimsíonn aidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim; soláthar an cheoil sna bunscoileanna; suíomh an cheoil agus soláthar do chúrsaí ceoil sna coláistí oideachais ina ndéantar múinteoirí bunscoile a oiliúint; oiliúint inseirbhíse; cigireacht; áit an cheoil laistigh de chomhthéacs níos leithne an bheartais agus riaracháin na bunscoile. Ní thagann féidearthacht shuntasach na gcoláistí oideachais mar innill athraithe, maidir le háit an cheoil sa bhunscoil, ar chor ar bith leis an bhfíric go bhfuil breis iarrthóirí ag iontráil na gcolaistí sin anois, gan taithí ceoil iarbhunscoile ar bith acu, cás atá níos measa ná mar a bhí fíor sna 1960aidí. Léiríonn anailís níos leithne go bhfuil easpa soiléir réasúnaíochta agus dá réir easpa beartais ar bith d'oideachas ceoil sa bhunscoil, agus dá thoradh tá easpa acmhainní daonna agus ábhair do chóras oideachais ceoil ag leibhéal na bunscoile. *Tá oideachas ceoil an dalta bunscoile dá réir, fanóideach fiú amháin ag an leibhéal is fearr, a deir an tuarascáil.*

03

Tá suirbhé agus anailís an cheoil ag leibhéal na bunscoile lonnaithe go láidir sna sonraí staitisticíúla atá ar fáil don réimse, a eascraíonn go príomha ó *Thuarascáil Staitisticíúil (1975/76 go dtí 1983/84)* na Roinne Oideachais. Fiche ceathar tábla a chuimsíonn sonraí a chuireann eolas ar fáil d'anailís ar raon topaicí lena n-airítear roinnt scoileanna a sholáthraíonn ceol (cuireann an taighdeoir isteach caveat agus úsáidtear an téarma 'soláthar tuairiscithe'); líon na ndaltaí ag glacadh ceoil agus an líon ag glacadh ceoil ag scúduithe stáit; líon na gcór, na gceolfhoirne agus na mbannaí míleata; agus codanna níos giorra ar churaclaim, riarachán scoile, cigireacht agus braistintí na ndaltaí ar cheol mar ábhar, an ceann deiridh ag díorthú ó phobalbhreith MRBI i 1985: *Dearcadh na nDaoine Óga in Aois 15-19 ar Chúrsaí Oideachais* a bhí coimisiúnaithe ag an Roinn Oideachais. Déanann táblaí agus mapaí a chuireann fianaise i gcomparáid ó chontaetha difriúla, agus de réir inscne agus an chineáil iarbhunscoile, anailís chomparáideach a éascú maidir le mórlach na sonraí. Tá an tuairim maidir leis an nasc idir ráta glactha an cheoil ag leibhéal iarbhunscoile agus na daoine atá ag iontráil na gcoláistí oideachais le traenáil mar mhúinteoirí bunscoile le sonrú toisc gur *tuairiscíodh* nach raibh ach 1.1 faoin gcéad de bhuachaillí agus 6 faoin gcéad de chailíní ag glacadh an cheoil sa sraith shinsireach i scoileanna dara leibhéal. Má ghlactar leis an Ardeistiméireacht mar chomhartha den luach comparáideach a leagtar ar réimsí curaclaim difriúla, níor mhór a shonrú go rangaíonn ceol ag cúig déag as tríocha haon ábhar Ardeistiméireachta a ghlacann cailíní, agus bhí rangú fiche cúig ag an gceol do bhuachaillí. Tá conclúid na caibidle seo gonta, agus mar mhacalla ar thuarascáil a tháinig deich mbliana roimhe sin a dúirt go raibh *faillí an cheoil ag léiriú easpa measa do chaighdeán oideachais*.

Déantar mapáil agus suirbhéireacht i gCaibidil a Trí ar oideachas ceoil uirlise laistigh agus lasmuigh de chóras na scoile. Tá scoileanna ceoil príobháideacha, scéimeanna ceoil an chontae, coláistí ceoil, agus ranna ceoil sna coláistí oideachais, ceardcholáistí réigiúnacha - agus ollscoileanna lonnaithe ar an mapa agus tá an soláthar i dTuaisceart Éireann léirithe ar an mbealach céanna, a éascaíonn comparáidí inchiallaithe in athuair. Cé go soláthraíonn Siollabas B i scrúduithe ceoil an stáit do chomhpháirt phraiticiúil (uirliseach/ceol gutha), ceann de phríomhthorthaí na caibidle seo ná go n-aimsíonn mórlach na ndaltaí a ghlacann an siollabas seo teagasc *lasmuigh* den scoil. Deir an tuarascáil go bhfuil caighdeán na scrúduithe seo eagraithe ar bhealach atá in oiriúint do dhaltaí a raibh deis acu ceachtanna sa cheol uirlise a ghlacadh ó aois an-óg. Toisc nach bhfuil aon deis mar seo ar bhealach sistéimeach ag leibhéal na bunscoile, tá an deis *de facto* teoranta go daoine le hacmhainní príobháideacha chun íoc as teagasc den chineál seo.

Tá Caibidil a Ceathar rialaithe ag peirspictíocht chomparáideach ina ndírítear ar sholáthar oideachais ceoil in Éirinn agus tíortha eile san Eoraip. Cé go bhfuil deacrachtaí ag baint le comparáidí idirnáisiúnta, tacaíonn éifeacht charnach na dtáblaí comparáideacha éagsúla sa chaibidil seo leis an ráiteas go bhfuil *ógánaigh na hÉireann faoi mhíbhuntáiste mór nuair a chuirtear i gcomparáid iad lena gcomhghleacaithe Eorpacha*. Beart inchiallaithe amháin ná an tábla deiridh ar fad sa tuarascáil a dhéanann comparáid idir líon na ndaoine in aghaidh na scoile ceoil sna tíortha Eorpacha. Tá Éire sa dara háit déag sa tábla sraithe a sholáthraítear, le figiúr de 850,000; tá Tuaisceart Éireann, cé go bhfuil sí níos mó ná trí huaire níos fearr, díreach roimhe sin, agus 'siad an chéad trí thír ar bharr na sraithe ná An Iorua (19,000); An Danmhairg (23,700); agus An Eilvéis (26,500). 'Sí abairt dheiridh na tuarascála ná: *Tá an 'domhan ceoil' is measa ag an duine óg in Éirinn i gcomhthéacs na hEorpa*.

1. Na hInstitiúidí Teicneolaíochta anois -

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.4 Art and the Ordinary (1989)

Cineál an Doiciméid

Tuarascáil an Choiste ACE (Arts Community Education) a bunaíodh i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon agus Fondúireacht Calouste Gulbenkian mar thionscadal feidhmeach chun cleachtas a fhiosrú (agus impleachtaí i dtaobh an bheartais agus an tsoláthair) sá dhá réimse den ealaíon pobail agus ealaíon san oideachas. Bunaithe i 1985 agus ag críochnú ceithre bliana ina dhiaidh sin, bhí ACE ag fiosrú agus ag tacú le tionscadail nuálaíocha, chomh maith lena gcuid tionscnaimh féin a fhorbairt. Thug na tionscadail ‘eiseamláire’, agus cineál na gcaidreamh maoinithe a bhí bunaithe ag ACE, eolas do thuiscint an choiste ACE faoi cheisteanna beartais agus praiticiúla laistigh dá réim, agus bhí tionchar acu ar an sé déag moladh acu.

Modheolaíocht

Rinne sainchoiste maoirsiú ar thionscadal agus tuarascáil ACE. Rinneadh nochtaithe suime in obair ACE a chanbhasáil go forleathan i rannóga óideachais na n-ealaíon agus pobail na n-ealaíon, a threoraigh aithint na bpríomhthionscadal a bhí mar bhunús don taighde gníomh-bhunaithe, mar aon le tionscnaimh ACE féin, a thug smaointe agus moltaí a bhí dírithe ar an gComhairle Ealaíon go príomha, ach ar pháirtithe leasmhara eile in Éirinn chomh maith agus Fondúireacht Gulbenkian (RA).

Clár na nÁbhar

Cuimsíonn aiste fhada ó chathaoirleach neamhspleách ACE, Ciaran Benson, Cuid a hAon na tuarascála. ‘Sé teideal na haiste ná ‘Art and the Ordinary: Reflections on Art, Non-Artists, and Policy-Making in Ireland’. Sonraíonn Cuid a Dó, dar teideal ‘Ace in Context’, eolas maidir le foinsí agus oibreacha an tionscadail ACE, agus lonnaítear iad laistigh de chomhthéacs níos leithne oideachais na n-ealaíon agus pobail na n-ealaíon, atá le fáil in Éirinn an lae inniu. Tugann Cuid a Trí, dar teideal ‘The Projects’, cuntas sonraithe maidir le sé thionscadal atá a dtacú ag ACE, trí cinn i réimse oideachais na n-ealaíon agus trí cinn i réimse pobail na n-ealaíon. Leagann cuid dheiridh na tuarascála amach moltaí an choiste ACE.

Achoimre agus Torthaí

Tugann an aiste oscailte le cathaoirleach ACE eolas cinnte ar cheann d’aidhmeanna ACE, a shainmhínítear in áiteanna eile mar *‘fóram do thaighde agus díospóireacht’*. Cuirtear tuiscintí comhaimseartha ar ealaíon agus aeistéitici ar aghaidh, ag breathnú orthu ó pheirspictíochtaí síceolaíochta agus socheolaíochta mar mhodhanna chun riachtanais beartas reatha a iniúchadh go bhfeictear a bheith i bhfábhar sainmhínithe ealaíontóir-lárnaithe na healaíne, agus beagnach eisiatacht á ndéanamh de na rudaí a mholtar mar luach agus suntasacht chomhlántach: tuairim maidir leis an bpobal ag dul i ngleic le réimse na n-ealaíon, agus ní mar *‘ghlacadóirí’* amháin. Ag tarraingt ar obair Nelson Goodman, i measc daoine eile maidir le céard a *dhéanann* ealaín, *feidhm* na healaíne, agus an smaoineamh nach gá ealaín a dhéanamh, ach gur gá í a *fhorfheidhmiú*, ionas go réalófaí go hiomlán í - ‘siad na príomhsmaointe seo atá mar chroílár na haiste. Ag meabhrú teideal na haiste agus na tuarascála araon, coimríonn Benson an argóint s’aige mar: caithfear ár gcoincheap den ghnáthsaoil coitianta a leathnú ionas gur féidir leis an saol poiblí agus príobháideach buntáiste a bhaint as ealaín...ionas gur féidir léi a bheith mar chuid den saol laethúil agus

03

ní mar thearmann uaidh. *Tá tuairim phoiblí maidir le cúrsaí ealaíne nach dtagann le tuairim na n-ealaíontóirí, agus go gcaithfidh lucht déanta beartas a thógáil san áireamh maidir leis na healaíona náisiúnta.*

Tosaíonn Cuid a Dó trí atáirgeadh a dhéanamh ar bhróisiúr bunaidh ACE a d'fhógair an tionscadal agus a rinne 'Dearbhuithe Intinne' mar a bhí aithne orthu a shireadh. Deirtear go gcuimsítear téacs fada an bhróisiúir sa tuarascáil, toisc *go ndéanann sé foshruithanna intleachtúla agus cleachtais ghnáis ACE a ghabháil*. Leagtar amach prionsabail treorach an tionscadail agus na nósanna imeachta oibriúcháin. Tá aird ar cheisteanna mar seo ag teacht le nádúr turgnamhach ACE nach mbaineann leis an obair a thacaíodar léi amháin, ach lena mbealach idirghníomhaíochta féin chomh maith: bhíodar ag iarraidh na caidrimh mhaoinithe agus bhainistíochta a stiúradh ar bhealach nuálaíoch agus solúbtha a thugann suntas do dhinimicí na ndaoine agus na ngrúpaí le bhfuileadar i ngleic leo. Soláthraíonn an chuid seo forbheathnú gearr stairiúil ar an dá réimse suime atá ag ACE agus go háirithe ar rannpháirtíocht na Comhairle Ealaíon leo. Is anailís chriticiúil ar bheartas agus soláthar atá san athbhreithniú ina iomláine; déanann sé argóint ar son tuisceana níos fearr maidir leis na rannóga agus sraith shainmhínte oibre níos calabraithe, ionas nach bhfeictear go bhfuil ealaíon pobail agus ealaíon sa phobal ar leibhéal comhchiallach, agus ionas go bhfeictear oideachas ealaíne, ealaíon san oideachas, ealaíon na nóg, agus na healaíona do phobal na hóige mar réimsí cleachtais a bhfuil idirghaolmhaireachtaí eatarthu ach a bhfuil aitheantas dá gcuid féin acu, agus tacaí sainiúla de dhíth orthu ó raon gníomhaireachtaí atá ag feidhmiú i múnlaí agus ar bhealaí difriúla comhpháirtíochta.

Tosaíonn Cuid a Trí le míniú coimrithe ar mheicníochtaí maoinithe atá úsáidte ag ACE. Chuimsíodar seo (i) Deontais Staidéar Féidearthachta a cheadaíonn do rannpháirtithe an tionscadail a gcuid smaointe a thabhairt go dtí *'leibhéal iarratais le dea-thaighde'*; (ii) Athbhreithnithe Deontas a chuirtear síos orthu mar straitéis *mhaoinithe solúbtha atá riachtanach chun nádúr na ngníomhaíochtaí a maoiníodh a chur in iúl, atá próiseas-bhunaithe agus go mór i gcomhthéacs, a chaithfidh athruithe agus forbairtí a thógáil san áireamh, a bhaineann leis an obair nó atá lasmuigh dá riail laistigh den timpeallacht* [seachtrach]; (iii) Airgead idirlinne soláthraithe ag ACE do thionscadail ag deireadh tréimhse dheontais ACE chun cuidiú leis an athrú go maoiniú príomhshrutha nó comhaontuithe le páirtithe eile.

Leanann Cuid a Trí le hathbhreithnithe ar sé thionscadal gur thacaigh ACE leo nó gur chuireadar tús leo. Ina measc seo sa réimse oideachais ealaíne bhí (i) The Cork Teachers' Centre Art Education Workshop; (ii) 'Look At My Hands', tionscadal fisealaíne le leanaí réamhscoile; agus (iii) 'The Poetry Project' a bhí dírithe ar leanaí in aois 12-15 sa scoil. I measc na dtionscadal i réimse na n-ealaíon pobail bhí (i) 'The Big Game', an chéad tionscadal riamh le Macnas; an Information Network Project le CAFÉ, an comhlacht ionadaíoch d'ealaíon pobail in Éirinn; agus (iii) tionscadal comhshaoila rinne Grúpa Forbartha Fatima (Mansions) a chomhlíonadh ina n-ollionad árasán féin i lár na cathrach. Níor bhain an tionscadal deiridh a chuid bunaidhmeanna amach. D'fhéadfaí breathnú ar mar 'theip' i dtéarmaí coinbhinsiúnta, ach i gcomhthéacs ACE mar thionscadal turgnamhach, déantar cur síos ar na heasnaimh seo go hionraic agus bíonn siad 'roinnte' idir thionscadal agus ACE, le léargais maidir le maoiniú sa todhchaí agus tacaíocht do thionscadail atá comhchosúil. Cé go bhfuil gach ceann de sé thionscadal ACE sui generis, cheadaíonn na hathbhreithnithe comhsheasmhacht fócais áirithe trí dhul i ngleic le cúlra agus stair a bhaineann le gach tionscadal; cur síos mionsonraithe ar nádúr, cuspóir agus oibreacha; agus todhchaí (iar-ACE) an tionscadail. Cuidíonn léaráidí cuimsitheacha agus físdhoiciméadacht eile chun fócas sainiúil agus comhthéacs gach tionscadal a chur in iúl.

03

Roimh an sé déag moladh sonraithe, iarrann Caibidil a Ceathar ar shoiléire bhreise maidir le beartas agus soláthar; múnlaí maoinithe níos íogaire agus tacaíocht d'obair sna rannóga seo; agus deighilt i bhfad níos mó idir oideachas ealaíne agus cleachtais na n-ealaíon pobail, bunaithe ar aitheantas a thabhairt dá nádúir ar leith. Dá réir, moltar gur chóir dhá struchtúr ar leith a bhunú ach iad a bheith comhthreomhar, chun tacú le hobair agus chun í a fhorbairt sna réimsí seo. Tá na sonraí maidir leis an méid seo, mar a bhaineann le healáion pobail, ar an seachtú moladh agus an ceann is mionsonraithe den naoi gcinn a dhéantar a sholáthar i réimse na n-ealaíon pobail. Tagraíonn an rud céanna sa réimse oideachais do réimse na hoibre ealaíne do agus le daoine óga i gcomhthéacs lasmuigh den scoil. Déantar sonraí ar leith a chur faoi bhráid maidir le bunú coiste i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon, Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann, agus Fondúireacht Gulbenkian chun beartas agus cláracha a fhorbairt sa réimse. Tá sé ar an gceann is forbartha den sé mholadh i réimse an oideachais.

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.5 Arts in the Classroom Initiative (1998)

Cineál an Doiciméid

Tuarascáil scoir de thionscadal bliana taighde fheidhmeach atá tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil sna healaíona do mhúinteoirí bunscoile i gceithre scoil i gContae Loch Garman. Bhí rannpháirtíocht na *'scoile ina iomláine'* mar shaintréith de Thionscnamh na hEalaíne sa Seomra Ranga, le daichead múinteoirí agus ceathrar ealaíontóir nó éascaitheoir ealaíne ar chlár bliana (1997-98) a bhí dírithe ar oiliúint a fheabhsú i measc múinteoirí drámaíochta, ceoil agus na físealaíona. Déantar na heispéiris ó scoileanna aonair agus ceachtanna níos leithne an tionscadail a leagan amach chun eolas a chur ar fáil do sholáthar sa todhcháí.

Modheolaíocht

Bhí an tuarascáil ullmhaithe ag Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Loch Garman, le hionchuir mheasúnaithe suimitheach soláthraithe ag stiúrthóir an tionscadail ag tarraingt ar thaifid fhorleathan ó thréimhsí pleanála agus forfheidhmithe, breathnóireacht ar ghnéithe uilig na hoibre, dialanna, ceistneoirí, agus agallaimh.

Clár na nÁbhar

Tagann amlíne réamhthionscadail atá fada roimh na tuarascála, atá tipiciúil de shonraí a shainíonn an tuarascáil. Leagann an chaibidil oscailte amach cúlra agus struchtúr eagraíochtúil an tionscadail. Tá gach ceann den chéad ceithre chaibidil eile tiomanta do Thionscnamh na hEalaíne sa Seomra Ranga, i gceann amháin den cheithre scoil atá rannpháirteach. Déantar cur síos cuimsitheach ar ghnéithe uilig an tionscadail ina iomláine agus den bhforfheidhmiú sa cheithre scoil roghnaithe. Tá an séú chaibidí, arb í an ceann deiridh, mar shintéis ar thorthaí ó scoileanna aonair. Tá eolas breise cuimsithe sa tsraith aguisín.

Achoimre agus Torthaí

D'éascair Tionscnamh na hEalaíne sa Seomra Ranga ó ghréasán de mhúinteoirí i Loch Garman, ealaíontóirí agus ionadaithe na ngníomhaireachtaí maoinithe a rinne machnamh ar láidreachtaí agus laigeachtaí na Comhairle Ealaíon maidir le scéim chónaitheachta na n-ealaíontóirí atá acu. Aithníodh go raibh gá le múnla forbartha ghairmiúil do mhúinteoirí a sholáthar, a tharraing ar eolas agus scileanna na n-ealaíontóirí. Bhí Comhairle Contae Loch Garman, trína n-oifig ealaíon, tríd an gComhairle Ealaíon, agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ina gcomhpháirtithe agus lucht maoinithe comhpháirteach do Thionscnamh na hEalaíne sa Seomra Ranga. Rinneadh imlíne don tionscadal a fhorbairt agus déanadh fógra a chur chuig scoileanna chun cuireadh a thabhairt maidir le nochtaithe suime. Tar éis idirbheartaíochtaí cuimsitheacha le gníomhaireachtaí maoinithe agus scoileanna ionchasacha, lena bhain mórán athruithe ar an mbunphlean, rinneadh Tionscnamh na hEalaíne sa Seomra Ranga a sheachadadh sa tréimhse Feabhra 1997 go dtí Feabhra 1998 do cheithre scoil.

Bá é fócas Thionscnamh na hEalaíne sa Seomra Ranga ná riachtanais na múinteoirí. Rinneadh an tionscadal a fhorfheidhmiú ag baint leasa as *cur chuige iomlánaíoch scoile, le béim ar fhorbairt foirne agus pleanáil scoile*. Cé go raibh na sonraí réamhshocraithe, thóg Tionscnamh na hEalaíne sa Seomra Ranga cúinsí gach scoil faoi leith san áireamh ionas go bhféadfaí riachtanais shonracha a shásamh agus atreisiú a dhéanamh ar 'úinéireacht' na múinteoirí maidir leis an tionscadal.

03

Bhí Tionscnamh na hEalaíne sa Seomra Ranga maoirsithe ag an nGrúpa Tacaíochta Bainistíochta agus eagraithe agus tacaíocht ó stiúrthóir an tionscadail. Bhí an caidreamh idir ealaíontóirí agus múinteoirí mar chroílár an tionscadail. Ba é fócas an chaidrimh sin ná forbairt ar mhuintín an mhúinteora, go pearsanta agus go gairmiúil, maidir leis na foirmeacha ealaíne faoi leith. Rinneadh é seo a bhaint amach trí dhéantús-ealaíne pearsanta na múinteoirí; tuiscint ghnóthaithe praiticiúil ar nádúr agus eilimintí na bhfoirmeacha ealaíne agus dá ‘repertoire’; eispéiris shraithe agus charnach a bhunú atá oiriúnach d’aois agus leibhéal forbartha na ndaltaí; agus comhtháthú na feasachta, faisnéise agus scile nua i ngnéithe eile an churaclaim agus sa phlean scoile ina iomláine. Bhí an fhorbairt ghairmiúil ar fad ag brath ar infheistíocht shuntasach ama ó mhúinteoirí tar éis na scoile, i rith an tsamhraidh, agus inseirbhís bunaithe sa seomra ranga. D’oibrigh gach scoil i bhfoirm ealaíne amháin go príomha agus ina dhiaidh sin, go pointe níos lú, ar an dara ceann. Bhí tiomantas na múinteoirí agus an phríomhoide tábhachtach, ach go háirithe maidir leis an gcur chuige scoile iomlánaíoch.

Is cás-staidéar atá i ngach ceann den cheithre chaibidil lárnach agus déanann siad forfheidhmiú Thionscnamh na hEalaíne sa Seomra Ranga a rianú go sonrath sa cheithre scoil. Déanann caibidil dheiridh na tuarascála mórán de thorthaí an chás-staidéir a tharraingt le chéile. Tá na torthaí seo beacht, agus dearfach don chuid is mó, agus tugann siad fíorléargas ar an gcomhdhearcadh atá le sonrú. Tá sé soiléir nach bhfuil ach ceann amháin de na ‘healaíontóirí’ compordach leis an ainmniú sin agus, fiú amháin ansin, cuireann sí in iúl go raibh sí ag feidhmiú mar mhúinteoir ealaíne le linn an ACI. Cibé ar bith, bhí ról seo an ‘ealaíontóra-múinteora’ nó ‘ealaíontóra-éascaitheora’ oiriúnach do riachtanais na múinteoirí agus do réimse ábhar agus teicnící a úsáideadh le linn an tionscadail. Chuaigh beagnach gach múinteoir trí athrú bunúsach ó thaobh cúrsaí tuisceana maidir leis na healaíona nó ar a laghad foirm ealaíne amháin. Thóg sé mórán seachtainí, agus míonna go minic, ach cheadaigh fráma ama leathnaithe Thionscnamh na hEalaíne sa Seomra Ranga, i gcontrárthacht le nádúr gearrthéarmach an tsoláthair inseirbhíse coinbhinsiúnta, an deis do mhúinteoirí bealaí nua a fhoghlaim seachas an tuilleamaí fadtéarmach ar tháirgeadh na n-aschur ealaíon. Ina ionad sin, thosaíodar ag forbairt eolais maidir le cad a bhí i gceist le déantús-ealaíne barántúil agus conas a thug sin, le breis eolais ar eilimintí na bhfoirmeacha ealaíne agus muintín bhreise maidir le réimse leathan ábhar agus teicnící a fhionnadh, bunús dóibh lena bhféadfaidís eispéiris bhríocha ealaíne a bhunú le himeacht ama do mhic léinn a thóg riachtanais agus inniúlachtaí na leanaí san áireamh. Déantar mórán tagairtí don chlaonadh sa mhúinteoir a bheith saintreorach agus rialaitheach (malairt ar chruthaitheacht) agus ‘rómhúinteoireacht’ a dhéanamh mar a dheirtear sa tuarascáil, agus rinneadh é seo a dhífhoghlaim go mall agus a athsholáthar le stíl níos oscailte agus níos oiriúnaí múinteoireachta.

Bhí riachtanais eile i gceist le ‘dífhoghlaim’ na nósanna oideolaíochta roimhe sin, cosúil le tacaíocht leanúnach agus réalú ag múinteoirí ar riachtanais nua nach rabhadar feasach orthu roimhe seo, agus go háirithe an oiread a bhí le foghlaim acu. Feictear go bhfuil inmhianaitheacht ann fanacht níos faide leis an gcéad foirm ealaíne roimh dul i ngleic leis an dara ceann, rud atá mar bhreathnú comónta ag múinteoirí, agus a bhí fíor in ACI. Leagtar béim go minic ar an nasc idir fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí agus a gcuid eispéiris ealaíne pearsanta, go háirithe an déantús-ealaíne acu le linn seisiúin inseirbhíse. Tagann caidreamh pearsanta príomhúil leis an bhfoirm ealaíne chun cinn mar réamhriachtanas do mhúinteoireacht mhuintíneach na n-ealaíon. Leagtar béim go minic ar na himpleachtaí ama a bhaineann le forbairt na muintíne seo. Feictear nach bhfuil an infheistíocht mhór

03

ama ó mhúinteoirí go pearsanta i bhforbairt ghairmiúil mar rud atá inbhuanaithe agus gur *fasach dainséarach* atá ann fiú amháin. Baineann an toradh seo leis an mian luaithe do chóras creidiúnaithe áirithe don chineál forbartha ghairmiúil leathnaithe seo. Tá sé níos deacra ceisteanna an amchláir, tacaíocht do chomhghleacaithe agus na cineálacha cumarsáide atá riachtanach chun cur chuige scoile iomlánaíoch a fhorbairt a bhaint amach sna scoileanna móra.

Cé go raibh sé beartaithe ag Tionscnamh na hEalaíne sa Seomra Ranga deis forbartha a sholáthar d'ealaíontóirí áitiúla, bhí earcaíocht na n-ealaíontóirí oilte áitiúla níos deacra ná mar a bhí súil leis agus cé gur airigh na healaíontóirí go ndearnadar forbairt mar mhúinteoirí ealaíne, ba *thionscadal slánaithe níos mó ná aimsithe* a bhí i gceist leis an Tionscnamh. Seachas nádúr cuimsitheach an tuairisciú agus na monatóireachta, sonraíonn Cuid a Sé den chaibidil dheiridh easpa meastóra neamhspleách agus an am teoranta maidir le measúnú i sceidil thionscadal na múinteoirí agus ealaíontóirí, agus moltar gur chóir déileáil leis na ceisteanna seo i dtionscadal atá cosúil leis sa todhcháí.

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.6 A Space to Grow (1999)

Cineál an Doiciméid

Tuarascáil agus catalóg le maisiú cuimsitheach deartha chun an fhoghlaim ó roinnt eochairthionscadail ‘bunaithe sa seomra ranga’ a scaipeadh taobh istigh de chlár bunscoile níos leithne de chuid Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann ina chéad deich mbliana. Tá na tionscadail deartha mar thaighde fheidhmeach chun fionnadh a dhéanamh ar a ghlaonn fotheideal an fhoilseacháin: *cur chuige nua oibre le leanaí, múinteoirí bunscoile, agus ealaín chomhaimseartha i gcomhthéacs músaem.*

Modheolaíocht

Tá an tuarascáil scríofa agus curtha in eagar ag Helen O’Donoghue agus Ann Davoren ó Roinn Oideachais agus Pobail Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann. Is sintéis agus cur i láthair atá inti ar thionscadail taighde fheidhmeach, ar ábhair acmhainne, ar agallaimh le múinteoirí, agus ar réimse leathan d’ábhair scríofa agus físe ó leanaí.

Clár na nÁbhar

Tugann codanna gearra tosaigh comhthéacs agus imlíne do réasúnaíocht aidhmeanna an chláir bunscoile ag Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann. Déantar dhá thionscadal a chomhlíonadh mar thaighde fheidhmeach a chur i láthair ansin, chun eolas a chur ar fáil d’obair níos leithne atá bunaithe sa seomra ranga. Leanann ceithre chaibidil leathnaithe, a thugann sonraí ar thionscadal a bhí bunaithe sa seomra ranga a forbraíodh sa seomra ranga le linn an tréimhse 1993-1997. Leanann na caibidlí beagnach an struchtúr céanna, gach ceann ag imlíniú eilimintí idirghaolmhara na dtionscadal: (i) cuairteanna IMMA; (ii) ceardlanna do mhúinteoirí; agus (iii) obair ranga. Déantar nótaí acmhainne atá deartha chun cuidiú le hobair ranga a chuimsiú agus críochnaíonn gach caibidil le múinteoirí, ina ndéanann siad eispéireas an tionscadail a chur in iúl.

Achoimre agus Torthaí

Déantar cur síos ar na réamhthionscadail taighde a comhlíonadh i mbunscoileanna cathrach Bhaile Átha Cliath i ndá sheisiúin tosaigh. Bhí an taithí a aimsíodh le linn na dtionscadal seo riachtanach maidir le treo agus dearadh na dtionscadal ina dhiaidh sin, a bhí bunaithe sa seomra ranga agus mar chroílár na tuarascála. Tionscadal Taighde 1, D’úsáid ‘The Diary’ creatlach de dhialann fhíseach chun struchtúr a sholáthar ina bhféadfaí taifid fhíseacha maidir le fás fisiciúil a choinneáil (airde, fiacra, réise na láimhe), chomh maith le himeachtaí ón scoil, ón mbaile agus sa phobal, nasctha le téamaí curaclaim agus a dhéanann réimse meán amhairc agus teicnící a fhionnadh. Bhain Tionscadal Taighde 2, ‘Me and My Place’, le cailíní 9-10 mbliana d’aois agus dhírigh sé ar líníocht mar ghníomhaíocht fíor-thaitneamhach agus fíor-luachmhar (seachas mar réamhdhréacht do dhathú) agus mar mhodh chun tréithe agus braistint (bhí mórán oibre uigeach agus priondála) na timpeallachta scoile reatha, réimse poiblí na sráide agus an timpeallacht a fhionnadh, agus domhan níos leithne na sléibhte i mBaile Átha Cliath ar deireadh ina ndearnadh íomhánna troma, muinéacha a tharraingt ag baint leasa as marcóirí móra dubha lasmuigh. Léiríonn an dá thionscadal gur tugadh aird ghéar ar cheist a leagadh béim uirthi i dtús báire i réamhrá na tuarascála: *Ábhair agus teicnící oiriúnacha de chaighdeán maith tugtha isteach ag tréimhsí oiriúnacha chun féidearthachtaí a oscailt do chruthaitheacht na leanaí.*

03

Déantar cur síos ar cheithre ‘thionscadal atá bunaithe sa seomra ranga’ i sraith caibidil - tá an téarma beagán míthreorach toisc go gcuimsíonn cuairteanna taispeántas agus ceardlanna i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann cuid de na heilimintí criticiúla. Cuireann gach caibidil aidhmeanna an tionscadail áirithe atá faoi athbhreithniú i láthair; léirítear an taispeántas i bhfocal agus trí íomhá a ghníomhaíonn mar fhráma nó fócas don tionscadal; déantar cur síos ar an gclár ceardlainne a cruthaíodh chun tacú le múinteoirí maidir le forfheidhmiú an tionscadail ina gcuid seomraí ranga; agus déantar cur síos ar na heochairphointí i bhforbairt gach tionscadal. Cuimsíonn gach caibidil cur síos ar an gcur chuige a tógadh chun dul i ngleic leis an taispeántas i gceist, agus cuid ‘Múinteoir go Múinteoir’ inar mheabhraigh múinteoirí agus ina ndearnadar machnamh ar a gcuid taithe féin maidir le gnéithe difriúla an tionscadail. I gcás an dara tionscadail, déantar Nótaí na Múinteoirí a atháirgeadh go hiomlán, a thugann léargas ar na nótaí acmhainne a ullmhaíodh do gach ceann den cheithre thionscadal, agus déantar iad a sholáthar anois mar theimpléad nó sraith nodanna atá le húsáid go solúbtha de réir cúinsí áirithe an mhúinteora. Le linn gach tionscadail, rinneadh sraith de Cheardlanna Múinteora a sholáthar i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann chun tacú le múinteoirí ar bhonn leanúnach agus chun forbairt a éascú maidir le réimse leathan smaointe maidir le hobair sa seomra ranga.

Don chéad cheann de cheithre thionscadal seomra ranga, *Song of Myself*, atá mar chroílár na tuarascála seo, tógadh an leanbh féin mar fhoinsé agus úsáideadh taispeántas saothar le Anthony Gormley i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann mar fhoinsé agus acmhainn phríomha. ‘Sé fócas an tionscadail ná fisciúlacht an linbh féin, a chruth agus déanamh, maidir le cúrsaí spáis, a chuimsíonn an spás a úsáidtear agus a bhfuil sa timpeallacht. Bhí na smaointe seo ar fad fréamhaithe in eispéiris an bhreathnaithe (tá breathnú an linbh sainithe ag caidreamh leis an obair atá fíor-fhisciúil) agus an déanta, le mórán béime ar dheilbhíú, múnú agus fionnadh a dhéanamh a chuireann in iúl airíonna a gcoirp féin. Díríonn an chuid ‘Múinteoir go Múinteoir’ ar mhúinteoir ó scoil tuaithe a chuaigh i ngleic leis an tionscadal, cé nach raibh sí ábalta na leanaí s’aici a thabhairt chuig an IMMA.

Thóg *Inscape*, an dara tionscadal, an timpeallacht mar théama. D’fheidhmigh sé cosúil leis an tionscadal tosaigh, cé gur taispeántas difriúil a bhí i gceist - rinne ceithre phársa ó bhailiúchán Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann an príomhspreagadh a sholáthar. Díríonn an chaibidil seo *A Space to Grow* níos lú ar shaothair ealaíne agus níos mó ar cheardlanna do mhúinteoirí agus leanaí agus obair ina dhiaidh sin a bhí bunaithe sa seomra ranga. ‘Séard a d’aontaigh trí ghné seo an tionscadail, seachas téama rialaithe na timpeallachta, ná an aird dhírithé a tugadh d’fhionnadh na datha, na huigeachta agus na líníochta. Déantar nádúr agus cuspóir na líníochta, atá mar shaintréith den tionscadal seo, a fhionnadh go sonrach. Mar a cuireadh in iúl, déantar Nótaí an Mhúinteora do *Inscape* a atháirgeadh go hiomlán, a sholáthraíonn mórán sonraí oideolaíochta agus praiticiúla, atá fréamhaithe i mothú soiléir cuspóra agus cur chuige forbartha a thugann torthaí charnacha do leanaí. Tá an agallamh leathnaithe sa chuid ‘Múinteoir go Múinteoir’ le múinteoir ó na Naíonáin Bheaga.

In My Head a bhí mar theideal ar an tríú thionscadal ranga i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus dhírigh sé ar choincheap na samhlaíochta. Roghnaíodh an saothar aonair ealaíne (*Large Head* le Stephan Balkenhol) mar fhócas don tionscadal. Rinneadh an ceann mar réaltacht fhisciúil agus ábhartha a fhionnadh, chomh maith le ‘humar’ na smaointe agus na samhlaíochta, le béim láidir ar ábhar an chré. D’úsáid ceardlann mhúinteora amháin cré mar ‘chomhartha’ de chéannacht fhisciúil an chinn daonna, cé gur úsáid ceann eile spreagadh na bhfuimeanna éagsúla agus, go leithleach, na bolaithe éagsúla, chun cruthú foirmeacha cré a spreagadh mar fhreagra ar spreagadh céadfach. Rinneadh agallamh a chur ar bheirt mhúinteoir don

03

chuid ‘Múinteoir go Múinteoir’ agus díróinn mórán den agallamh ar an athnuachan phearsanta agus ghairmiúil a sholáthraíonn inseirbhís an IMMA agus na tionscadail ranga do mhúinteoirí. Feictear gur bhuntáiste riachtanach atá i gceist déileáil le leanaí laistigh de fhráma tagartha difriúil taobh amuigh den seomra ranga i gcláracha mar seo, mar atá braistint athnuaithe na hindibhidiúlachta agus sláine gach leanbh agus obair gach leanbh.

Tá *Seen-Unseen* ar an gceathrú agus ar an tionscadal deiridh a dhéileáiltear leis i *A Space to Grow*. Bhí fócas anseo ar shúgradh na hóige. Bhí gaol láidir ag an tionscadal le tai Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann ó dhealbhóir, Beverly Simmes, atá bunaithe i Nua-Eabhrac. Bhí ocht bpíosa dealbhóireachta fabraice ar scála mór suiteáilte, agus bhí tionchar acu seo ar na spásanna a bhí áitithe acu, toisc díchumadh an scála, déine na datha agus cáilíochtaí iluigeacha. Bhí rannpháirtíocht na leanaí leis na saothair agus mar a spreag sin spiorad an tsúgartha, lárnach don tionscadal agus ceardlanna na múinteoirí, a thit ceachtar taobh de cheardlanna na múinteoirí d’aon turas, leis an dara ceann deartha chun tacú le forbairt an eispéiris agus spiorad an eispéiris ach go háirithe nuair atáthar ar ais sa seomra ranga. Tá agallamh deiridh na coda ‘Múinteoir go Múinteoir’ den bhfoilseachán le príomhoide scoile, a rianaíonn a rannpháirtíocht féin leis an IMMA agus an suntasacht fhorbartha di féin agus a comhghleacaithe thar na mblianta maidir le clár oideachais an mhúsaeim, a chríochnaigh *beagnach cosúil le caidreamh grá leis an músaem* mar a dhéanann sí cur síos.

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.7 Idirghníomhaíochtaí: The National Theatre's Education Initiative 1998-2000 (2002)

Cineál an Doiciméid

Tuarascáil, a chuimsíonn de mheasúnú go príomha ón sainchomhairleoir neamhspleách Dr. Cecily O' Neill, ar chlár dhá bhliain de thionscadail phíolótacha taighde fheidhmeach atá comhlíonta ag Amharclann Náisiúnta na hÉireann, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí eile, agus maoinithe ag an gComhairle Ealaíon, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus Fondúireacht Gulbenkian. Cuireann an tionscadal an Tionscnamh Oideachais i gcomhthéacs agus déantar cur síos agus anailís ar an gceithre thionscadal píolótach. Leagtar amach an fhoghlaim a eascraíonn ó na tionscadail agus na himpleachtaí don Amharclann Náisiúnta, i measc eagraíochtaí eile, maidir le sraith moltaí.

Modheolaíocht

Tá an measúnú ag tarraingt ar raon straitéisí, a chuimsíonn breathnóireacht - a tharlaíonn go díreach agus trí ábhar físe taifeadta - ar cheardlanna agus taibhléiríthe; anailís ar chlostéipeanna agus físeáin d'agallaimh agus comhráití thaifeadta; agallaimh neamhfhoirmeálta le leanaí agus agallaimh níos foirmeálta le múinteoirí, príomhoidí agus baill na foirne tionscadail; cruinnithe le grúpaí fócais agus le grúpa comhairleach an tionscadail.

Clár na nÁbhar

Tugann réamhrá ón Stiúirthóir For-Rochtana agus Oideachais in Amharclann na Mainistreach comhthéacs don Tionscnamh Oideachais. Mar chroílár an mheasúnaithe foirmeálta a leanann, tá ceithre chuid i gceist. Déanann gach ceann cur síos agus anailís ar cheann amháin de cheithre thionscadal píolótach an tionscnaimh, agus cuireann na teidil in iúl na fócais éagsúla atá acu: (i) Drámaíocht sa Seomra Ranga; (ii) Leanaí i mBun Amharclannaíochta trí Dhrámaíocht; (iii) An Clár Cónaitheachta do Dhrámaíocht; (iv) Amharclannaíocht mar Acmhainn Oideachais. Déantar na hanailísí faoi leith seo ar na tionscadail a shintésiú sa chuid Athbhreithnithe agus Moltaí. Leanann aiste ghearr - Looking Ahead - ina dhiaidh sin, ina nascann an meastóir obair na gceithre thionscadal leis na cláracha níos leithne oideachais agus for-rochtana in Amharclann na Mainistreach.

Achoimre agus Torthaí

Lonnaíonn an réamhrá an Tionscnamh Oideachais laistigh d'Amharclann na Mainistreach agus timpeallacht níos leithne na hamharclannaíochta, na n-ealaíon agus an oideachais ag an am. Leagtar amach ceisteanna cultúrtha áirithe agus dúshláin a bhí ann, agus lena raibh sé beartaithe go dtabharfadh an clár seo futhu go pointe áirithe. Déantar cur síos ar an Tionscnamh Oideachais mar *thionscadal taighde fheidhmeach [deartha] chun breathnú ar bhealaí ina bhfuil an leanbh forbartha agus an duine óg (13-18 bliana d'aois) rannpháirteach le foirm ealaíne na drámaíochta ó dhráma samhlaíoch, go dráma struchtúrtha, go dráma foirmeálta na hamharclainne*. Tá tiomantas láidir ag an

03

tionscadal deiseanna a sholáthar maidir le daoine óga, a ndearnadh a eisiamh ó rannpháirtíocht sna healaíona agus cultúr foirmeálta, toisc míbhuntáiste sóisialta, míchumas intleachtúil nó deacracht eile.

Tosaíonn an measúnú amach trí chúig chuspóir an tionscnaimh a leagan amach, ag aithint na bpríomhghnéithe, agus ag imlíniú spriocanna an mheasúnaithe. An cur síos atá ann ar chuspóir leathan an Tionscnaimh Oideachais ná *cuid de na féidearthachtaí tarchurtha a shainiú, idirchumarsáid agus malartú idir chórás foirmeálta oideachais, an pobal oideachais níos leithne, agus Amharclann Náisiúnta na hÉireann mar Institiúid Chultúrtha Náisiúnta.*

Úsáideann gach ceann den cheithre chuid a dhéileálann le príomhthionscadail an tionscnaimh an teimpléad céanna chun nádúr, príomhghnéithe, cuspóirí agus réaltacht an tionscadail a aimsiú. Baineann gach ceann le hidirghníomhaíocht (mar a léiríonn teideal na tuarascála) idir Amharclann na Mainistreach agus toghlach; atá pléite idir na hamharclainne agus lucht gairmiúla eile i gcomhthéacs na scoile, na hóige agus an phobail níos leithne; agus eadránaithe ag raon leathan de lucht gairmiúla i domhan na drámaíochta agus na hamharclannaíochta. Tharla príomhobair an tionscadail i mórlach na gcásanna in éineacht le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: seisiúin ullmhúcháin; ceardlanna forbartha ghairmiúil do mhúinteoirí; ranganna / cúrsaí do thuismitheoirí agus lucht gairmiúla eile gur suim leo; seisiúin eolais agus tacaíochta le foirne na scoile chun cur chuige iomlánaíoch scoile a chur chun cinn; ábhair acmhainne; tasipeántais / comhrannta / taibhléirithe. Críochnaíonn gach cuid trí láidreachtaí a aithint a bhaineann le gach tionscadal, chomh maith le príomhcheisteanna a eascraíonn uathu seo a shonrú.

Déanann an chéad thionscadal, *Drama in the Classroom*, scrúdú ar cad a tharlaíonn nuair a chomhoibríonn aisteoirí, éascaitheoirí drámaíochta, múinteoirí agus oibríthe cúraim le ceangail a dhéanamh idir shúgradh leanaí, súgradh drámatúil cruthaitheach, agus amharclannaíocht fhoirmeálta. Thosaigh an tionscadal le dhá ghrúpa: (i) leanaí (3-5 bliain) sa chlár Luath-Thosaithe a dhírigh ar leanaí i réimsí maidir le míbhuntáiste sóisialta; agus (ii) leanaí (11-15 bliain) le riachtanais speisialta. Dhírigh an dara tionscadal, *Children Making Theatre through Drama*, ar leanaí (10-12 bliain) i mbunscoileanna 'faoi mhíbhuntáiste' in aice le hAmharclann na Mainistreach. Bhí an obair a dhírigh ar scoil amháin agus a d'fheidhmigh ag leibhéal eile do roinnt scoileanna eile, gníomhaithe trí dhrámaíocht a bhí próiseas-bhunaithe go dtí cruthú an taibhléirithe, agus chuimsigh sé clár cuairteanna ar thaibhléirithe gairmiúla an téatair leanaí don phríomhscoil. Rinneadh cúrsa comhlántach a mhair fiche haon uaire a'chloig a sholáthar do mhúinteoirí, chun cointeanóid na drámaíochta atá próiseas-bhunaithe agus an téatair foirmeálta a fhionnadh. Tharla an tríú tionscadal, *The Drama Residencies Programme*, i mBaile Átha Cliath, san Uaimh, i gCorcaigh agus i Lios Tuathail. Ba é spriocghrúpa na sraithe seo den Tionscnamh Oideachais ná daoine óga (8-15 bliain), a bhí aitheanta a bheith i bpríacal maidir leis an scoil a fhágáil go luath, agus a gcuid comhpháirtithe. Mhair gach cónaitheacht ar feadh míosa, agus cé go rabhadar sainiúil, bhí *ómós áite* mar théama rialaithe. Bhí breis stiúrthóirí agus scríbhneoirí rannpháirteach sa tionscadal seo mar ealaíontóirí rannpháirteacha, toisc béim láidir atá ar chruthú an ábhair agus na modhanna chun taibhléiriú a fhorbairt atá, i gcás na cónaitheachta i Lios Tuathail, i bhfoirm taibhléirithe sráide atá mar chuid de Sheachtain na Scríbhneoirí sa bhaile. Rinne an ceathrú tionscadal, *Theatre as an Educational Resource*, fionnadh agus dúshaothrú ar chlár taibhléirithe na hAmharclainne Náisiúnta, agus ar cheithre thaibhléiriú ach go háirithe, chun sraith caidreamh a chruthú le daoine óga i scoileanna iarbhunscoile, lena múinteoirí (agus uaireanta lena dtuismitheoirí). Diríodh ar fhiosrúchán maidir le conas a bhféadfadh scéalta drámatúla, clasaiceach agus

03

comhaimseartha, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, luí le heispéireas pearsanta na ndaoine óga inniu. Bhí cainteanna réamh-thaibhléirthe agus iar-thaibhléirthe, ábhair acmhainne agus turais ar chúlstáitse i measc eilimintí an chláir, a bhí cosúil go maith leis an múnla coinbhinsiúnta maidir le conas go bhféadfadh roinn oideachais na hamharclainne feidhmiú.

Déantar cúig chuspóir an Tionscnaimh Oideachais a mheas, maidir leis na torthaí don cheithre thionscadal. Tá an measúnú fíor-dhearfach, go háirithe an measúnú ar rath an tionscadail maidir le leanaí / daoine óga a éascú mar *dhéantóirí*, agus ina gcuid rannpháirtíochta le proifisiúnaigh téatair agus eile a fhreastalaíonn chun an eispéireas a dhoimhniú agus a leathnú. Leagtar béim ar na buntáistí maidir le teagmháil rialta agus tionscadail fadtéarmacha, agus go háirithe an deis a sholáthraíonn an rannpháirtíocht sheasmhach do mhúinteoirí (agus tuismitheoirí) chun breathnú ar leanaí ag feidhmiú ar mhodhanna agus i gcaidrimh dhifriúla ná mar atá coitianta. Tá buntáistí ann sa dá threo, agus cuireann an measúnú béim ar na torthaí cruthaitheacha don ealaíontóir maidir le rannpháirtíocht sa chineál oibre seo. Ardaítear dúshlán na gcomhpháirtíochtaí idir ealaíontóir agus oideachasóir go minic agus leagtar béim ar an riachtanas maidir le ham bhreise do chúrsaí pleanála, ullmhúcháin agus measúnaithe chun caidrimh iontaoibhe a bhunú. Cuirtear béim ar riachtanais forbartha ghairmiúil na n-oideachasóirí agus na n-ealaíontóirí araon atá ag obair sa réimse agus tugtar moladh don Tionscnamh Oideachais don aird a thugtar ó thaobh tacaíochta dóibh siúd lena mbaineann *forbairt shamhlaíoch agus aeistéitiúil na leanaí* a chothú. Cuireadh béim ar leathnú na tacaíochta trí chur chuige iomlanaíoch scoile a ghlacadh agus an gá le tuiscintí a bhunú i measc príomhoidí agus páirtithe leasmhara eile, atá mar ghné den Tionscnamh Oideachais.

Aithníonn an measúnú ceithre théama uileghabhálacha agus leagtar amach roinnt moltaí faoi gach ceann. Tá ocht moladh faoin teideal *Access and Participation in Arts and Culture* dírithe ar Amharclann na Mainistreach go príomha agus an soláthar atá déanta acu do bheartas agus cleachtas oideachais agus for-rochtana. Baineann ocht gcinn breise leis an téama *New Partnerships and Relationships* agus an gá le caidrimh atá ómósach agus atá dea-phleanáilte mar atá feicthe i roinnt mórghníomhaíochtaí. Roinneann na téamaí deiridh *Oiliúint agus Forbairt* agus *Forbairt an Ealaíontóra* imní maidir le riachtanais réamhsheirbhíse agus inseirbhíse maidir le hoideachasóirí agus ealaíontóirí. Déantar an gá le hoiliúint i ndrámáíocht mar thaibhléiriú agus mar phróiseas gníomhach foghlama a aibhsiú tríd an Tionscnaimh Oideachais, agus fós ní féidir le clár For-Rochtana/Oideachais na Mainistreach an fhreagracht seo a shásamh, a deir an tuarascáil. Tá na himpleachtaí do ghníomhaireachtaí eile soiléir. Tá riachtanas comhthreomhar ann i dtéarmaí forbartha ghairmiúil (luaitear oiliúint agus meantóireacht go sonrach) d'ealaíontóirí téatair chun oibriú sa réimse oideachais agus i dtimpeallachtaí eile cosúil léi. Cuireann aiste ghearr - Looking Ahead - críoch leis an measúnú. Déanann sí obair na gceithre thionscadal píolótach a nascadh le cláracha níos leithne oideachais agus for-rochtana in Amharclann na Mainistreach agus an obair sin ar fad a shainiú mar *chatalaíoch fáis ag croílár ealaíne na hAmharclainne Náisiúnta*.

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.8 A National System of Local Music Education Services (2003)

Cineál an Doiciméid

Tuarascáil ar staidéar féidearthachta, ullmhaithe ag an Music Network agus maoinithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileáin, ag scrúdú conas go bhféadfaí córas náisiúnta de 'scoileanna ceoil' a sholáthar le tacaíocht phoiblí. Molann an tuarascáil múnla sonraithe soláthair, bunaithe ar chóras náisiúnta de sheirbhísí oideachais ceoil ar bhonn áitiúil.

Modheolaíocht

Bhí maoirsiú déanta ag grúpa comhairleach ar an taighde agus tuarascáil, le hionadaithe ón Roinn Ealaíon; an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES); an Chomhairle Ealaíon; chomh maith le cleachtóirí ó dhomhain an cheoil, an oideachais agus na n-ealaíon. Cuireann taighde deasc-bhunaithe agus comhairliúcháin, stiúrtha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, breisithe ag taighde allamuigh agus agallaimh le príomhfhaisnéiseoirí, eolas ar fáil don tuarascáil.

Clár na nÁbhar

Tagann achoimre fheidhmiúcháin roimh chaibidil tosaigh, a bhunaíonn comhthéacs láithreach na tuarascála agus comhthéacs níos leithne an tsoláthair atá ann cheana féin ó thaobh oideachais ceoil in Éirinn (le roinnt comparáidí Eorpacha). Déantar cur síos ar an múnla molta agus déantar anailís air go sonrach maidir le trí cheist idirghaolmhar, agus dáiltear caibidil do gach ceann. Caibidil 2: Ceisteanna Struchtúrtha; Caibidil 3: Ceisteanna Oideachais; agus Caibidil 4: Cuimsíonn Ceisteanna Acmhainne croílár na tuarascála. Caibidil 5: Plean Gníomhaithe, a dhéanann cur síos ar an struchtúr agus próiseas atá riachtanach chun cinntiú go ndéantar an múnla molta a bhunú. Tá mórán ábhair tacaíochta cuimsithe sa leabharliosta agus sa seacht n-agusín.

Achoimre agus Torthaí

Dearbhaíonn an réamhrá téarmaí tagartha an staidéir féidearthachta, an *modus operandi*, agus comhthéacs reatha an cheoil laistigh de chóras ginearálta an oideachais agus an soláthair d'oideachas ceoil uirlise agus gutha, a dhéileáiltear leis sa staidéar. Díritear aird ar easpa soláthair atá *sistéimeach*, a chruthaíonn éagothroime agus cáilíocht mhíchothrom sa soláthair reatha. Leagtar béim ar an ngá atá le córas comhtháite a chinntiú go ndéantar rochtain chothrom ar oideachas ceoil ardchaighdeán a sheachadadh go háitiúil, agus atá comhlántach leis an soláthair reatha.

Cé go bhfuil Comhairle Náisiúnta Oideachais Ceoil molta, chun rathaíocht a thabhairt do chomhionannas an tsoláthair agus comhsheasmhacht na gcaighdeán, 'sí príomhghné an mhúnla molta na bunú Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Sheirbhís Oideachais Cheoil. Thiochfaidís seo chun cinn de réir na gcúinsí áitiúla, faoi choimirce na mBord Forbartha Cathrach agus Contae. Bhainfidís go tipiciúil le comhpháirtíochtaí idir sholáthróirí oideachais ceoil (a chuimsíonn na daoine sin i réimse an oideachais ceoil); soláthróirí ceoil / ealaíon (eagraíochtaí ceoil gairmiúil ach go háirithe); agus an tÚdarás Áitiúil (oifig ealaíon). Feictear go bhfuil ról lárnach ag an dá Choiste Gairmoideachais, go háirithe i dtéarmaí soláthair an teagaisc gutha agus uirlise, agus Ionaid Oideachais áitiúla, go háirithe i dtéarmaí tacaíochta an churaclaim sa cheol. Cuirtear an múnla seo i láthair go sonrach, le cúnamh léaráidí, agus léirítear iad i dtéarmaí comhpháirtíochtaí cothrománacha idir réimse

03

gníomhaireachtaí agus leasanna agus, go hingearach, mar an chéad sraith de sholáthar poiblí atá orgánach agus athghinteach.

Dhéanfadh an múnla a moladh dhá mhórsheirbhís a sheachadadh. Dhéanfaí oideachais ceoil uirlise agus gutha a thairiscint ar bhonn seach-churaclaim (i.e. lasmuigh d'uaireanta scoile), le seirbhísí tacaíochta an churaclaim ceoil á soláthar do scoileanna áitiúla le linn ama na scoile. Bheadh Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Sheirbhís Oideachais Cheoil de dhíth ar an múnla molta chun cóiríocht a sholáthar so sheánraí iolracha ceoil laistigh den dá shraith seirbhíse acu agus aithnítear go mbeidh dúil ag gach Comhpháirtíocht Áitiúil na tréithe sainiúla ceoil a bhaineann lena gcontae nó réigiún áirithe a chur in iúl. Leagann an staidéar féidearthachta amach treoirphrionsabail agus príomhghnéithe an tsíollabais uirlise agus gutha agus cuirtear in iúl gur chóir go gcuimseodh seirbhís tacaíochta an churaclaim (i) forbairt i ngairm do mhúinteoirí bun scoile; (ii) ceardlanna do bhunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal araon, a bhaineann leas as, *inter alia*, ceoltóirí áitiúla; (iii) tionscadail fadtéarmacha; (iv) clár feidhmíochta a chuimsigh ceoltóirí áitiúla agus ar cuairt agus 'ensembles' agus daoine óga chomh maith atá ina mic léinn den tseirbhís oideachais ceoil uirlise agus gutha. Déantar féidearthacht na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun déileáil le réimse riachtanas san oideachas ceoil, a ardú sa chuid ghearr seo. Leagfadh an Chomhairle Náisiúnta Oideachais Ceoil critéir síos agus dhéanfaidís 'dearbhu cáilíochta' a sholáthar maidir le cúrsaí seachadta ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Sheirbhís Oideachais Cheoil. I measc na mórcheisteanna don Chomhairle Náisiúnta Oideachais Ceoil tá: caighdeán an chleachtas múinteoireachta; forbairt ghairmiúil; roghnú agus dul chun cinn na mac léinn; scála na seirbhíse, go háirithe 'aimsíú' na seirbhíse poiblí; scóip na seirbhíse, réimse íosmhéide an tsíollabais ach go háirithe, uirlisí agus seánraí ceoil atá ar fáil; foghlaim aosach.

I dtéarmaí acmhainní, thabharfadh an Chomhairle Náisiúnta Oideachais Ceoil maoiniú na Roinne Oideachais agus Eolaíochta do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla. Tá éifeachtúlachtaí bunúsacha sa mhúnla toisc úsáid na n-acmhainní áitiúla, daonna, caipitil agus riaracháin. Léiríonn siad seo an príomhthacaíocht aitiúil, cé go bhfeictear maoiniú áitiúil ó raon foinsí eile chomh maith. Feictear go mbeidh táillí measartha i gceist, ach caithfidh sraitheanna áirithe a bheith saor in aisce, ar an mbealach céanna ina bhfuil oideachas ginearálta agus mórlach na ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil saor in aisce. Feictear go mbeidh banc iasachta uirlisí le cúnaimh fóirdheontais. Tagraíonn an staidéar féidearthachta go minic do thuarascáil O'Brien (2001) ar scéimeanna ceoil VEC i roinnt áiteanna, mar bhunús chun costais foirne a mheasúnú agus ceisteanna eile a bhaineann le hacmhainní daonna. Déantar an cothromas idir theagasc aonair agus grúpa a phlé agus, i gcás an duine aonair, glacann an staidéar le dáileadh tuarascála O'Brien de 2.5-3.0 múinteoirí lánaimseartha in aghaidh gach céad mac léinn.

Leagtar amach cosán sonraithe criticiúil ag tús caibidil dheiridh na tuarascála, a dhéileálann le forfheidhmiú an mhúnla molta. Feictear go mbunóidh an DES Grúpa Forfheidhmithe chun maoirsiú a dhéanamh ar an dá Shainghrúpa Oibre, ceann ar cheisteanna oideachais agus an ceann eile ar cheisteanna struchtúrtha agus acmhainne, ag leanúint leis an gclár a rianaíodh sa staidéar féidearthachta. Bhunóidh an Grúpa Forfheidhmithe an Chomhairle Náisiúnta Oideachais Ceoil in am is i dtráth mar chomhlacht oifigiúil faoin Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus thabharfadh an CNOC cuireadh, dá réir, agus dhéanfaidís tograí a mheas do Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Sheirbhís Oideachais Cheoil sa todhchaí. Dhéanfaí líon áirithe a bhunú le tacaíocht an Chomhairle Náisiúnta Oideachais Ceoil, ag tosú le clár rollach de sholáthar náisiúnta a bheadh seachadta ag líon breise Comhpháirtíochtaí Áitiúla. Tá tacaíocht ag an gcosán criticiúil ó thoisic shonrach maidir le ról an Ghrúpa Forfheidhmithe.

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.9 A Professional Dance Curriculum for Ireland (2003)

Cineál an Doiciméid

Tuarascáil taighde (a dhéantar cur síos uirthi sa bhrollach mar 'dhoiciméad oibre') coimisiúnaithe ag an gComhairle Ealaíon chun díospóireacht a mhúscailt agus eolas a chur ar fáil do sholáthar na hoiliúna rince in Éirinn. Eisíodh an tuarascáil ag am nuair a bhí gluaiseachtaí ar bun ag lucht rialtais chun Acadamh Taibhealaíona na hÉireann a bhunú, togra a cuireadh ar an méar fhada ó shin i leith.

Modheolaíocht

Bhí é an tuarascáil scríofa ag Yannick Marzin, a bhí mar Stiúrthóir na Comhlachta Compagnie Carolyn Carlson (Páras) agus mar Iar-Stiúrthóir Riaracháin agus Gnóthaí Idirnáisiúnta sa roinn rince ag an Conservatoire de Paris. Tá an tuarascáil bunaithe ar thaighde aici ar mhúnlaí soláthair na hoiliúna rince, go háirithe san Eoraip, agus eolas breise curtha ar fáil trí chamchuart mórthimpeall na hÉireann a chuimsigh taibhléirithe, ceardlanna, taispeántaí léachtaí agus seimineár ar oiliúint rince gairme.

Clár na nÁbhar

Leagann Caibidil a hAon, 'Approach to a Dance Curriculum', na príomhthéamaí amach atá lárnach do chomhrá ar bith ar an gceist maidir le hoiliúint rince gairme a sholáthar. Déileálann Caibidil a Dó le hábhar curaclaim na hoiliúna rince agus dáileadh ama na n-eilimintí difriúla. Dírionn Caibidil a Trí ar cheisteanna a bhaineann le mic léinn agus déileálann Caibidil a Ceathar le riachtanais agus ceisteanna foirne. Déanann Caibidil a Cúig cur síos ar dhá mhúnla maidir le soláthar na hoiliúna rince. Cuimsíonn Aguisín A d'anailís ar dhá scoil rince déag i seacht dtír Eorpach. Soláthraíonn Aguisín B anailís ar líon beag de chórais oiliúna comparáideacha i gcúrsaí drámaíochta, ceoil agus spóirt.

Achoimre agus Torthaí

Déantar sainiúlacht na hoiliúna don damhsa gairmiúil a shainmhíniú, i gcomparáid le hoiliúint i bhfoirmeacha ealaíne eile agus i ndisciplíní an spóirt. Ag soláthar sonraí gonta ar bhailé agus ar dhamhsa comhaimseartha, tugann an tuarascáil faoi chothromas idir oideachas ar fogaireacht na healaíne agus forbairt ar inniúlachtaí fíor-shonracha agus le héilimh fhisiciúil. Déileálann an chéad chaibidil leis an *Amchlár Oiriúnaithe* i.e. córas a cheadaíonn do mhic léinn cothromas a aimsiú idir oideachas acadúil agus oideachas sa damhsa. Tagann an cheist seo chun cinn go minic i rith na tuarascála, go háirithe nuair atá múnlaí éagsúla maidir le hoiliúint ghairme agus réamhghairme leagtha amach. Topaicí eile go ndéantar déileáil leo ná aois iontrála agus líon na mac léinn; tréimhse ama na hoiliúna, stádas na scoileanna rince nó acadaimh (poiblí nó príobháideach); na saoráidí fisiciúla atá riachtanach agus áiseanna eile; creidiúnú; foireann; teagmhálacha le domhan an damhsa ghairmiúil.

Tagann an tráchttaireacht orthu seo agus téamaí eile ó eolas agus taithí an údair agus ó anailís chomparáideach ar sholáthar i ndá cheann déag de mhórscoileanna an damhsa ghairmiúil i seacht dtír Eorpach difriúil. Cuireann sonraí na hanailíse sin eolas ar fáil d'ímlíne an staidéir ar mhúnla soláthair an damhsa ghairmiúil in Éirinn. 'Séard a roinneann na scoileanna ar fad a ndearnadh anailís orthu ná an príomhghníomhaíocht maidir le mic léinn a oiliúint ina rinceoirí gairmiúla, cé go mb'fhéidir go bhfuil difríochtaí eatarthu i dtéarmaí na

03

próifíle riaracháin acu; an tréimhse ama atá siad ar an bhfód (ó níos lú ná deich mbliana ó shin go dtí céad bliain ó shin); an stádas oideachais atá acu; a gcaidreamh le compántas damhsa; agus tréimhse, cineál agus treo seánra rince a gcúrsaí. Cuimsíonn an cur síos ar dhá scoil déag mairtís de chritéir, a rinne anailís chomparáideach a éascú.

Déantar curaclam oiliúna uasmhéide an damhsa ghairmiúil d'Éirinn a sholáthar sa staidéar, a chuimsíonn struchtúr, plé sonrach ar réimsí ábhar, agus dáileadh imlíneach ama. 'Siad naoi n-eilimintí an churaclaim molta ná: (i) Teicnící Rince Comhaimseartha; (ii) Teicnící Bailé; (iii) Tobchumadóireacht agus Ceapadóireacht; (iv) Cnuasach; (v) Teagmháil Rince; (vi) Cinéiseolaíocht agus Anatamaíocht; (vii) Ullmhú Colainne; (viii) Staidéir Cheoil; (ix) Stair an Damhsa agus na Taibhealaíona.

Scrúdaíonn caibidil ghearr ar cheisteanna mac léinn na riachtanais iontrála; an próiseas iontrála, socruithe éisteachta san áireamh; measúnú agus creidiúnú. Lean caibidil i bhfad níos faide ina dhiaidh sin le moltaí ar rólanna agus feidhmeanna foirne, a bheadh riachtanach don chineál scoile a chonacthas sa tuarascáil. Tá mórán sonraí i dtéarmaí cothromais idir phríomhfoireann na scoile, an fhoireann bhuan múinteoireachta, foireann ar cuairt agus foireann thacaíochta eile chomh maith le méid na n-uaireanta múinteoireachta sna réimsí éagsúla ábhar atá cheana féin imlínithe, forlíoanta ag scóipeáil thosaigh áirithe ar leibhéal tuarastail a aimsítear sa réimse seo i láthair na huairé san Eoraip.

Tá caibidil iomlán amháin dírithe ar an gceist chriticiúil seo maidir le fad an chláir. Moltar dhá rogha: (A) clár oiliúnadamhsa ghairmiúil agus (B) clár dháchéimeach, a chuireadh oiliúint damhsa réamhghairme. Is dianchúrsa cúig bliana é Rogha A le mic léinn ag tosú ag aois cúig déag agus ar an tuiscint go bhfuil oiliúint damhsa comhlíonta acu ar bhealach éigin atá cothrom le céim a haon de Rogha B. Tá Rogha A eagraithe mar chúrsa cúig lá in aghaidh na seachtaine, atá comhoiriúnach le mic léinn ag leanúint lena gcuid oideachais ginearálta. Molann Rogha B córas oiliúna damhsa atá struchtúrtha thar tréimhse ocht mbliana, a thosódh mic léinn go tipiciúil ag aois dó dhéag. Chuireadh an cúrsa de dhá chéim (3 + 5 bliain nó 4 + 4 bliain) leis an Idirbhliain mar dheireadh na céime réamhghairme nó mar thús na céime gairme. Ní gá go dtarlódh an dá chéim san áit chéanna, agus is féidir córas náisiúnta a fheiceáil ina bhféadfaí céim réamhghairme a thairiscint i níos mó ná áit amháin. Don dá rogha, déantar sonraí a sholáthar ar raon ceisteanna, a chuimsíonn an sceideal seachtainiúil molta, na riachtanais maidir le hoideachas ginearálta agus líon uasmhéide na mac léinn.

Críochnaíonn an tuarascáil le hagusíní a shonraíonn soláthar na hoiliúna rince i ndá scoil déag Eorpach agus anailís chomparáideach breise áirithe le hoiliúint i ndrámáíocht, ceol agus spórt i roinn institiúidí.

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.10 A Policy Framework for Education, Community, Outreach (2004)

Cineál an Doiciméid

Doiciméad beartais forbartha ag an nGrúpa Oibre ar Oideachas, Pobal, For-Rochtana de Chomhairle Náisiúnta na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta². Ba í aidhm an doiciméid ná tuiscintí roinnte a bhunú agus pointí tagartha coitianta a dhearbhódh cineál agus cuspóir na hoibre sa réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana; cuidiú le plé faoi obair oideachais, pobail, agus for-rochtana laistigh den Chomhairle agus idir an Chomhairle agus na príomhranna agus gníomhaireachtaí rialtais; agus bunús a bhunú do chomhbhearta oideachais, pobail, agus for-rochtana idir bhallinstitiúidí aonair na Comhairle.

Modheolaíocht

Rinne sainchomhairleoirí neamhspleácha an taighde agus scríobhadar an tuarascáil. Bhí an taighde deasc-bhunaithe agus bhí maoirsiú déanta uirthi agus eolas curtha ar fáil ó Ghrúpa Oibre CNICN sa réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana.

Clár na nÁbhar

Tagann achoimre fheidhmiúcháin agus réamhrá roimh cheithre mhórchuid. Déanann an chéad chuid sainiú ar an CNICN, cultúr, an réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana, agus cuspóir na creatlaí beartais atá ag croílár an doiciméid. Leagann cuid a dó creatlach beartais an oideachais, pobail, agus for-rochtana atá tograithe síos le sraith de chomhthéacsanna forluiteacha: cultúrtha, oideachasúil agus sóisialta. Leagann cuid a trí amach deich gcinn de mhórfhrionsabail rialaithe an réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana sna hinstitiúidí náisiúnta cultúrtha. Tugann an cheathrú chuid - agus an ceann is faide - maidir le trí déag príomhthreoirí (go ndéantar cur síos orthu mar cineál 'aistriúcháin' ar fhrionsabail níos luaithe) don réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana laistigh d'institiúidí. Leanann cuid ghearr conclúideach ina dhiaidh sin.

Achoimre agus Torthaí

Déantar an réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana a shainiú mar dhisciplín gairmiúil laistigh d'obair níos leithne na n-institiúidí cultúrtha agus go háirithe iad siúd atá ag aimsiú cistí poiblí. Tá an réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana tiomanta do rannpháirtíocht na n-institiúidí cultúrtha leis an bpobal ar a ndéaann siad freastal, chun comhshochair na n-institiúidí, agus laistigh de thimpeallachtaí na n-institiúidí cultúrtha féin, nó in áiteanna agus comhthéacsanna atá lasmuigh dá n-aimsiú sainithe coinbhinsiúnta. Leagtar creatlach beartais an réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana laistigh de dhlíthíocht níos leithne na hÉireann agus creatlach beartais cultúrtha agus laistigh de fhráma níos cúinge de thraidisiún an réimse sin, agus cé gur baineadh amach roinnt áirithe a bhí suntasach, déantar cur síos air mar *dhrochthuisicint lasmuigh dá rannóg féin, easpa acmhainne, róthuilleamaí ar dhaoine aonair príomha, [agus] forlámhas ag cultúr na 'gníomhaíochta'*. Déantar tuiscintí níos leithne sóisialta, cultúrtha agus oideachasúil a ghlaoch ó *intleachtaí iolracha, trí fheidhm shóisialta* na n-institiúidí cultúrtha, go dtí *foghlaim ar feadh an tsaoil*

2. Tuiriscíonn an Chomhairle go díreach chuig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Cuimsíonn sí den Chomhairle Ealaíon; Chester Beatty Library; An Chomhairle Oidhreachta; Músaem Nua-Ealaíne na Éireann; An Chartlann Náisiúnta; An Ceoláras Náisiúnta; Dánlann Náisiúnta na hÉireann; Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; Ard-Mhúsaem na hÉireann; An Chuideachta Amharclann Náisiúnta Tta.

03

chun comhthéacs tacaíochta a sholáthar do thiomantais atá cuimsithe sa réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana.

Is disciplín réasúnta nua agus sonrath atá sa réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana, ach eascraíonn sé ó thiomantas fadtéarmach do chúrsaí oideachais, *nuair a shainmhínítear go cuimsitheach, atá lárnach do mhisean na n-institiúidí cultúrtha náisiúnta ar fad*. Coimpríonn an réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana ar an 'bpobal ginearálta' go fírinneach, mar shraith de 'phobail' dhiscréideacha, agus ar an institiúid chultúrtha mar 'láthair foghlama' nó 'spás sóisialta'. Coimprítear obair na n-institiúidí cultúrtha ag feidhmiú ar mhodh triantánach de (i) an acmhainn chultúrtha (foirm ealaíne / acmhainn oidhreachta / rud cultúrtha nó imeacht); (ii) an gníomh seirbhíse (cruthaigh / bailigh / caomhnaigh / doiciméadaigh / léirigh); agus (iii) an pobal (pobal ginearálta - áitritheoirí agus turasóirí / leanaí agus daoine óga / daoine scothaosta / pobail atá sainithe ag áit, suim, céannacht, nó riachtanas / taighdeoirí agus acadóirí). Cé go dtugann institiúidí cultúrtha príomhaíocht go coinbhinsiúnta don rinn (i), bíonn claonadh ag an réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana príomhaíocht a thabhairt do (iii) agus claonadh dá réir a ngníomhaíochtaí seirbhíse a chinneadh (i.e. (ii)) *mar fhreagairt ar éagsúlacht na réimsí pobal agus ar a gcuid riachtanais*. Cuireann an tuarascáil béim ar an bhfíric go bhfuil mórán réimsí pobal, agus dá bhrí neart tuiscintí, chomh maith le riachtanais foghlama agus stíleanna. Cé go leagann siad seo éilimh bhreise ar an institiúid chultúrtha, tá comshochair i gceist, toisc go gcuireann éagsúlacht na réimsí pobal, na dtuiscintí agus na ngníomhaíochtaí le hinstitiúid, chomh fada agus go bhfuil sí oscailte do rudaí mar iad agus go bhfeidhmíonn sí de réir an phrionsabail príomha gur luach fad-institiúide atá i gceist leis an réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana.

Tá *tacaíocht shoiléir agus seasmhach...ó institiúidí an bhoird agus lucht ardbhainistíochta* de dhíth maidir le príomhaíocht an réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana. Tá an luach príomhúil ag brath ar an ról sainiúil atá i gceist agus caithfear é a dhifreáil ó réimsí eile cosúil le Seirbhísí Cuirteoirí, Margaíocht agus Caidrimh Phoiblí, agus Forbairt Lucht Féachana. Caithfear sainiúlacht mar seo a chothromú le tuiscint go bhfuil an réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana rí-lárnach agus ní mar sheirbhís satailíte. D'fhéadfadh tuiscintí éadoimhne a theacht as ionchais agus éilimh neamhoiriúnacha, go háirithe má lorgaíonn siad breis agus breis 'gníomhaíochta'. Déantar an argóint, go bhféadfadh 'aschuir' gníomhaíochta mar seo, 'baint' ó 'aschuir' níos suntasaí. Déantar cointeanóid de 'bhearta seirbhíse' a thairiscint mar fhrithmheáchan do 'ghníomhaíochtaí' seasmhacha agus leagtar amach clár de sé bhearta déag mar seo, le samplaí cinnte, mar shampla de bheartas-i-ngníomh mar is fearr aithne air.

Déantar cur síos ar an riachtanas maidir le haithne agus comhairliú le pobail na n-institiúidí mar *chloch coirnéil an bheartais ECO*. Déantar bealaí éagsúla a thairiscint maidir leis na pobail sin a shainiú, a chuimsíonn sainmhínte trí mhodhanna coinbhinsiúnta deimeagrafaíochta, trí rangú cineálach, agus trí stádas an (neamh-) chaidrimh leis an institiúid. Tá sé fo-chatagóir ag an gceann deiridh seo, leis na téarmaí suimiúla *attenders; intenders; thresholds; coat-tailers; be-frienders; owners*. Cibé ar bith, níl comhairliúchán criticiúil do chaidrimh leis na pobail amháin, toisc go mbraitheann an réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana ar chomhairliúchán le ranna eile san institiúid chomh maith, le hinstitiúidí cultúrtha eile, agus le hinstitiúidí, eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí nach bhfuil cultúrtha go príomha.

Déantar aird a thiomnú d'fhoireann an réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana, go háirithe maidir le nádúr diansaothraithe na hoibre agus an riachtanas atá ann go ndéanfaí foireann shaineolach a chosaint ó fhreagrachtaí riaracháin agus cistithe atá iomarcach. Leagtar béim ar fhorbairt ghairmiúil na foirne sa réimse oideachais, pobail, agus for-rochtana agus ar

03

an bhfoireann níos leithne maidir lena chleachtais. Baineann treoirlíne phríomha eile le healaíontóir / déantóir / léirmhínteoir a théann i ngleic go díreach leis an bpobal. Feictear go bhfuil rólanna áirithe i gceist sa chaidreamh sin: *múinteoir / éascaitheoir / coimeádaí / léiritheoir / gníomhaíoch sóisialta / taighdeoir / tuairisceoir*. Tíocfaidh comhthéacs na hoibre, nádúr an chaidrimh, agus taithí agus meon an déantóra le chéile chun na/an ról(anna) beacht(a) atá riachtanach a chinneadh, ach is freagracht rí-thábhachtach de rannóg an oideachais, pobail, agus for-rochtana í go gcinnteofaí go bhfuil ‘oiriúint’ mhaith i ngach cás.

Déileálann an treoirlíne dheiridh le measúnú. Deir an tuarascáil go bhfuil drochthraidisiún forbartha maidir le dea-chleachtas measúnaithe in Éirinn, agus fiú amháin má tá dea-chleachtas i gceist maidir le tionscadail nó cláracha áirithe, is beag fianaise atá ann go n-aistreofaí seo ó ‘thréimhse phiolótach’ go ‘soláthar príomhshrutha’. *Ní leagtar béim ar tábhacht an mheasúnaithe ab initio, chomh fada agus gur ionstraim forbartha beartas atá i gceist agus uirlis phleanála atá tábhachtach.*

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.11 A Review of the Poetry Ireland Writers in Schools Scheme (2004)

Nádúr agus Cuspóir

Tuarascáil taighde-bhunaithe coimisiúnaithe ag Éigse Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna. 'Siad aidhmeanna an athbhreithnithe ná: (i) tionchar na scéime ar rannpháirtithe agus páirtithe leasmhara éagsúla a fhionnadh; (ii) láidreachtaí na scéime reatha a aithint agus réimsí ina bhféadfaí feabhas a dhéanamh; agus (iii) moltaí a dhéanamh d'fhorbairt maidir le todhchaí na scéime.

Modheolaíocht

Rinneadh taighde agus scríobh an sainchomhairleoir neamhspleách Anne Gallagher an tuarascáil. Bhí an rud iomlán maoirsithe ag Coiste Comhairliúcháin a raibh saineolaithe aonair páirteach ann chomh maith le hionadaithe ó leasanna agus rannóga ábhartha. Bhí an taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil. Chuimsigh sí d'agallaimh leath-struchtúrtha, comhráití grúpa fócais, suirbhéanna atá ceistneoir-bhunaithe agus anailís ar thuarascálacha measúnaithe agus doiciméadacht eile a bhaineann leis an scéim. Thug sonraí staitisticiúil don tréimhse 1996-2003 an bunús do mhórlach na hanailíse agus an taighde chainníochtúil.

Clár na nÁbhar

Tagann achoimre fheidhmiúcháin roimh Chaibidil a hAon, a leagann amach cúlra don athbhreithniú agus a dhéanann cur síos ar an modheolaíocht. Cuireann Caibidil a Dó Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna i gcomhthéacs níos leithne maidir le beartas náisiúnta an oideachais ealaíne - le béim speisialta ar theanga agus litríocht - agus déantar tagairtí do staidéir eile in Éirinn, sa RA agus sna Stáit Aontaithe maidir le dearcaidh ó thaobh filíochta, rannpháirtíocht na ndaoine óga sna healaíona agus cúrsaí foghlama. Déanann Caibidil a Trí cur síos ar fhoinsí agus forbairt ar scéim na Scríbhneoirí sa Scoil. Cuirtear síos ar an tseirbhís reatha, ag déileáil le ceisteanna ábhair, eagraithe, agus maoinithe. Cuimsíonn Caibidil a Ceathar, ina bhfuil beagnach aon trian den tuarascáil, príomhthorthaí na tuarascála. Cuimsíonn siad seo bunús na hanailíse atá mar chroílár Caibidil a Cúig. Tá moltaí na tuarascála do raon gníomhaireachtaí agus ar réimse ceisteanna cuimsithe i gCaibidil a Sé. Soláthraíonn ocht n-agusín mórán sonraí tacaíochta.

Achoimre agus Torthaí

Tá Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna - a tugadh isteach i 1978, mar chláir i gcomhar leis an dá Chomhairle Ealaíon i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann - ar fáil do gach rang ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile. Bunaíodh Éigse Éireann i 1978 mar eagraíocht a bhí tiomanta don fhilíocht a fhorbairt agus tacú léi mórthimpeall na hÉireann. I 1996, rinne an Chomhairle Ealaíon an fhreagracht maidir le feidhmiú Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna a dhéabhlóidiú go dtí Éigse Éireann. Nuair atá cur síos déanta ar an gcúlra seo, agus comhthéacs an athbhreithnithe curtha ar fáil, chomh maith le sonraí Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna leagtha amach, diríonn an tuarascáil sa trí chaibidil dheiridh ar na príomhthascanna atá aici maidir le hathbhreithniú taighde-bhunaithe ar ghnéithe uilig na scéime, anailís ar na torthaí, agus moltaí d'fhorbairt sa todhchaí.

Ag am an athbhreithnithe, bhí trí sheirbhís ag Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna: an chuairt shingil, ar a nglaoth Cuairt A (thart ar dhá uair go leith); mionchónaitheacht nó Cuairt B, (thart ar cúig uair a' chloig); agus Cónaitheacht de chuid na Scéime a tharla go hannamh agus a chuimsigh de chuairt sheachtainiúil a mhair thart ar dhá uair a' chloig do thréimhse idir sé go

03

dtí ocht seachtain. Ní dhéanann an t-athbhreithniú taighde scrúdú go sonrach ar an gclár cónaitheachta, a tugadh isteach sa bhliain 2000 i dtús báire, ach déantar measúnú faoi leith dá thionscadal pólótach tosaigh a chuimsiú mar Aguisín 6.

Díríonn an t-athbhreithniú ar thréimhse 1996-2003. Tar éis seacht mbliana d'fhorbairt sheasmhach, le buaicphoine de 412 cuairt i 2002, bhí an bhliain dar gcionn (le 282 cuairt) ar an mbliain ba lú ratha don scéim ó 1998. Seo toisc gur laghdaíodh an deontas i gcabhair don Chomhairle Ealaíon i 2003. Ina theannta sin, bhí Éigse Éireann rannpháirteach le feidhmeannacht eile don scéim sa bhliain sin, ag cur teorainn dá réir leis na hacmhainní do chaiteachas an chláir. Sa tréimhse 1996-2003, bhain 895 bunscoil agus 260 scoil dara leibhéal leas as WIS. (Tá 3,200 bunscoil agus 720 iarbhunscoil go neasach i bPoblacht na hÉireann). Bíonn na sonraí ceannlíne seo mar bhunús do bhreis trastáblaithe atá suntasach, de réir réimse leathan critéar a chuimsíonn rátaí rannpháirtíochta; cineál cuairte; láthair, méid agus próifil na scoile; agus seánra agus teanga na scríbhneoireachta.

Ba í an phríomhuirlis taighde maidir le tionchar na Scéime a thomhais ná an ceistneoir. Bhí dhá leagan ann: ceann do scoileanna a bhí rannpháirteach trí uair nó níos mó sa tréimhse seacht mbliana a bhí faoi athbhreithniú (Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna 3+) agus an ceann eile dóibh siúd nach raibh rannpháirteach ach uair amháin (Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna 1). Bhí freagraí á lorg ar réimse ceisteanna, agus go háirithe ar thionchar maidir le mic léinn agus múinteoirí. Thug an taighde faoi cheisteanna freisin cosúil le láthair, socruithe eagraíochtúil, ullmhúchán, athleanúint agus ceangail idir Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna agus gníomhaíochtaí níos leithne teanga, litríochta agus ealaíon-ghaolmhara sa scoil. Rinneadh moltaí a lorg maidir le hathruithe nó forbairtí go bhféadfaí a dhéanamh.

Shonraigh 71 faoin gcéad de cheistneoirí a seoladh ar ais i gcatagóir Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna 3+ agus 83 faoin gcéad i gcatagóir Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna 1 go raibh tionchar dearfach ar na mic léinn. 'Siad an dá thoradh is mó rátála ná (i) *suímh mhéadaithe i leabhair na scríbhneoirí sa leabharlann scoile; agus* (ii) *meas méadaithe ar ealaíon na litríochta / na teanga*. Rinneadh an dara thoradh seo do mhic léinn a rangú sa dara háit nuair a rinneadh torthaí do mhúinteoirí a thomhais. Bá é an chéad ceann do mhúinteoirí ná: Breis smaointe d'obair sa rang. Bhí Ficsean Leanaí (71 faoin gcéad do WIS 3+ agus 33 faoin gcéad do WIS 1) ar an seánra ba mhó tosaíochta. Teachtaireacht láidir ó fhreagróirí ná an dúil d'fhorbairt ghairmiúil sa réimse seo, atá curtha in iúl ag 83 faoin gcéad de fhreagróirí SSS 3+ agus 90 faoin gcéad de dhaoine atá i gcatagóir SSS 1.

Tá cartlann ag an Scéim d'fhoirmeacha measúnaithe atá comhlánaithe ag múinteoirí agus scríbhneoirí ó 1996. Tá achoimre déanta ag foireann na Scéime orthu seo agus déantar na ceisteanna a ardaítear a chur i láthair, chomh maith le hanailís ar 153 fhoirm mar seo atá comhlíonta mar chuid den staidéar taighde. Aimsíodh freagraí na mac léinn, na múinteoirí agus na scríbhneoirí trí líon seisiúin grúpaí fócais agus trí aiseolas scríofa. Déantar mórán athfhriotail (atá dearfach don chuid is mó), a chlúdaíonn réimse topaicí, a chuimsiú sa tuarascáil. Ghlac an Coiste Comhairliúcháin, a rinne maoirsiú ar an taighde, páirt in anailís SWOL (Strengths / Weaknesses / Opportunities / Limitations) den WIS. Tharraing sí seo ar anailís agus comhairliúchán le heochairghrúpaí eile cosúil le hoifigigh ealaíon an údarais áitiúil, leabharlannaithe, pearsanra na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus daoine atá rannpháirteach in oiliúint mhúinteoirí. Tá comhdhearcadh ar roinnt ceisteanna mar ghné den taighde: mar shampla, tá an gá le breis pleanála agus comhairliúcháin mar théama comónta.

03

Cuirtear torthaí an taighde san áireamh san anailís a leanann le cás láidir á dhéanamh do scéim réamhghníomhach agus atá bunaithe ar bheartas, a shonraítear trí thacaíocht na scríbhneoirí maidir leis na scileanna riachtanacha a aimsiú chun oibriú i gcúinsí oideachais, agus trí phleanáil chomhoibrithe eatarthu agus na múinteoirí a chuirfeadh fáilte chomh maith roimh fhorbairt ghairmiúil atá oiriúnach dá riachtanais in idirghabháil na litríochta. Déantar déileáil le raon ceisteanna, cuid acu atá bunaithe ar bheartas agus cinn eile atá níos praiticiúla: Eolaire Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna; maoiniú agus soláthar foirne na scéime; an gaol idir an Scéim agus an curaclam; na critéir maidir le roghnú na scríbhneoirí; an gaol idir Éigse Éireann (atá tiomanta d'fhoirm liteartha áirithe) agus sainchúram níos leithne na Scéime; monatóireacht agus measúnú na scéime. Bíonn na ceisteanna seo mar chlár gníomhaíochta do raon eagraíochtaí mar a fheictear sna moltaí i dtaobh Éigse Éireann; an Chomhairle Ealaíon; foireann na Scéime; agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.12 MUS-E Ireland (2004)

Cineál an Doiciméid

Tuarascáil taighde ar thionscadal taighde fheidhmeach trí bliana a tharla sa tréimhse 2001-2004 sna ranganna luathbhlianta i dtrí bhunscoil i mBaile Átha Cliath. Tharla an tionscadal faoi choimirce an chláir ealaíontóirí-sna-scoileanna MUS-E a d'fhorbair Fondúireacht Idirnáisiúnta Yehudi Menuhin (IYMF). Déanann IYMF cur síos ar MUS-E mar chlár a úsáideann na healaíona chun comhlíonadh agus oscailteacht a chothú, atá dirithe ar bhunscoileanna atá faoi mhíbhuntáiste. Ba chomhpháirtíocht í MUS-E Ireland a raibh Coláiste Oideachais Froebel agus an Chomhairle Ealaíon rannpháirteach inti. Tá trí aidhm leis an tuarascáil seo: (i) torthaí a fhiosrú maidir leis an méid a baineadh amach ó thaobh spriocanna an chláir MUS-E maidir le leanaí, ealaíontóirí agus múinteoirí; (ii) *tosca ratha* mar a dhéantar cur síos orthu a aithint maidir le forfheidhmiú an tionscadail; agus (iii) moltaí a dhéanamh do thionscadail mar seo sa todhchaí.

Modheolaíocht

Bhí an taighde cáilíochtúil. Bhí an taighdeoir agus údar mar phríomhbhall d'fhoireann an tionscadail leis an bpríomhfheidhm mar 'chomhordaitheoir oideolaíochta'. Bailíodh na sonraí ó éagsúlacht foinsí, a chuimsigh foirmeacha scríofa a chomhlánaigh na healaíontóirí rannpháirteacha ag deireadh gach seisiún scoile; clóstéipeanna de sheimineáir mhíosúla leis na healaíontóirí; ceistneoirí a dhearadh chun dearcadh na n-ealaíontóirí a aimsiú; miontuairiscí na gcruinnithe le múinteoirí rannpháirteacha; agus clóstéip de ghrúpa fócais na múinteoirí a tionóladh ag deireadh gach tionscadal. Bhí na sonraí ar fad faoi réir anailíse ábhar de réir na bpríomhthéamaí taighde. Tháingadar seo chun cinn ó thréimhse phiolótach níos luaithe agus ó 'ábhair suime' na Comhairle Ealaíon i réimse na n-ealaíontóirí gairmiúla ag obair i dtimpeallacht na scoile.

Clár na nÁbhar

Achoimre Fheidhmiúcháin. Brollach. Caibidil a hAon: Soláthraíonn an Réamhrá cúlra ar an tionscadal agus den deardh agus struchtúr. Leagann Caibidil a Dó amach modheolaíocht an tionscadail taighde. Díríonn an chéad trí chaibidil eile ar an ealaíontóir MUS-E, agus dá réir ag fiosrú caidrimh na n-ealaíontóirí leis an múinteoir, an leanbh agus an tionscadal. Scrúdaíonn Caibidil a Sé (dar teideal 'Factors of Success') struchtúr agus tréithe eagraíochtúil an tionscadail. Cuimsíonn an seachtú agus an chaibidil dheiridh d'achomre, conclúidí agus moltaí. Soláthraíonn cúig aguisín faisnéis chonarthathe, eagraíochtúil agus eolas praiticiúil eile faoin tionscadal.

Achoimre agus Torthaí

Tugann an tuarascáil comhthéacs do thionscadal MUS-E go hidirnáisiúnta, ag cur síos ar an gcúlra eagraíochtúil do MUS-E Ireland agus roghnú na scoileanna rannpháirteacha - agus na ranganna is sóisearaí - agus na healaíontóirí. Aithníodh deich gcritéar maidir le roghnú na n-ealaíontóirí a chuimsigh *suim in éifeachtaí an oideachais ealaíne ar leanaí i bpríacaí*, a chuireann ceann d'aidhmeanna rialaithe MUS-E féin in iúl.

D'fhás tionscadal 2001-2004 ó thréimhse phiolótach níos luaithe (1998-2001). Déantar scrúdú sa chaibidil seo ar dhearcadh athraitheach na n-ealaíontóirí agus na múinteoirí agus ar eispéiris a chéile le linn an tionscadail. Cé is moite de thuairimí difriúla ar cheisteanna

03

cosúil le ‘pleanáil’ agus ‘disciplín’, tá fianaise ann maidir le comhoibriú forbartha, cuidithe ag nádúr fadtéarmach an tionscadail (trí bliana) chomh maith le gnéithe cosúil le cruinnithe ealaíontóra-múinteora agus, nuair a tharla sí, trí rannpháirtíocht a bhí roinnte agus gníomhach i bpríomhghníomhaíochtaí áirithe an chláir. Chiallaigh na deacrachtaí maidir le clúdach a eagrú do mhúinteoirí rannpháirteacha nár tharla an ceardlann forbartha ghairmiúil réamhphleanáilte chomh minic agus a bhí pleanáilte i dtús báire. Sonraítear *gach babhta a d’airigh ealaíontóirí go raibh comhoibriú le brath nó forbartha leis an múinteoir, go raibh ábaltacht an mhúinteora dul i ngleic ó thaobh seinme le sonrú.*

Tá fiosrú an chaidrimh idir na healaíontóirí agus na leanaí frámaithe ag tiomantas an tionscadail chun ról na n-ealaíon a fhiosrú i bhforbairt shóisialta na leanaí. Déantar anailís ar na sonraí faoi roinnt ceannteideal: (i) soláthraíonn *an deis le bheith rathúil* fianaise dhearfach maidir le féinmheas agus muinín feabhsaithe; (ii) ceadaíonn *forbairt an ghrúpa agus na grúpoibre* samplaí de shóisialú méadaithe; (iii) léiríonn *forbairt na scileanna cumarsáide agus briathartha* a bhfuil bainte amach ó thaobh cúrsaí cumarsáide maidir le leanaí agus sonraíonn múinteoirí i gcásanna áirithe maidir leis an *bhforbairt inbhuanaithe* sa réimse seo; (iv) soláthraíonn *athrú iompraíochta* torthaí atá sealadach, ach dearfach don chuid is mó, ag tacú le fianaise eile de dhinimic shóisialta a bhí feabhsaithe sna grúpaí, ach ag aithint *nach raibh aon fhianaise chonclúideach d’athrú iompraíochta inbhuanaithe*. Tá fianaise ann freisin, gur éascaigh fráma ama leathnaithe an tionscadail *doimhniú* ar eispéiris na leanaí le buntáistí pearsanta/sóisialta a bhí nasctha ag mórán múinteoirí le forbairtí i rannpháirtíocht na leanaí leis na foirmeacha ealaíne.

Scrúdaíonn caibidil amháin cén chaoi ar éirigh leis na h-ealaíontóirí sa tionscadal, agus go háirithe ar na struchtúir thacaíochta (ionductú trí lá; seimineáir oiliúna míosúla; cruinnithe scoile) a ghníomhaigh chun cuidiú le healaíontóirí aonair agus chun comhghleacaíocht ghairmiúil a bhunú. In am is i dtráth, tuairiscíodh go raibh cuid de na healaíontóirí *i gcomhpháirt lena chéile sa seomra ranga agus gur aimsíodar fuinneamh cruthaitheach uaidh seo*. Chuidigh tréimhse ama fada an tionscadail le tuiscint na n-ealaíontóirí ar cheisteanna forbartha atá gaolmhar leis an obair le leanaí. Is cosúil go bhfuil doimhniú an taithí, mar a sonraíodh thuas, mar an gcéanna do healaíontóirí eile chomh maith ar a laghad. Sa dara bliain, deir ealaíontóir amháin: *Ní siamsaíocht atá i gceist níos mó. Is oideachas atá i gceist*. Deir duine eile ag aontú: *Deirim le daoine faoi seo agus deir siad: ‘Ach cad faoi do chuid oibre féin?’ Agus deirim: ‘Seo í mo chuid oibre’*. Breathnaítear ar fhócas praiticiúil na seimineár oiliúna míosúla - a chuimsíonn athbhreithnithe ar fhistéipeanna oibre ó thráth go chéile - mar ghné dhearfach agus feictear go bhfuil neamhláithreacht choibhneasta na múinteoirí ó sheisiúin mar seo mar phríomhlaigeacht.

Sa chaibidil a scrúdaíonn gnéithe ratha, tugtar aird do ról criticiúil an phríomhoide scoile; do roghnú agus tacaíocht do mhúinteoirí atá rannpháirteach; do mhothú an chreatlaí idirnáisiúnta níos leithne don tionscadal; agus do ról criticiúil an tsaineolaí a dhéanfaidh maoirsiú agus a sholáthróidh tacaíocht ar bhonn seasmhach - an ‘comhordaitheoir oideolaíochta’ sa chás seo. Bhí fianaise ann go raibh suim bhreise ag tuismitheoirí sa tionscadal. Cé is moite den bhfíric nach spreagann fealsúnacht MUS-E béim iomarcach ar ‘fheidhmíocht’ agus ‘taispeáint’, bhain foireann an tionscadail triail as bealaí le suim a mhúscailt sna tuismitheoirí agus iad a bheith rannpháirteach agus tháinig feabhas ar fhreastal na dtuismitheoirí dá réir.

Tugann na torthaí seo ar fad eolas ar fáil do mholtaí atá le feiceáil go seasmhach i dtéarmaí struchtúir atá riachtanach chun tacú leis na príomhghníomhairí (múinteoirí, ealaíontóirí, leanaí) atá ag feidhmiú a bhonn aonair agus i gcomhpháirt lena chéile.

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.13 Red Lines Between the Fingers (2004)

Nádúr agus Cuspóir

Tuarascáil ag athbhreithniú agus ag déanamh anailíse ar thionscadal ceithre bliana (1997-2001) a bunaíodh i gcomhar le Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Bhain an tionscadal i dtús báire le haon bhunscoil déag i mBaile Átha Cliath sa chéad bhliain agus díriodh ina dhiaidh sin ar cheann amháin. Bhí an tionscadal mar chuid níos leithne ‘Breaking the Cycle’ de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a bhí dírithe chun déileáil le míbhuntáiste oideachais. Scrúdaíonn an t-athbhreithniú tionchar an tionscadail ar na leanaí atá rannpháirteach (atá curtha in iúl go cáilíochtúil acu siúd atá ag obair le leanaí a bhí in aois scoile sóisearach don chuid is mó) chomh maith leis an tionchar ar mhúinteoirí agus ealaíontóirí. Molann sé creatlach chun comhoibriú i gcomhpháirtíochtaí oideachais ealaíne, agus déantar moltaí do thionscnaimh sa todhchaí sa réimse seo agus i réimsí eile.

Modheolaíocht

Rinneadh an taighde a stiúradh go neamhspleách agus le tacaíocht dheontais ó Choiste Forbartha agus Taighde na Roinne. Bhí sé cáilíochtúil don chuid is mó agus bunaithe ar shonraí taighde príomhúla a chuimsigh agallaimh leath-struchtúrtha, comhráití grúpaí fócais, ceistneoirí, dialanna agus nótaí ranga, iad seo ar fad ag teacht ó na príomhpháirtithe leasmhara. Chuimsigh na sonraí taighde tánaisteacha tuarascálacha agus doiciméadacht a bhain le tionscadal Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann / BTC, agus foilseacháin de vhuid Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus réimse níos leithne an oideachais ealaíne. Cuirtear na foinsí seo san áireamh san anailís atá mar chranntaca don mhúnla teoiriciúil a forbraíodh chun cur síos a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar nádúr an tionscadail agus ar a chuid cleachtas.

Clár na nÁbhar

Leanann Caibidil a hAon tar éis an achoimre fheidhmiúcháin, ina ndéantar aidhmeanna agus modheolaíocht an taighde a leagan amach. Cuireann Caibidil a Dó an tionscadal BTC / Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann i sraith comhthéacsanna ealaíne agus oideachais, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Déantar cur síos ar an tionscadal i gCaibidil a Trí, ag dearbhú an phatrúin forbartha ach go háirithe thar tréimhse ceithre bliana. Cuireann Caibidil a Ceathar na sonraí taighde príomhúla i láthair agus soláthraíonn Caibidil a Cúig deis díospóireachta agus anailís ar na sonraí céanna, a chuireann eolas ar fáil dá réir maidir leis na caibidlí deiridh: ‘Towards A Framework For Collaboration In Arts Education Partnerships’ agus ‘Conclusion And Recommendations’. Soláthraíonn ocht n-aguisín sonraí maidir le ceistneoirí agus ábhar tacaíochta eile.

Achoimre agus Torthaí

Lonnaíonn an tuarascáil tionscadal IMMA / BTC laistigh de bheartas agus cleachtas níos leithne an IMMA, áit a bhfuil obair oideachais agus phobail mar chuid de mhisean lárnach an mhúsaeim. Bhí forbairt ar ‘mhunlaí cleachtas’, trí thaighde fheidhmeach, mór mhórspríoc ag roinn oideachais an IMMA. Déantar cur síos ar bheartas náisiúnta níos leithne maidir le leanaí, mar atá i bhfianaise sa bheartas bunscoile agus sa Straitéis Náisiúnta Leanaí. Tugtar aird shonrach do cheist an mhíbhuntáiste oideachais agus an chláir tacaíochta, agus na critéir choimhdeach, a bhí léirithe ag tionscnamh Breaking the Cycle a tugadh isteach

03

i 1996. Déantar cur síos ar thaighde agus taighde feidhmeach ábhartha eile sa réimse seo in Éirinn, sa RA agus sna SAM roimh don athbheithniú cur síos a dhéanamh ar aistear ceithre bliana an tionscadail, ag léiriú na bpríomhchinntí a cuireadh san áireamh sna hidirthréimhsí ó bhliain amháin go bliain eile. Ag deireadh na céad bliana, ina raibh aon scoil déag rannpháirteach inti, rinneadh cinneadh oibriú le dhá scoil ar bhealach níos doimhne. Ina dhiadh sin, tharla gur scoil amháin a bhí i gceist, St. Thomas's Junior National School i dTamhlacht.

Bhain an tionscadal le roinnt sraitheanna ábhartha: cuairteanna leanaí agus ceardlanna i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann; obair le healaíontóirí a bhí bunaithe sa seomra ranga; ceardlanna chun cruthaitheacht na múinteoirí féin a fhionnadh; cuairteanna múinteoirí ar an músaem; agus forbairt ar phacáiste acmhainne chun cuidiú le hobair ealaíne sa seomra ranga ó mhúinteoirí. Cuirtear príomhshonraí na tuarascála i láthair ag breathnú ar sé pheirspictíocht dhifriúil: leanbh, ealaíontóir, múinteoir, príomhoide, comhordaitheoir BTC, agus Roinn Oideachais agus Pobail IMMA. Déileálann na sonraí le sraitheanna difriúla de chlár oibre an tionscadail.

Bhí na torthaí an-dearfach, le 75 faoin gcéad de mhúinteoirí mar shampla, ag sonrú go raibh *aeráid foghlama níos fearr*. Sonraíodh go raibh feabhas sna catagóirí sainiúla cosúil le 'Féinmheas'; 'Cumarsáid'; agus 'Scileanna Smaointeoireachta' na leanaí. Thagair na múinteoirí agus ealaíontóirí do sheisiúin chumhachta na healaíne a chuidigh le leanaí scaoileadh le teannas, agus leagadh béim ar airíonna an chre na cúrsaí seo. I measc na dtorthaí ar fad ó shonraí a bhailigh múinteoirí, bhí braistint ann go raibh ardú muiníne agus leathnú ar na bealaí chun spreagadh a thabhairt agus cabhrú le leanaí. Shonraigh 87 faoin gcéad de mhúinteoirí gur chúisigh rannpháirtíocht sa tionscadal athruithe ina gcleachtas féin, agus dúirt 59 faoin gcéad gur bhreisigh sé an inniúlacht acu chun Curaclam Athbheithnithe a sheachadadh. Leagadh béim ar an ngá atá le breis soiléire ar rólanna an ealaíontóra agus an mhúinteora, go háirithe sa sraith ina n-oibríonn na healaíontóirí sa seomra ranga. Bhí braistintí measctha faoi conas chomh maith agus a dearnadh sraith na cuairte músaem a chomhtháthú leis an obair scoil-bhunaithe. Díríonn na torthaí ó thaighde le hionadaithe Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus An Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar cheisteanna pleanála agus eagraíochtúil agus na tacaí praiticiúla atá riachtanach chun cleachtas mar sin a shlánú.

Sa díospóireacht agus san anailís ar na sonraí, tugadh faoi thrí déag ceisteanna sainiúla. Ina measc tá: ról an ealaíontóra sa seomra ranga (*cúiteach / catalaíoch / comhlántach / neamhspleách*); ceisteanna foghlama aosach (i.e. ealaíontóirí agus múinteoir ag obair le chéile); bainistíocht an tseomra ranga; dúshlán an phróisis seachas an táirge (a chuimsíonn ionchais na dtuismitheoirí agus eile faoi tháirgeadh na 'hoibre chríochnaithe' le léiriú sa bhaile nó ar scoil); agus bac suntasach d'fhorbairt an mhúinteora atá le feiceáil ag easpa córais scaoilte-múinteora, agus dá bhrí ag leagan strus nach gá ar chomhgleacaithe na múinteoirí agus ar scoileanna ar leith chun tacú le múinteoirí atá rannpháirteach anseo agus i dtionscnaimh eile atá cosúil leo.

Molann an tuarascáil creatlach chun comhoibriú leis na comhpháirtíochtaí oideachais ealaíne. Eascraíonn an chreatlach ó aithint na tuarascála i dtaobh ocht saintréith déag maidir le comhoibriú éifeachtach, a aimsíodh ó anailís ar láidreachtaí agus laigeachtaí an tionscadail BTC / Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann, agus ó roinnt staidéar Meiriceánach chomh maith, a chuimsigh *Project Zero's Arts Survive: A Study of Sustainability in Arts Education Partnerships* (Seidel, Eppel and Martiniello 2001). Bristear an chreatlach ina thrí staid, gach ceann le líon spriocanna. Déantar mórcheisteanna a sholáthar chun cuidiú le gnóthú na spriocanna sin.

03

Críochnaíonn *Red Lines Between The Fingers* le cúig déag moladh don Roinn Oideachais agus Eolaíochta; cúig cinn do Choláistí Oideachais an Mhúinteora; ceann amháin don Chomhairle Ealaíon (go gceapfaí Oifigeach Oideachais); ocht gcinn do Chomhpháirtíochtaí Oideachais Ealaíne (le béim ar úsáid na hanailíse agus torthaí na tuarascála seo maidir le pleanáil oibre sa todhchaí); ocht gcinn don IMMA; cúig cinn do scoileanna; agus ceithre cinn dóibh siúd ar fad atá rannpháirteach in oideachas ealaíne sa bhunscoil, le béim láidir ar an ngá le taighde leanúnach agus cuimsitheach ar gach gné den oideachas ealaíne sa bhunscoil agus go scaipfí an taighde sin go forleathan.

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.14 Artformations (2005)

Cineál an Doiciméid

Tuarascáil scoir ag foireann mheasúnaithe neamhspleách de dhá thionscadal comhthreomhara, a chuimsigh ealaíontóirí, múinteoirí agus leanaí (bunscoil), a forbraíodh i gcomhar le Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) agus Amharclann na Mainistreach (Amharclann Náisiúnta na hÉireann). Roinneann an dá thionscadal taighde feidhmeach, cé go bhfuilid sainiúil, sraith ceisteanna a forbraíodh i gcomhar le Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus Amharclann na Mainistreach. Rinneadh na tionscadail a mheasúnú go leithleach, ach ar bhealach a d'éascaigh foghlaim roinnte chomh maith ar raon téamaí agus ceisteanna atá comónta don dá thionscadal, agus leis an aird chuí ar na príomhcheisteanna comhaontaithe.

Modheolaíocht

D'aontaigh an fhoireann mheasúnaithe (beirt ó thionscadal Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus duine amháin ó thionscadal na Mainistreach) ar nós imeachta a cheadaigh go dtarlódh measúnú neamhspleách ar gach tionscadal, agus sraith de chomhcrúinnithe ina dhiaidh sin chun ceisteanna agus téamaí comónta a aithint, léargais thábhachtacha a sholáthar agus moltaí a dhéanamh. Bhí na modheolaíochtaí a úsáideadh don dá thionscadal cosúil go maith. Chuimsíodar seo breathnóireacht ar obair sna scoileanna; ceistneoirí; aiseolas ar réimse bealaí agus éagsúlacht meán ó leanaí rannpháirteacha; agus agallaimh leath-struchtúrtha leis na páirtithe leasmhara aosach: ealaíontóirí, múinteoirí, comhordaitheoirí tionscadal, chomh maith leis na cinn oideachais i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus Amharclann na Mainistreach araon. Ceadáíonn comhráití phéireáilte trasna na dtionscadal, e.g. idir an bheirt ealaíontóir agus an bheirt chomhordaitheoir tionscadail, do thréithe roinnte agus sainiúla teacht chun cinn.

Clár na nÁbhar

Tugann an dá chaibidil oscailte an cúlra a bhaineann leis an gcomhpháirtíocht IMMA/ Amharclann na Mainistreach agus an bunús atá le bunú Artformations, le tacaíocht na Comhairle Ealaíon. Déantar staidéanna an tionscadail a imlíniú i gCaibidil a Trí, ó chruinnithe scóipe tosaigh chuig an gconclúid, le struchtúir chomónta agus tréithe sainiúla leagtha amach go soiléir. Tugann Caibidil a Ceathar athbhreithniú gearr ar mhórthaighde reatha áirithe san oideachas ealaíne go hidirnáisiúnta agus déanann Caibidil a Cúig plé ar na comhthéacsanna do bheartas oideachais agus cláracha san IMMA agus Amharclann na Mainistreach. Déanann Caibidil a Sé tuairimí na n-ealaíontóirí rannpháirteacha a thaifeadh, roimh agus tar éis an tionscadail, agus tá meaitseáil déanta anseo le plé atá cosúil, ar pheirspictíochtaí na múinteoirí sa dá chaibidil ina dhiaidh sin. Tá sonraí i gCaibidil a Naoi maidir le haiseolas ó leanaí atá rannpháirteach i dtionscadal IMMA. Déantar a bhfuil foghlamtha sna caibidlí roimhe a dhriogadh chun na príomhléargais agus moltaí atá sonraithe i gCaibidil a Deich a sholáthar. Déanann Caibidil a hAon Déag taifead ar chomhrá leathnaithe le beirt chomhordaitheoirí an tionscadail, agus déantar cur síos gearr sa chaibidil dheiridh ar fhorbairtí ábhartha i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus Amharclann na Mainistreach ó bhunú Artformations.

Achoimre agus Torthaí

Bhain tionscadal Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann, *Stitches In Time*, leis an ealaíontóir Lucinda Jacob ag obair le héadach agus bhí sé seo bainteach go díreach le taispeántas den ainm chéanna leis an ealaíontóir Francach Louise Bourgeois sa Mhúsaem. Tharla an tionscadal i ndá bhunscoil

03

difriúil, le beirt mhúinteoir a bhí cheana féin in ngleic le Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus tiomantas láidir acu do réimse na físealaíne. Bhí ceithre lá iomlán (trí cinn i ndiaidh a chéile) i gceist i ngach ceann den dá scoil. Bhain tionscadal na Mainistreach, *The Wolf of Winter*, leis an stiúrthoir amharclainne Andy Crook ag obair le trí rang bunscoile, i dtrí scoil dhifriúil, ar feadh ceithre sheisiún aon uaire an chloig i ngach ceann den dá scoil. Bhí Andy Crook mar stiúrthóir gluaiseachta ar léiriú scéalaíochta amharclainne fhisiciúil dar teideal *The Wolf of Winter* ag amharclann na Péacóige, téatar stiúideo na Mainistreach. Bhí beochan na scéalaíochta trí ghluaiseacht agus téatar fisiciúil mar chroílár na hoibre ag Crook leis na leanaí, agus cé go raibh easpa taithí drámaíochta ag a gcuid múinteoirí, léiríodar suim sa réimse trí fhreastal ar chúrsa forbartha ghairmiúil.

D'eascair Artformations ó roinnt comhoibrithe roimhe sin idir Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus Amharclann na Mainistreach. Cé go raibh a gcuid foirmeacha ealaíne sainiúil, roinn an dá institiúid tiomantas do chlár an oideachais agus, sa tionscadal seo, rannpháirtíocht na leanaí maidir le saothrú na n-ealaíon a fhiosrú trí thaighde feidhmeach, seachas ar oideachas ealaíne atá curaclam-dhírith. Rinneadh dhá phríomhréimse fiosrúcháin a aithint agus a chur in iúl: (i) *de thoradh na rannpháirtíochta sa tionscadal seo, cén athrú atá tarlaíthe ar thuiscintí/ cén réaduithe nua atá tagtha chun cinn don mhúinteoir, ealaíontóir agus leanaí ar an méid a leanas: Conas a chruthaítear ealaín? Cad a bhaineann le cruthú na healaíne? Cad a shainíonn 'an ealaíontóir'? Cé a shainíonn an ealaíontóir? agus (ii) *Conas atá tionchar ag na ceisteanna agus tuiscintí nua seo ar obair an mhúinteora agus na n-ealaíontóirí?**

Leagtar amach go sonrath na réamhchruinnithe, struchtúr agus dearadh an tionscadail, agus an tiomantas do mheasúnú leanúnach, a eascraíonn ó dhúil shoiléir an dá insitiúid chultúrtha náisiúnta chun féidearthacht na gcleachtóirí a chomhlíonadh agus cumhacht na bhfoirmeacha ealaíne acu chun leasa na leanaí. Cé go bhfuil mórán ceisteanna roinnte idir an dá thionscadal - e.g. an caidreamh oibre idir an ealaíontóir agus múinteoir - de réir mar a éiríonn an taighde ar eispéireas fírinneach an tionscadail níos sonraí, is mó difríochtaí a thagann chun solais. Seo toisc na bhfoirmeacha ealaíne difriúla ar chúis amháin, ach tá sé soiléir ón dtuarascáil chomh maith go mbaineann sé le frámaí ama agus struchtúr na dtionscadal difriúla agus an réimse taithí difriúil atá ag 'múinteoirí ealaíne' agus 'múinteoirí drámaíochta', le hiarmhairtí do ról an ealaíontóra/na n-ealaíontóirí.

Cuimsítear saibhreas sonraí sa tuarascáil, agus ó éagsúlacht peirspictíochtaí, ar phleanáil; ar dhinimicí an duine aonair in aghaidh obair ghrúpa; ar ionchais maidir leis an 'táirge' infheicthe críochnaithe; ar shuntasacht chriticiúil na gcomhordaitheoirí; ar lonnú an phríomheispéiris foirmeálta príomha (cuairt ar thaispeántas nó dráma) laistigh de choiteanóid an tionscadail agus ar úsáideacht nó oiriúnacht na bpríomhcheisteanna nó ar a laghad inniúlacht na dtionscadal chun tabhairt futhu go fírinneach. Tá an ceann deiridh go háirithe fíor don tionscadal téatair, ina raibh i bhfad níos lú comhrá ealaíontóra-múinteora forleathan agus ina raibh imní níos mó san athbhreithniú acu ar cheisteanna praiticiúla ná ar mhachnamh maidir le ceisteanna a bhí luaite sna príomhcheisteanna. Cé go raibh na múinteoirí sa tionscadal téatair feasach ar fhócas an tionscadail ar an bhfoirm ealaíne sin, sonraíonn an tuarascáil *nach raibh siad soiléir cad a chiallódh sé seo ag leibhéal na scoile.*

Léiríonn an taighde go raibh *rath sách maith* ar an tionscadal. Déantar anailís ar na gnéithe difriúla a sholáthar, a ionchorpraíonn comparáidí idir an dá thionscadal. Nuair a

03

thugann sí faoin dá mhórcheist de *shaintréithe an chomhoibrithe éifeachtúil agus forbairt an ealaíontóra*, tá an tuarascáil ag brath go láidir ar dhá thuarascáil tionscadail a tháinig roimhe, a bhain le Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (*Red Lines Between The Fingers*) agus Amharclann na Mainistreach (*Interactions*), agus a rinne baill na foirne measúnaithe ag Artformations. Nuair a dhéantar anailís ar príomhcheisteanna an tionscadail, sonraíonn an iontráil faoi IMMA *go raibh freagairtí na múinteoirí... bunaithe go príomha ar a dtaithe ealaíne roimhe sin agus an rannpháirtíocht fhadtéarmach acu leis an IMMA... ní raibh aon mhothú comhfhreagrach úinéireachta maidir leis na ceisteanna seo*. Maidir le múinteoirí tionscadail na Mainistreach, déantar cur síos ar na príomhcheisteanna atá fágtha mar *gan fiosrú go príomha*. Tugann na torthaí seo eolas ar fáil don tríú agus ochtú moladh comhpháirteach. Déantar trí mholadh breise an ceann maidir le IMMA agus Amharclann na Mainistreach go sonrath.

03 Achoimrí ar Thaighde Foilsithe Roghnaithe

3.15 Live Music in the Classroom (2006)

Cineál an Doiciméid

Tuarascáil a bhfuil taighde neamhspleách déanta uirthi ar shraith oideachais an Vogler Quartet i gCónaitheacht Shligigh (1999-2004), ag díriú beagnach go heisiach ar chlár tacaíochta an churaclaim bunscoile atá acu. Ní measúnú foirmeálta atá sa tuarascáil (tá sé seo stiúrtha cheana féin), ach is anailís atá inti a dearadh chun tionchar a imirt ar bheartas agus gníomhaíochtaí na bpríomhghníomhaireachtaí sa todhchaí.

Modheolaíocht

Bhí an taighde cáilíochtúil, bunaithe ar thaighde deisce a scrúdaigh staidéir agus doiciméadacht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta, chomh maith le hábhair a bhaineann go sonrach le cónaitheacht Vogler, a chuimsíonn a dtuarascáil mheasúnaithe foirmeálta. Thug an taighdeoir faoi thaighde allamuigh a bhí suntasach bliain amháin tar éis don chónaitheacht oifigiúil críochnú, ag tabhairt cuairte ar scoileanna, a casadh le príomhfhaisnéiseoirí, ag cur agallaimh ar mhúinteoirí, ceoltóirí, leanaí, agus daoine aonair eile atá lárnach don tionscadal. 'Sé an cuspóir a bhí leo seo ná tionchair a mheasúnú, braistintí a fhionnadh maidir le príomhghnéithe an chlár tacaíochta curaclaim ach go háirithe, agus tuairimí a bhailiú ar riachtanais agus bearta sa todhchaí.

Clár na nÁbhar

Osclaíonn an tuarascáil le hachóimre fheidhmiúcháin. Leagtar amach na haidhmeanna, téarmaí tagartha agus modheolaíocht an staidéir taighde sa réamhrá a leanann. Tugann Cuid a Trí cur síos ar an gcomhthéacs ina dearnadh comhthéacs na cónaitheachta a phleanáil agus na hacmhainní atá riachtanach. Tugtar cuntas sa chuid seo ar an Vogler Quartet, agus sóláthraítear forbhreathnú dá gcónaitheacht i Sligeach, chomh maith le sonraí ar na príomhthorthaí. Cuid a Ceathar - croílár na tuarascála - díritear anseo ar ghnéithe ar fad de chlár tacaíochta an churaclaim bunscoile. Déanann Cuid a Cúig anailís ar thaithí na bpáirtithe eagraithe agus ar a gcuid torthaí foghlama. Cuid a Sé - Tagann an conclúid roimh naoi n-águisín a sholáthraíonn mórán sonraí tacaíochta, a chuimsíonn eolas a eilimintí eile de chlár oideachais cónaitheachta Vogler, agus ar thionscadal Guth, tionscadal ceoil traidisiúnta beo sa seomra ranga a tharla sa bhliain tar éis cónaitheacht Vogler.

Achoimre agus Torthaí

Bhí cónasc de bheartas náisiúnta d'fhorbairt an cheoil agus anailís riachtanas a thug eolas do phleanáil ealaíne ar bhonn áitiúil i Sligeach, mar chuis le bunú an Vogler Quartet i gCónaitheacht Shligigh. Thiomnaigh an Vogler Quartet (a bunaíodh i mBeirlín Thoir i 1985) do chaidreamh fadtéarmach le Sligeach ina rabhadar mar phríomhacmhainn do chlár forbartha ceoil le trí shraith nasctha: oideachas; teagasc uirlise; agus taibhléiriú. Tá an chéad cheann acu seo mar fhócas na tuarascála seo agus go háirithe an príomhghníomh ann, le clár tacaíochta curaclaim ceoil i bhfiche bunscoil, a chuimsigh 1,500 leanaí agus fiche cúig múinteoir. Rinneadh clár tacaíochta curaclaim bunscoile Vogler a reachtáil ó 1999-2004 agus bhí tionchar láidir, cé nach raibh sé imscríofa, ag príomheilimintí an churaclaim ceoil bunscoile nua: éisteacht agus freagairt; cumadóireacht; agus taibhléiriú. Lárnach do rath na cónaitheachta, agus soiléir sa tuarascáil, bhí ról éascaitheora an tionscadail a ghníomhaigh i réimse comhthéacsanna agus mód mar nasc gairmiúil idir cheoltóirí agus múinteoirí.

03

Thacaigh sí le múinteoirí chomh maith idir chuartheanna trí réimse modhanna ó cheardlanna agus cúrsaí, trí ábhair acmhainne, go faisnéis agus comhairle. Bhí infhaighteacht na n-acmhainní breise cosúil le banc uirlise agus ionchur breise - mar shampla, ó Elaine Agnew, cumadóir agus meanmóir ceoil le fíorthaithí - riachtanach do rath na cónaitheachta.

Aimsíonn an tuarascáil gur mó agus is ea is faide a mhaireann na buntáistí nuair a thóg scoileanna cur chuige iomlánaíoch scoile ar bord. Nuair nár thóg scoileanna cur chuige mar seo ach gur scoileanna beaga a bhí i gceist, leanadh le cothabháil na suime fiú amháin i measc leanaí agus múinteoirí nach raibh rannpháirteach. Bhí an tionchar i scoileanna móra srianta go dtí múinteoirí agus leanaí a bhí rannpháirteach go díreach.

Rinneadh réimse tionchair dhearfacha ar leanaí rannpháirteacha a thaifeadadh in agallaimh le leanaí, múinteoirí agus ceoltóirí. Bhain cuid acu seo le cúrsaí dearcaidh agus bhain cuid eile le heolas agus scileanna maidir le héisteacht agus taibhléiriú, lonnaithe i leibhéal níos mó díograise do, agus muinín i, (n)gníomhaíocht(aí) c(h)eoil. Cheadaigh fadtéarmacht na cónaitheachta do chaidrimh dhearfacha a bheith bunaithe. Sonraíodh go raibh na leanaí spreagtha roimh chuartheanna ó cheoltóirí a raibh meas acu orthu agus bhí dúil acu taispeáint go maith os a gcomhair. Cé gur fhorbair na ceoltóirí ó thaobh cúrsaí muiníne agus ábaltachta maidir lena gcuid oibre a bhí bunaithe sa seomra ranga agus cuairteanna scoile, mhol na múinteoirí oiliúint níos struchtúrtha do cheoltóirí chun ceadú dóibh dul in oiriúint do réaltachtaí na mbunscoileanna agus leibhéal/leibhéal forbartha na ndaltaí. Dá bpáirt fein, chuir na leanaí in iúl gur mhian leo casadh agus oibriú le raon seánraí ceoil.

Toradh seasmhach sa tuarascáil ná gur réamhriachtanas do rath sa chineál réimse seo ná bunú na hiontaoibhe, agus caidrimh ómósacha, idir na profisiúnaigh difriúla atá rannpháirteach, agus eatarthu agus na leanaí. De réir mar a d'fhorbair an chónaitheacht, d'fhorbair na caidrimh chomh maith, agus leag gach páirtí béim ar an riachtanas maidir leis na caidrimh sin a leathnú agus a dhoimhniú i gcomhthéacsanna ealaíne, oideachais agus sóisialta. D'aimsigh múinteoirí muinín nua ina gcuid inniúlachtaí mar mhúinteoirí ceoil, ag eascairt ó thuiscint thaithíoch mhéadaithe ar eilimintí an cheoil (rithim, tuin, buille agus luas luaite), chomh maith le breathnóireacht agus taithí ar eispéiris idirghníomhacha ceoil ina gcuid seomraí ranga féin. Is fianaise iad seo ar an bhfás ina gcuid 'muiníne' ceoil féin, ach ar thuairim leathnaithe d'ábaltachtaí ceoil na leanaí. Leag na múinteoirí béim ar an riachtanas maidir le tacaíocht leanúnach. Bliain amháin tar éis don chónaitheacht críochnú go hoifigiúil, bhíodar feasach ach go háirithe ar an riachtanas seo: *le heaspa cláir struchtúrtha, tá sé deacair orthu cur chuige seasmhach a chothabháil maidir leis an gceol, gan titim siar ar na sean-nósanna*. Leagadh béim ar an riachtanas áirithe maidir le tacaíocht i réimse na *cumadóireachta*, ag eascairt ó thaitneamh nach raibh súil leis a bhain mórán daoine ó eilimint seo na cónaitheachta. Shonraigh na múinteoirí chomh maith go raibh mórán traenála ag brath ar a dtiomantas féin ar bhonn deonach tar éis uaireanta na scoile, agus níorbh bunús inbhuanaithe é seo le cláracha fadtéarmacha a thógáil maidir le forbairt an churaclaim.

B'fhacthas do cheoltóirí gur athraigh an tsraith oideachais a ndearcadh ar an gcineál oibre seo agus bhí sé soiléir dóibh go raibh gá le hoiliúint ghairmiúil do cheoltóirí ag bhí ag dul i ngleic le tionscadail forbartha oideachais. Rinne cúrsaí seinme i scoileanna agus seomraí ranga beaga, agus chomh díreach agus láithreach a bhí freagairtí na leanaí, athnuachan ar an gcaidreamh a bhí acu féin lena stór ceoil/amhrán. Bhí tacaíocht ó Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Shligigh agus Music Network (gníomhaireacht forbartha náisiúnta ceoil) riachtanach do cheoltóirí, ach

bhí rud amháin thar aon ní eile mar chranntaca dóibh: ról agus obair an éascaitheora.
Chumasaigh ionchur an éascaitheora do cheoltóirí an idirghníomhaíocht le leanaí agus éifeacht an chomhoibríthe leis na múinteoirí a uasmhéadú.

Tá torthaí breise ag an tuarascáil ag eascairt ó agallaimh le héascaitheoir an tionscadail, leis an gcumadóir agus leis na páirtithe eagraithe, le léargais thábhachtacha ar mhórcheisteanna maidir le cónaitheachtaí na n-ealaíontóirí san oideachas agus comhthéacsanna sóisialta eile á dtairiscint.

Admhálacha

Is mian le Hibernian Consulting, chomh maith le Martin Drury, aitheantas a thabhairt don ionchur ó roinnt daoine a chuidigh leo maidir le tiomsú na tuarascála seo.

Rinne an fhoireann chomhairliúcháin comhoibriú le Lorraine Comer, Speisialtóir Oideachais, agus Emma Kelly, Oifigeach Faisnéise agus Taighde, ón gComhairle Ealaíon, ar bhonn leanúnach. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl chomh maith do Sarah Bannan, Catherine Boothman, Sheila Gorman, Jan Hinde, Stephanie O'Callaghan, Emmett Scanlon, Fergus Shiel, Sorcha Sloan, Enid Reid Whyte, Gabrielle Tanham and Mathilde Veldt don chúnadh a thugadar le linn an phróisis. Bhí ionchur ó bhaill foirne eile sa Chomhairle Ealaíon chomh maith maidir le moltaí sainiúla na míreanna le háireamh san innéacs.

Rinneadh moltaí maidir le míreanna le háireamh san innéacs, agus cóipeanna de dhoiciméid i gcásanna áirithe, a sholáthar ó réimse daoine lasmuigh den Chomhairle Ealaíon. I measc na ndaoine sin:

- Mary Amond O'Brien, Cór Ealaíontóirí Óga Cheatharlach
- Marie Bourke, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann
- Deirdre Brady, Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
- Vanessa Coffey, An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta
- Comhpháirtíocht Chontae Liatroma
- Audrey Crawford, Artlink
- Iontaobhas Sibhialta Bhaile Átha Cliath
- Rhona Dunnett, Cumann Náisiúnta Dramaíochta na nÓg
- Declan Feeney, Kids' Own
- Brendan Flynn, Féile Ealaíon an Chlocháin
- Marilyn Gaughan, Comhairle Contae na Gaillimhe
- Siobhán Geoghegan, Common Ground
- Lucy Healy Kelly, Féile Idirnáisiúnta na gCór Chorcaí
- Máire Hearty, Údarás na Gaeltachta
- Catherine Kelly, Comhairle Contae na hIarmhí
- Róisín Kinsella, Compántas Rince Daghdha
- Anne Leahy, Age & Opportunity
- Mary McAuliffe agus Rhona McGrath, Comhairle Contae Shligigh
- Anne McCarthy, Comhairle Contae Mhaigh Eo
- Deirdre McCrea, Music Network
- Róisín McGarr, Ionad Ealaíon an Axis
- Rosaleen Molloy, Comhairle Contae Loch Garman
- Siobhán Mulcahy, Comhairle Contae an Chláir
- Anthony Newsome, Introart
- Helen O' Donoghue, Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
- Jason O'Mahony, Samhlaíocht
- Jane O'Rourke, CREATE
- Niamh Ryan agus Orla Scannell, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
- Mary Shine Thompson, St. Patrick's College
- Jenny Siung, Chester Beatty Library
- Sarah Tuck, CREATE

Ina theannta sin, rinneadh dréachtleagan de Chlár Ábhar an achoimre a scaipeadh le plé a dhéanamh air ag díospóireacht ghrúpa, a tionóladh sa Chomhairle Ealaíon i Meitheamh 2007, ar thopaic an taighde agus na healaíona san oideachas. Ba iad na daoine seo a leanas, nárbh as an gComhairle Ealaíon iad, a d'fhreastail ar an díospóireacht seo:

- Muireann Ahearne, The Ark Children's Cultural Centre
- Aidan Clifford, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Sharon Daly, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
- Dervil Jordan, An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha
- Fidelma Lyons, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Pat McSitríc, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Deirdre McCrea, Music Network
- Rhona McGrath, Comhairle Contae Shligigh
- Gerard McHugh, Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar
- Helen O' Donoghue, Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann
- Mary Shine Thompson, St. Patrick's College

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl chomh maith do Catherine Devitt, Sainchomhairleoir Taighde, Hibernian Consulting, agus Martin Drury, Sainchomhairleoir Ealaíon Neamhspleách, as ucht a gcuid oibre maidir le hullmhú na tuarascála seo.

Finbar McDonnell
Bainisteoir Tionscadail, Hibernian Consulting
Lúnasa 2007

Iarscríbhinn: Samplaí d'Ábhar nach n-Áirítear ag an Tráth Seo

Mhínigh réamhrá na tuarascála seo go raibh gá ann, toisc méid na hoibre a comhlíonadh ar ealaíon san oideachas, agus scóip an staidéir bhonnlíne, le paraiméadair a bhunú don achoimre ar thaighde. Rinneadh ábhar áirithe a eisiáimh ag an staid seo - d'fhéadfaí go mbeadh ábhar mar seo san áireamh sa todhcháí.

Chun réimse an ábhair nár cuimsíodh ag an staid seo a léiriú, déanann an iarscríbhinn seo roinnt samplaí a liostáil faoi gach catagóir lenar dearnadh ábhar ar bith a eisiáimh. Seo samplaí a tháinig chun solais nuair a bhí an tuarascáil á ullmhú. Níl an iarscríbhinn iomarcach ar chor ar bith i dtéarmaí na míreanna atá liostáilte. Níl cinnteacht ann go mbeadh fiúntas le háireamh na míreanna liostáilte ag tráth níos déanaí - bheadh gá le hathbreithniú a dhéanamh ar gach mír faoi seach sula ndéanfaí cinneadh ar bith.

Tuarascálacha Bliantúla/Pleananna Forbartha/Doiciméid Bheartais

An Chomhairle Ealaíon Pleananna agus Straitéisí, e.g. Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon - Cleachtais 2006-2008, An Chomhairle Ealaíon, Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon, 2005

Great Expectations, A Landmark and Unique Social Regeneration Plan for Fatima Mansions, Whyte, J., Baile Átha Cliath: Fatima Regeneration Board Ltd, 2005

Údarás Áitiúil Pleananna Ealaíne, e.g. *The Brightening Air, County Sligo Arts Plan 2002-2005*, ar fáil ag suíomh gréasáin Udarás Áitiúil Shligigh www.sligoarts.ie, 2005

Páipéir Bhána agus Páipéir Ghlasa Náisiúnta, e.g. *Access and Opportunity*, Páipéar Bán ar Bheartas Cultúrtha, An Roinn Ealaíon agus Cultúir, 1987

Ailt agus Aistí in Iriseáin agus Irisleabhair

'A is for Arts: A Supplement on Arts Education' in *Circa Magazine*, Baile Átha Cliath: Circa, uimh. 89, 1999

'Education for Theatre: Towards Equality of Opportunity', Morgan, J. sa *Journal of the Irish Theatre Forum*, Eagrán 3, Imleabhar 2, 1998

The Adult Learner, *Journal of Adult and Community Education*, 1999; *Adult Education and the Arts*, Baile Átha Cliath: Aontas, 1999

Guth agus Tuairim, Various Editions, APVC (Cumann Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí na nGairmscoileanna agus Scoileanna Pobail)

Caibidlí i bhFoilseacháin Níos Toirte

'Choral Music in Schools' i *Cork International Choral Festival 1954-2004: A Celebration*, Fleischmann, R., Corcaigh: Glen House Press, 2004

'Education and Training' i *Access all Areas: Irish Music, An International Industry (The Forte Report)*, Tuarascáil don Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta, Baill an Tascfhórsa, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1998

03

'Music Education' i *The Piano Report, Report to the Minister for Arts, Culture and the Gaeltacht on the Provision and Institutional Arrangements Now for Orchestras and Ensembles*, O'Connor, J., J. Horgan, L. Keating, J. Kinsella, G. O'Grady, An Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1996

'Theatre in Ireland', Clancy, P., T. Brannick, D. MacDevitt agus A. O'Connell (Tionscadal taighde stiúrtha ag an gClár Taighde Ghnó, An Scoil Chéimithe Ghnó, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i gcomhar le Coopers and Lybrand agus Lybrand Corporate Finance) i *Views of Theatre in Ireland 1995*, An Chomhairle Ealaíon, Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon, 1995

Páipéir/Imeachtaí Comhdhála

The Arts in Education, A Report by the Education Committee, Cumann Múinteoirí Éireann (INTO), 1989

The Right to Read, The Development of Partnership Strategies for the Promotion of Literacy in the Community, Imeachtaí na Comhdhála Lae eagraithe ag an gComhairle Leabharlainne i 1995, An Chomhairle Leabharlainne, 1997

The Full Circle Seminar, Walsh, K., Ionad Múinteoirí Chorcaí, 1988

Tuarascálacha ó Chomhdhálacha e.g. *Waiting in the Wings, Report of Conference on Drama in Education for Primary and Post-primary Teachers*. White, J., National Association for Youth Drama (NAYD), 1994

Ábhair Dhoiciméadach/Phoibliochta

Beneath the Surface; A Book from the Trading Places/CREATE Project. A Kids' Own Project. Exploring Creativity through Arts, Technology in Education. Kids' Own, Sligeach: Kids' Own, 2006

Creative Reverie, Meeting the Person as an Artist, White, M., Maigh Eo: Comhairle Contae Mhaigh Eo, 2002

ID: *Midlands Identity Confidence Ideas Pride Individualism*, Brett, H. (comhordaitheoir) Oifigí Ealaíon Laoise, an Longfoirt, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí, 2005

Forthill Men's Group Playground Project, Artist in the Community, Coyle, M., Sligeach: Ionad Forbartha Shligigh, 2000

Treoiríní Praiticiúla, Lamhleabhair agus Eolairí

Na hEalaíona sna Scoileanna 2004 *Directory of Arts Council-Funded Organisations with arts-in-schools programmes*, An Chomhairle Ealaíon. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Ealaíon, 2004

Experience, Interaction, Independence Imleabhar 3. Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Moderate General Learning Disabilities, Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2002

03

Picture This! Looking at Art in the Hugh Lane Municipal Gallery of Modern Art Dublin, O'Connell, D., Baile Átha Cliath: Danlann Chathrach (Aodha Uí Laighin) Hugh Lane don Nua-Ealaín, Baile Átha Cliath, 1997

The Maugherow Project, Unwrapping Creativity: An intergenerational approach Pilot Phase 1998-2001, O'Connor, A. Sligeach: Oifig Ealaíon Shligigh, 2002

Young People Together: A Resource Pack for Young People, Ionad um Ealaíon Náisiúnta agus Míchumas, Baile Átha Cliath: An tIonad um Ealaíon Náisiúnta agus Míchumas, 1997

Tráchtas Iarchéime Neamhfhoilsithe

Tráchtas Mháistreacht agus Dhochtúireacht Neamhfhoilsithe

Ábhar Neamhfhoilsithe Eile

Evaluation Report 'Vogler Quartet in Sligo' Residency Programme 1999-2001, Clancy, A., Oifig Ealaíon Shligigh, 2003

Listening Ears, A Report on Private Schools of Music in Ireland, Phelan, H., 1997

Proposal for an Irish Academy of Performing Arts, Renshaw, P., Guildhall School of Music and Drama, 1999

Review of Music Provision in the City of Dublin, City of Limerick and Cork Vocational Education Committee Schemes, O'Brien, J., 2001

Foilsithe Deireadh Fómhair 2007 ISBN: 978-1-904291-34-3

The Arts Council/ An Chomhairle Ealaíon

70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland

70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire

t +353 1 618 0200

f +353 1 676 1302

Glaó sábhla 1850 392 492

e educationdigest@artscouncil.ie

w www.artscouncil.ie